Comhairle Contae County Council

Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

# Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht

## 2021-2025

### Athshlánú agus Athchóiriú an Dúlra agus Athcheangal leis





Iora Rua

D'ullmhaigh Rannóg Bithéagsúlachta Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an Plean seo.

Sliocht molta: Plean Gníomhaíochta Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin um Bithéagsúlacht. Foilsithe ag Comhairle Contae DLR, 2021.

Measúnacht Chuí: Rinneadh an scagadh Measúnachta Straitéisí Timpeallachta (SEA) don phlean gníomhaíochta DLR seo um Bithéagsúlacht agus tá sé i gcomhréir leis an bpróiseas mar atá molta sa treoirdhoiciméad ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil dar teideal Treoir SEA (2001/42/CE) a Chur i nGníomh: Éifeacht Pleananna agus Clár Áirithe ar an gComhshaol a Mheasúnú. (Samhain 2004), i gcomhréir le Sceideal 1 de SI435, agus baineann úsáid as na critéir scagtha mar a leagtar amach sa treoir Measúnachta Straitéisí Timpeallachta. Ullmhaíodh Tuarascáil Scagtha Measúnachta Cuí i gcomhréir le hAlt 6(3) de Threoir um Ghnáthóga AE (92/43/EEC). Cuirtear an Tuarascáil Scagtha Measúnachta Straitéisí Timpeallachta chomh maith leis an tuarascáil scagtha Measúnachta Cuí ar fáil ar ár suíomh gréasáin le Plean Gníomhaíochta DLR seo um Bithéagsúlacht.

> Is é lomchlár na fírinne nach raibh an méid céanna smacht cuimsitheach ag speiceas ar bith ar gach rud ar domhan, beo nó marbh, is atá againn faoi láthair.
>
> Cuireann sé seo freagracht mhillteanach orainn, cé acu is maith linn é nó nach maith. Ni hamháin ár dtodhchaí féin, ach todhchaí gach neach beo ar domhan linn atá ag brath orainn.
>
> David Attenborough
> *Life on Earth*



**Lettie McCarthy**
*Cathaoirleach DLR*




**Frank Curran**
*Príomhfheidhmeannach DLR*

# Réamhrá

Tá lúcháir orainn fáilte a chur roimh ár bPlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht 2021–2025 do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Tá cur i bhfeidhm an phlean seo lárnach inár ngealltanas chun bithéagsúlacht an chontae seo a athshlánú agus a athchóiriú in aghaidh na Géarchéime Aeráide agus Bitheolaíochta. Tá seantaithí againn ar na focail sin anois ach is iad ár ngníomhartha a léireoidh an dóigh ar oibríomar lena chéile chun cabhrú le meath bithéagsúlachta a chur i gceart, amhail caillteanas ár bpailneoirí. Taobh lenár bpobail, daoine aonair agus gnólachtaí áitiúla, atá ina gcuid ríthábhachtach den phlean seo, tá sé léirithe againn go dtig linn athrú a dhéanamh, tig linn na ceantair pailneoirí a fheiceáil anois ar fud na tíre – ar imeall na mbóithre, inár spásanna glasa, ag ionaid siopadóireachta, i ngarraithe, agus fiú ar phaitiónna agus ar bhalcóiní.

Le blianta anuas, bhí a fhios againn go bhfuil gá leis an mbithéagsúlacht dár gcuid folláine agus go bhfuil seans ann go mbeidh ár dtodhchaí i mbaol má leanann an meath bithéagsúlachta ar aghaidh. Aithnímid go bhfaighimid réimse leathan de chógais, bianna, ábhair agus earraí eile ón dúlra. Fíric atá níos tábhachtaí arís, ach nach bhfuil chomh soiléir chéanna, ná go gcuireann an bhitheagsúlacht seirbhísí ar fáil dúinn, agus murach iad ní bheimis in ann maireachtáil ar an bplainéad seo. I measc na seirbhísí seo tá glanadh an uisce, pailniú barr, scaipeadh síolta plandaí, srianadh lotnaidí, rialú galar agus feabhsú ár sláinte, chomh maith le go leor eile. Má táimid ag iarraidh na seirbhísí seo a bheith againn amach anseo, ní mór dúinn teacht ar bhealaí chun meath na bithéagsúlachta a sheachaint. Agus muid mar údarás áitiúil, déanfaimid an iarracht chéanna is a rinneamar do phailneoirí, dár gcórais abhainneacha a athchóiriú, ceantair chósta agus mara agus na gnáthóga agus speicis sin nach bhfeicimid mórán anois, amhail áilleacht ár bhféarthailte atá lán le magairlíní, ár bhfálta ilchineálacha, ár speicis éin atá i mbaol, ár ngráinneoga agus ár mbroic. Leis an bplean seo, tá súil againn seo a dhéanamh – gnéithe dár mbithéagsúlacht a athshlánú, a athchóiriú agus athcheangal a dhéanamh leo – agus gan dearmad a dhéanamh ar ár n-athcheangal féin leis an dúlra.

Ba mhian linn ár mbuíochas a ghabháil le gach duine a ghlac páirt i bpróiseas an chomhairliúcháin phoiblí, lena n-áirítear na ENRanna agus grúpaí leasmhara éagsúla, amhail Cairde Éanlaith Éireann, Faire Cósta na hÉireann, An Taisce, Cumann Reiptíleolaíochta na hÉireann, Líonra Comhpháirtíochta Poiblí, ár gComhairleoirí, baill an Ghrúpa Fóraim um Bithéagsúlacht, Oifigeach Bithéagsúlachta DLR agus an pobal i gcoitinne.



# Clár na nÁbhar


Réamhrá **4**

Sinne & an Bhithéagsúlacht **6**

  Réamhrá **7**

I dTreo an Athshlánaithe, an Athchóirithe agus an Athcheangail **13**

  Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht DLR 2021-2025 **14**

  An Dearcadh Domhanda **16**

An Bhithéagsúlacht & An tAthrú Aeráide **19**

  Tionchar an Athraithe Aeráide ar an mBithéagsúlacht **20**

  Ag tacú leis an mBithéagsúlacht in aghaidh an Athraithe Aeráide – Cad é is Féidir Linn a Dhéanamh **22**

Téamaí, Cuspóirí agus Gníomhaíochtaí an Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht DLR 2021-2025 **29**

  Bithéagsúlacht DLR **30**

  **TÉAMA 1:** Tuiscint níos doimhne a fháil ar bhithéagsúlacht ár gcontae **37**

  **TÉAMA 2:** Cinntí maithe a dhéanamh ar son na bithéagsúlachta **40**

  **TÉAMA 3:** Gníomhaíochtaí cumhachtacha a dhéanfaidh an bhithéagsúlacht a chosaint agus sinn féin **50**

  **TÉAMA 4:** Ceangal a chothú idir daoine agus dúlra agus todhchaí dearfach a spreagadh **56**

  **TÉAMA 5:** Ní neart go cur le chéile **60**

Aguisíní **63**

# Sinne & an Bhithéagsúlacht

## Seirbhísí Éiceachórais



# Réamhrá

## Cad é faoin spéir atá i gceist le Bithéagsúlacht?

Nuair a dhéantar cur síos ar chiall an fhocail 'bithéagsúlacht', bíonn réimse smaointe ag daoine maidir lena bhfuil i gceist leis[1], mar sin de bíonn éagsúlacht sna freagraí a thugtar ar 'Cad atá i gceist le Bithéagsúlacht?' Go bunúsach, cuimsíonn 'bithéagsúlacht' gach rud atá beo ar Domhan. An éagsúlacht atá sa nádúr, inár ngnáthóga, plandaí agus ainmhithe (sinne san áireamh) atá i gceist agus an t-idirnasc atá acu lena chéile. Is cuid de nádúr sinn agus tá dlúthbhaint idir gach rud sa nádúr.

Smaoinigh ar na speicis agus áiteanna éagsúla ar fad ar an bpláinéad mar a bheadh snáithíní in eangach iontu, agus dá mhéad snáithín atá fite fuaite le chéile, is ea is láidre an eangach. Agus an eangach níos láidre, is fearr is féidir leis an dúlra rudaí a chur ar fáil dúinn agus cabhrú linn le contúirtí ar nós an athraithe aeráide. Chun a thuilleadh a fhoghlaim faoi bhithéagsúlacht Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, féach, le do thoil, ar https://www.dlrcoco.ie/en/biodiversity.

Nuair a éiríonn speiceas díofa nó nuair a chailltear gnáthóg, imrítear tionchar ar an mbithéagsúlacht trí chéile agus in amanna imríonn na caillteanais bhithéagsúlachta tionchar ar speicis eile, ar ghnáthóga eile agus orainn féin.

Mar shampla, dá rachadh roinnt feithidí pailnitheacha in éag, d'fhéadfadh sé go rachadh seo i bhfeidhm ar chúrsaí agus go bhfeicimis fadhbanna le barra agus lenár soláthar bia, ach d'imreodh sé tionchar ar phlandaí fiáine freisin, agus tionchar féideartha ar fheithidí eile agus ar éin. Léiríonn sé seo an dóigh a gcuimsíonn bithéagsúlacht a lán idirnasc, agus an dóigh gur féidir le rud éigin atá ag dul i bhfeidhm ar speiceas nó gnáthóg amháin, tionchar a imirt ar go leor eile.

Má thagann athruithe ar ghnáthóga, nó ar an líon speiceas, mar thoradh ar ár gcuid gníomhaíochtaí, tagann caillteanais bhithéagsúlachta dá bharr seo agus athruithe ar an mbithéagsúlacht a théann chun tairbhe dúinn agus mar sin de, d'fhéadfadh sé go mbeimis ag fulaingt mar gheall air, in amanna ó thaobh airgid de agus in amanna ar bhealaí eile. In amanna, tagann na hathruithe seo de réir a chéile agus beidh na glúnta atá le teacht thíos leis – is féidir seo a fheiceáil go dtí pointe leis an athrú aeráide.




[1] Smit, J. (2014) Visitors' knowledge and understanding of biodiversity. Músaem Stair an Dúlra, Londain: tuarascáil neamhfhoilsithe.

## Cad chuige ar chóir Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht a chur le chéile?

Aithníodh caillteanas acmhainní nádúrtha an Domhain ag leibhéal idirnáisiúnta ag 'Cruinniú Mullaigh na Cruinne' 1992. Shínigh gach náisiúin ag an gcruinniú, Éire san áireamh, an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht. Iarradh, sa chéad Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht (2002-2006), ar gach Údarás Áitiúil Pleananna Gníomhaíochta Áitiúla um Bithéagsúlacht a dhéanamh. Is é sprioc na bpleananna seo ná cosaint agus tuiscint na bithéagsúlachta a chinntiú ag leibhéal an chontae (leibhéal áitiúil).

Luaitear cruthú Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht don chontae i bPlean Forbartha Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (DLR), Plean Gníomhaíochta um Áthrú Aeráide DLR, Plean Oidhreachta DLR, clár Gnó Áitiúil 21 DLR agus Plean Corparáideach DLR.



## Meath na Bithéagsúlachta

Cé nach mbíonn fonn ar an gcuid is mó againn dochar a dhéanamh don bhithéagsúlacht, tá iarmhairtí i saol laethúil na linne seo nach mbímid ag dúil leo a théann i bhfeidhm ar an mbithéagsúlacht agus ar na plandaí agus ainmhithe atá a roinneann an pláinéid seo linn. Is féidir le tionchair a bhfuil daoine daonna nó an nádúr mar chúis leo an bhithéagsúlacht a laghdú agus dá réir sin slite beatha agus maireachtáil an duine a chur i mbaol.

Le fiche nó tríocha bliain anuas, tá dlús curtha le tionchar na ndaoine ar an mbithéagsúlacht in Éirinn agus ar fud an domhain, agus tá méadú tagtha ar an méid dochair a dhéantar do ghnáthóga, ar chaillteanas speiceas, tiocfaidh laghdú ar an bhflúirse dúlra agus tiocfaidh díghrádú ar an timpealleacht (aer, uisce agus ithreacha) mar thoradh air seo.

Má leanaimidne, glúin na linne seo, lenár gcuid n-acmhainní nádúrtha a úsáid ar bhealach neamh-inbhuanaithe, le dochar a dhéanamh dár ngnáthóga nádúrtha, le speicis a chur i mbaol a ndíothaithe agus lenar bhfarraigí, aibhneacha agus ithreacha a thruailliú, fágfar timpeallacht lagaithe, dhíghrádaithe do na glúnta atá romhainn, comhshaol nach mbeidh in ann iad a chothú nó réimse leathan thairbhí a chur ar fáil dóibh.

Tar éis an tsaoil, ní féidir go mbeadh todhchaí fholláin, shona, rathúil ann do dhaoine ina mbeadh áeráid dhíchobhsaithe, aigéin agus aibhneacha ídithe, tailte díghrádaithe agus coillte folmha acu agus an bhithéagsúlacht imithe.

# An Bhithéagsúlacht mar a sheasann sí faoi láthair i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin

Is contae beag uirbeach sinn agus spás teoranta againn agus go leor brúnna ar an mbithéagsúlacht, ach ní hionann sin is a rá go bhfuil sé dodhéanta ár gcuid talún a bhainistiú níos fearr agus ceantair a athchóiriú don bhithéagsúlacht. Tá ceantair againn sa chontae a mbaintear úsáid astu ar mhaithe le foirgnimh, bóithre, páirceáil agus ar ndóigh tithe nua. Anois go bhfuil níos mó feasachta againn go gcaithimid cur leis an mbithéagsúlacht, rud a chabhraíonn linn dá réir sin, is féidir linn amharc ar bhealaí le cothromas a bhaint amach ar mhaithe leis an mbithéagsúlacht nó fiú le níos mó a chur léi.

Cailleadh ar a laghad 20% dár ngnáthóga nádúrtha don fhorbraíocht le 10 mbliana anuas. Is dócha gur meastachán faoi luach é seo. Tá iniúchadh fós le déanamh ar ár ngnáthóga agus speicis mhara chun tuiscint cheart a fháil ar na caillteanais inár dtimpeallacht mhara.


Tá roinnt dár suirbhéanna speicis curtha i gcrích ag DLR, mar shampla ar an Dobharchú, ach go dtí seo níl go leor eolais againn ar phobail ár speiceas talún chun na caillteanais a mheas mar is ceart. Is dócha, áfach, go léiróidh stádas na bithéagsúlachta in DLR an stádas náisiúnta speiceas. Ar bhonn náisiúnta, i measc na speicis a measadh, tá ceann amháin i ngach cúig speiceas i mbaol a dhíothaithe anseo.

Tá a lán oibre suirbhé le cur i gcrích chun tuiscint iomlán a fháil ar stádas ár mbithéagsúlacht faoi láthair. San idirlinn, beidh sé ríthábhachtach ár ngnáthóga agus speicis thábhachtacha a chosaint agus a athchóiriú trí gach beartas, plean (Plean Forbartha Contae) agus gníomhaíocht, lena n-áirítear leis an bPlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht DLR seo agus na tionscadail a thagann ó na gníomhaíochtaí atá ann.

## Meath ar an mBithéagsúlacht

Tuairiscíodh sa Living Planet Report de chuid an World Wildlife Fund (WWF)[2] in 2018 go raibh laghdú scanrúil de 60% tagtha ar líon na mamach, na n-éan, na n-iasc, na reiptílí agus na n-amfaibiach le 40 bliain anuas, agus baint acu ar fad le gníomhaíochta an duine.

In Éirinn, rangaítear níos mó ná 90% dár ngnáthóga faoi chosaint mar 'olc' nó 'uireasach' sa dóigh a bhfuil siad faoi láthair (gan trácht ar ár ngnáthóga nach bhfuil faoi chosaint). Ar an meán, meastar go bhfuil 20% de na speicis a ndearnadh suirbhé orthu i mbaol a ndíothaithe in Éirinn.


Dobharchú

[2] https://www.worldwildlife.org/pages/living-planet-report-2018

## Cad é mar a chabhraíonn an Bhithéagsúlacht linn?

Is é atá i gceist le **Caipiteal Nádúrtha** ná ár gcuid éiceachóras, speiceas, úruisce, talún, ithreacha, mianraí, aer agus ár bhfarraigí ar fad – ár stoc de nádúr. Is gnéithe iad seo den dúlra atá luachmhar, go díreach nó go hindíreach, do dhaoine agus don tír i gcoitinne. Bíonn siad luachmhar ar go leor bealaí, ach go príomha trí sheirbhísí a sholáthar dúinn, amhail bia, aer agus uisce glan, fuinneamh, adhmad, fóillíocht agus cosaint ó chontúirtí – agus tugtar **Seirbhísí Éiceachórais** ar na seirbhísí seo.

Rangaítear Seirbhísí Éiceachórais i gceithre chatagóir leathana:

- **seirbhísí soláthair**, amhail tairgeadh bia agus soláthar uisce;
- **seirbhísí rialaithe**, amhail rialachán aeráide nó rialachán tuilte;
- **seirbhísí tacaíochta**, amhail timthriallta agus tairgeadh ocsaigine; agus
- **seirbhísí cultúrtha**, amhail tairbhí spioradálta agus fóillíochta.

Gan amhras, tá an bhithéagsúlacht agus acmhainní nádúrtha mar bhonn taca faoi na seirbhísí éiceachórais seo. Tá na seirbhísí éiceachórais seo i mbaol mar gheall ar chailliúint leanúnach na bithéagsúlachta.


D'aithin Éire an luach a bhaineann leis an mbithéagsúlacht a chosaint tríd an *bPlean Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2017-2021.* I bPlean Gníomhaíochta úr um Bithéagsúlacht DLR 2021-2025, leagtar amach gníomhaíochtaí a dhéanfar atá dírithe ar ár mbithéagsúlacht agus éiceachórais a chaomhnú agus a athchóiriú, rud a dhéanfaidh an comhtháthú de chosaint na seirbhísí éiceachórais i gcinnteoireacht agus i mbeartas DLR a neartú.


Nuair a aithnítear gurb ann do sheirbhísí luachmhara éiceachórais mar gheall ar an mbithéagsúlacht (agus aithníodh an luach eacnamaíoch a bhaineann leo go dtí le déanaí), is léir arís an tábhacht a bhaineann lenár mbithéagsúlacht a chosaint, leis an mbithéagsúlacht a chomhtháthú inár gcuid cinnteoireachta agus le bealaí níos inbhuanaithe a aimsiú chun ár mbithéagsúlacht agus éiceachórais a bhainistiú. Ní hionann luach na bithéagsúlachta agus an costas atá uirthi, áfach, agus cuireann an bhithéagsúlacht i bhfad níos mó ar fáil dúinn ná luach airgeadais nó luach eacnamaíoch.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar sheirbhísí éiceachórais, féach ar ár suíomh gréasain, le do thoil: https://www.dlrcoco.ie/en/biodiversity/natural-capital-and-ecosystem-services.

# Seirbhísí Éiceachórais

## Cad é mar atá an Bhithéagsúlacht ag cabhrú linn






Gabhláin Ghainimh ag neadú ar aillte

# I dTreo an Athshlánaithe, an Athchóirithe agus an Athcheangail



Táimid ag bogadh anois go tréimhse ina mbeimid ag smaoineamh ar an dúlra a 'athshlánú' in ionad an chuid atá fágtha a chosaint amháin. Is iad athshlánú agus athchóiriú an dúlra agus athcheangal le croíspriocanna an Phlean seo.

# Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht DLR 2021-2025

Aithníonn DLR go bhfuil go leor dúshlán ann roimh áiteanna uirbeacha i gcomhthéacs na bithéagsúlachta agus ní mór dúinn an bhithéagsúlacht a leathnú, a fheabhsú agus ceangail a chothú léi chun athléimneacht an tírdhreacha maidir leis an athrú aeráide a fheabhsú, chun réitigh nádúrtha a sholáthar le carbón a laghdú agus riosca tuilte a bhainistiú, agus chun éiceachórais riachtanacha a choinneáil ag dul, amhail sláinte ithreach feabhsaithe, uisce glan agus aer glan. Tabharfaidh seo an deis dúinn, freisin, tairbhe a bhaint as an dúlra san áit a gcuirimid fúinn, a n-oibrímid agus a mbímid ag súgradh, agus ceangal a dhéanamh leis an dúlra, rud a chuirfidh lenár sláinte agus lenár gcuid folláine.

Glacadh san áireamh nuair a scríobhadh Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht DLR: Straitéis Bithéagsúlacht an AE 2030, an Creat um Bithéagsúlacht Dhomhanda (an chéad dréacht) tar éis 2020 de chuid Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht,[3] agus an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2017-2021, chomh maith leis na pleananna agus na beartais eile a leagtar amach anseo.

## I dTreo an Athshlánaithe

Tá an AE tiomanta do sprioc an Choinbhinsiúin um Bithéagsúlacht "le cinntiú faoi 2050 go mbeidh gach éiceachóras ar domhan athshlánaithe, athléimneach agus cosanta a dhóthain".

San idirlinn, tá sé mar sprioc ag an AE "a chinntiú go bhfuil bithéagsúlacht na hEorpa ag dul i dtreo an athshlánaithe faoi 2030".

Tá DLR tiomanta chun an meath ar an mbithéagsúlacht a chur ina cheart arís trí ghníomachtaí an phlean seo. Tá tús curtha le roinnt gníomhaíochtaí cheana fein, agus ár gceantar pailnithe á bhforbairt agus an feachtas 'Slow to Mow', a bhfuil de chuspóir acu dul i ngleic le cailliúint ár gcuid pailneoirí. Tá gníomhaíochtaí eile leagtha amach sa phlean seo dírithe ar athshlánú na n-éiceachóras, amhail ár ngnáthóga, aibhneacha, bogaigh agus ceantair mhara, lena n-áirítear gnáthóga agus speicis nach bhfacamar le roinnt bliana anuas. Beidh dúshláin romhainn maidir le ceantair atá ar fáil don athshlánú seo agus beidh orainn a bheith nuálach, ach beidh tógáil talún de dhíth agus acmhainní chun na tionscadail seo a mhaoiniú. Ní mór dúinn a bheith réidh le fiosrú cén dóigh le spás a thabhairt don dúlra agus tionchair ghníomhaíochtaí na ndaoine a laghdú air.

[3] https://www.cbd.int/article/draft-1-global-biodiversity-framework

## Athchóiriú

Aithníonn Straitéis um Bithéagsúlacht an AE go mbeidh gníomhaíochtaí suntasacha athshlánaithe de dhíth chun na blianta de chaillteanas na bithéagsúlachta a chur ina cheart. San áireamh leis an athchóiriú seo, beidh, mar shampla: creat dlí an AE don athchóiriú dúlra a neartú; dúlra a thabhairt ar ais go talamh talmhaíochta; dul i ngleic le tógail talún agus éiceachórais ithreach a athchóiriú; líon na bhforaoisí a mhéadú agus a gcuid sláinte agus athléimneacht a fheabhsú; éiceachórais úruisce a athchóiriú; truailliú a laghdú; agus dul i ngleic le speicis choimhthíocha ionracha.

Molfar spriocanna AE maidir le hathchóiriú dúlra a mbeidh ina gceangal dlí in 2021, faoi réir measúnachta tionchair.


Is é an chéad chéim inár dtionscadail athshlánaithe a fhorbairt ná ceantair ar fud an chontae a aithint ar féidir iad a athchóiriú agus tá sé seo mar bhonn taca faoi ghníomhaíochtaí an Phlean. Beidh gá le tacaíocht ónár bpobail áitiúla, pobal gnó agus bainisteoirí talún le haghaidh na dtionscadal a bheidh á bhforbairt againn. Cuireadh tús lenár gcuid oibre ar speicis choimhthíocha inár n-abhantracha le roinnt suirbhéanna agus tionscadail chóireála, amhail cóireáil d'Ollfheabhráin in abhantracht Charraig Mhaighin agus cóireáil de Ghlúineach Bhiorach ar an Dothra i gcomhair le húdaráis áitiúla eile agus Uisce Éireann.

## Athcheangail

Tá sé mar sprioc ag Straitéis um Bithéagsúlacht an AE ná líonra na gceantar atá faoi chosaint a leathnú amach agus "líonra comhtháite na gceantar atá faoi chosaint" a bhunú. Is é an sprioc ná go mbeidh ar a laghad 30% den talamh (méadú de 4%) agus 30% den fharraige (méadú de 19%) faoi chosaint agus nasctha trí chonairí éiceolaíocha mar chuid de líonra ar fud na hEorpa. Baineann bonn ár gcuid oibre athcheangail in DLR lenár Líonra Éiceolaíoch Contae, atá mar chuid dár ngníomhartha freisin.

Tá an dara ciall le 'Athcheangal' anseo in DLR freisin, mar go bhfuil sé mar sprioc againn daoine a athcheangal leis an dúlra, chun spreagadh a thabhairt dár bpobail áitiúla chun baint a bheith acu leis an mbithéagsúlacht ina gceantar féin agus níos faide i gcéin. Tá sé de chuspóir againn a bheith rannpháirteach lenár bpobail áitiúla agus tacaíocht a thabhairt dóibh áit ar bith is féidir.

**I STRAITÉIS UM BITHÉAGSÚLACHT AN AE, LEAGTAR AMACH SPRIOCANNA UAILLMHIANACHA AGUS GEALLTANAIS DO 2030 CHUN ÉICEACHÓRAIS SLÁINTIÚLA AGUS SEASMHACHA A BHAINT AMACH, MAR SHAMPLA:**




*(Straitéis Bithéagsúlachta an AE do 2030, AE 2020)*

# An Dearcadh Domhanda

## Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúalcht

Sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, tugadh aghaidh ar an mbithéagsúlacht a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe, chomh maith leis na tairbhí a thagann ón úsáid seo a roinnt le stáit cheannasacha agus pobail áitiúla. I mí an Mheithimh 1992, ag Cruinniú Mullaigh na Cruinne in Rio de Janeiro, an Bhrasaíl, ghlac níos mó ná 178 tír le Clár 21, plean gníomhaíochta cuimsitheach chun comhpháirtíocht dhomhanda a thógáil ar maithe le forbairt leanúnach chun saol daoine a fheabhsú agus an comhshaol a chaomhnú. Is sínitheoir í Éire don Choinbhinsiún seo.

Rud atá tabhachtach, tá an coinbhinsiún ina cheangal de réir dlí; ní mór do na tíortha atá ina mball ('Páirtithe'), a chuid forálacha a chur i bhfeidhm. Glactar leis an bPlean um Bithéagsúlacht DLR seo mar chuid den chinntiú go bhfuil Éire ag comhlíonadh a cuid ceangaltas faoin gCoinbhinsiún.

In 2015, shínigh gach Ballstát de chuid an Náisiúin Aontaithe na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) atá ina n-éileamh ar ghníomh do gach tír - forbartha agus atá i mbéal forbartha - i gcomhpháirtíocht dhomhanda. Aithníonn siad nach mór do dheireadh a chur leis an mbochtanas agus le ganntanais eile tarlú in éineacht le straitéisí a dhéanfaidh sláinte agus oideachas a fheabhsú, neamhionannas a laghdú, agus fás eacnamaíocht a spreagadh - fad atáthar ag dul i ngleic leis an athrú aeráide agus ag obair chun an mbithéagsúlacht a chaomhnú.



15 LIFE ON LAND

## PROTECT, RESTORE AND PROMOTE SUSTAINABLE USE OF TERRESTRIAL ECOSYSTEMS, SUSTAINABLY MANAGE FORESTS, COMBAT DESERTIFICATION, AND HALT AND REVERSE LAND DEGRADATION AND HALT BIODIVERSITY LOSS

### MORE THAN A QUARTER OF SPECIES ASSESSED BY THE IUCN RED LIST ARE THREATENED WITH EXTINCTION

PROPORTION OF SPECIES THREATENED WITH EXTINCTION

| AMPHIBIANS | CONIFERS | REEF-BUILDING CORALS | MAMMALS | BIRDS |
|---|---|---|---|---|
| 41% | 34% | 33% | 26% | 14% |

IUCN RED LIST

TRACKS DATA ON MORE THAN 134,400 SPECIES OF MAMMALS, BIRDS, AMPHIBIANS, REEF-BUILDING CORALS AND CONIFERS. MORE THAN 37,400 SPECIES ARE THREATENED WITH EXTINCTION.

### PROGRESS HAS BEEN MADE TOWARDS SUSTAINABLE FOREST MANAGEMENT

BUT THE WORLD HAS LOST 100 MILLION HECTARES OF FOREST IN TWO DECADES (2000-2020)


### PROGRESS TO SAFEGUARD KEY BIODIVERSITY AREAS HAS STALLED OVER THE LAST 5 YEARS

GLOBAL MEAN PERCENTAGE OF EACH KEY BIODIVERSITY AREA COVERED BY PROTECTED AREAS (2021)

- 43% TERRESTRIAL
- 42% FRESHWATER
- 41% MOUNTAIN

### ALMOST ALL COUNTRIES HAVE ADOPTED LEGISLATION FOR PREVENTING OR CONTROLLING INVASIVE ALIEN SPECIES

INVASIVE ALIEN SPECIES NEGATIVELY AFFECT NATIVE BIODIVERSITY AND COST THE GLOBAL ECONOMY BILLIONS OF DOLLARS ANNUALLY.





Cadhan

# An Bhithéagsúlacht & An tAthrú Aeráide



> Tá an eolaíocht soiléir – géaróidh an t-athrú aeráide laghduithe sa bhithéagsúlacht.

# Tionchar an Athraithe Aeráide ar an Bhithéagsúlacht

Rachaidh an tAthrú Aeráide i bhfeidhm ar gach earnáil, lena n-áirítear Talmhaíocht, Bithéagsúlacht, Iascaigh, Foraoiseacht, Fuinneamh, Uisce, Turasóireacht, an Timpeallacht Thógtha agus Sláinte Daonna. Léiríodh go bhfuil acmhainní nádúrtha (bithéagsúlacht agus iascaigh) agus an t-infreastruchtúr tógtha (ceantair chósta san áireamh) ar na hearnálacha is leochailí maidir leis an athrú aeráide. (Coll agus Sweeney, 2013)[4]. Bíonn tionchair indíreacha ag an athrú aeráide ar bhithéagsúlacht na hÉireann trína idirghníomhú le strusairí eile, go háirithe ilroinnt agus caillteanas ghnáthóg; róshaothrú; truailliú aeir, uisce agus ithreach; agus scaipeadh speicis choimhthíocha ionracha. Tá go leor fianaise ann nach bhfuil gnáthóga díghrádaithe chomh seasmhach céanna in éadan tionchair an athraithe aeráide agus nach mbíonn an cumas céanna acu na seirbhísí éiceachórais, ar a bhfuil daoine ag brath, a sholáthar. Is cosúil go mbeidh iarmhairtí sóisialta, cultúrtha agus eanamaíocha suntasacha agus go minic diúltacha ag athruithe ar éiceachórais mar thoradh ar an athrú aeráide.

Ag leibhéal an speicis, i measc na n-athruithe a chonacthas agus iad nasctha leis an athrú aeráide, tá athruithe a bhaineann le feineolaíocht (uainiú imeachtaí séasúracha). Tá athruithe le feiceáil le go leor éan agus feithidí, amhail an imirce, ubh-bhreith agus pórú ag tosú níos luaithe.

## Cabhraímis leis an mbithéagsúlacht a chur in oiriúint don athrú aeráide

Is dúshlán é an t-oiriúnú bithéagsúlachta don athrú aeráide nuair atá brúnna eile ag dul i bhfeidhm ar an mbithéagsúlacht freisin, mar sin de tá gá le dul i ngleic leis na baoil sin don bhithéagsúlacht. Mar fhreagairt ar an mbagairt atá i gceist leis an athrú aeráide, sainaithníodh réimse prionsabal chun oiriúnú ar maithe le caomhnú na bithéagsúlachta a threorú (Mitchell *et al.*, 2007). Tá na prionsabail seo curtha isteach le gníomhartha an Phlean seo.

Ní thitfidh na tionchair a bhaineann le hathrú aeráide amach leo féin; ach tiocfaidh athruithe arna treorú ag an aeráid i dteannta le brúnna atá ar ár mbithéagsúlacht agus córais nádúrtha cheana agus déanfaidh siad an scéal níos measa. Mar sin de, tá sé tabhachtach go dtuigimid an t-idirghníomhú seo chun bearta agus gníomhartha a chur inár gcuid pleananna agus beartais chun an bhithéagsúlacht agus na seirbhísí éiceachórais a chosaint.

Tá gníomhartha atá dírithe ar dhul i ngleic le tionchair an athraithe aeráide i measc na ngníomhartha sa Phlean seo. Tar éis an tsaoil, táimid ag brath ar an mbithéagsúlacht agus na seirbhísí éiceachórais, ní hamháin le maireachtáil, ach leis an aeráid a rialú trí chabhrú linn in éadan an athraithe aeráide agus tarluithe adhaimsire.

[4] Coll, John and Sweeney, John (2013) Current and future vulnerabilities to climate change in Ireland: (2010-CCRP-DS-2.3) End of Project Report. Technical Report. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA).

Comhairle Contae County Council

# Bhithéagsúlacht agus Athrú Aeráide

## Ag cur as do chlog an nádúir

Athraíonn teacht luath an earraigh saolré go leor plandaí a chuireann bia agus gnáthóga ar fáil do speicis eile.

Tarlaíonn **Ilroinnt gnáthóige** nuair a bhristear tírdhreacha nádúrtha suas le forbraíocht, amhail bóithre, a scarann conairí éiceolaíocha.

Beidh strus ar chrainn agus ar choillte mar thoradh ar **aeráid atá ag athrú** agus beidh méadú sa seans go mbeidh mortlaíocht fhorleathan ann mar gheall ar bhaol ó fheithidí agus galair.

Tarlaíonn **Mí-oiriúnuithe feineolaíochta** nuair a athraíonn saolréanna speicis spleácha agus nuair nach dtagann siad lena chéile a thuilleadh, e.g. baineann boilb buaic amach ó thaobh uimhreacha de sula dtagann sicíní spleácha amach.

D'fhéadfadh sé go dtiocfaidh **iomaíocht le haghaidh** acmhainníidir speicis eile as an athrú aeráide chomh maith le ráigeanna foirgeachta is mó agus is minice.

Ní bheidh go leor speiceas in ann **oiriúnú** tapa go leor d'athruithe ina **dtimpeallacht**.

## Athruithe raonta

D'fhéadfadh sé go dtiocfaidh cúngú raonta as an athrú aeráide nuair a chrapann gnáthóga atá teoranta cheana níos mó fós.

Tá go leor éiceachóras leochaileach do Thionchar ón Insreabhadhf **Speicis Choimhthíocha Ionrachaagus** galair.

## Scriosadh Gnáthóige

In éiceachórais féarthalún, is féidir go ndéanfaidh an luaineacht idir triomach agus tuilte dochar don líon beag féarthailte nádúrtha atá saibhir ó thaobh magairlíní de.

Is féidir le **Stoirmeacha foirneacha** agus ardú i leibhéal na mara brú a chur ar an gcósta.

I ngeall ar an athrú aeráide bíonn **fás algai** i ngnáthóga a bhíonn faoi bhagairt freisin ag an ró-iascaireacht, truailliú, agus draenáil bogaigh.

## Caomhnú & Oiriúnú

**Cosaint -** maidir lenár ngnáthóga agus speicis thábhachtacha dhomhanda agus mhuirí

**Ceangal -** conairí fiadhúlra, bealaí éisc, bain tóchair nuair is féidir agus déan tuilleadh ceangal a chruthú.

**Athchóirigh -** éiceachórais, amhail gnáthóga aibhneacha, bogaigh agus gnáthóga agus speicis thábhachtacha eile.

www.dlrcoco.ie

# Ag tacú leis an mBithéagsúlacht in aghaidh an Athraithe Aeráide – Cad é is Féidir Linn a Dhéanamh

## 1 Ceantair faoi Chosaint agus gnáthóg a agus speicis eile d'ardchaighdeán a Chaomhnú

Réimse de gnáthóga agus speicis atá éagsúil ó thaobh na héiceolaíochta de a chaomhnú. Braithfidh saibhreas na bithéagsúlachta amach anseo, go háirithe i ndomhan atá ag athrú, ar an mbithéagsúlacht a chaomhnaímid inniu den chuid is mó.

## 2 Ullmhú do mhór-achrann

Beidh achrann nádúrtha, amhail tuilte, dóiteáin foraoise agus athruithe i gcothaitheach talún ag tarlú níos rialta sna blianta atá romhainn mar thoradh díreach ar an athrú aeráide. Tá sé tábhachtach cur chuige oiriúnaitheach a ghlacadh atá onnghníomhach, agus tá sé ríthábhachtach chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú ullmhúchán níos fearr a bheith ann maidir leis na mórshuaití seo. I measc na mbuntaistí a bhaineann le cur chuige oiriúnaitheach, onnghníomhach mar seo tá cumas níos fearr freagairtí bainistíochta ar mhórshuaite nádúrtha a thabhairt chomh maith le laghdú ar na rioscaí go rachaidh na freagairtí seo i bhfeidhm ar an mbithéagsúlacht.

## 3 Foinsí dochair nach mbaineann leis an aeráid a laghdú

Is baol amháin é an t-athrú aeráide don bhithéagsúlacht i measc go leor baol. Agus foinsí eile dochair á laghdú, amhail caillteanas gnáthóg nó truailliú, cabhróidh sé seo le córais nádúrtha a mbithéagsúalcht a choinneáil in aghaidh an athraithe aeráide.

## 4 Tírdhreacha ilchineálacha agus athléimneacha ó thaobh na héiceolaíochta de a fhorbairt

Éagsúlacht áitiúil i speicis agus gnáthóga a chaomhnú agus a fheabhsú. Ilchineálacht éiceachórais talún, úruisce agus mara, maidir le gnéithe fisiciúla agus gnáthóga, a choinneáil ag dul. Tiocfaidh méadú leis seo ar an dóchúlacht go mbeidh speiceas nach bhfuil in ann maireachtáil sa ghnáthóg ina bhfuil siad mar gheall ar athruithe sa ghnáthóg, go mbeidh siad in ann scaipeadh go háitiúil go gnáthóg fhabhrach úr.

- Spás a chruthú do cheantair nádúrtha, amhail gnáthóga bruachánacha agus bogaigh thart ar ár n-aibhneacha agus cóstaí.
- Athcheangal a dhéanamh leis an tírdhreach ar fud na tíre chun tacú le gnéithe seasmhacha agus chun ceangail nua a chothú. Líonraí éiceolaíochta a fhorbairt ar bhealaí a gcuireann an athléimneacht maidir leis an athrú aeráide chun cinn agus mar sin de a chinntíonn a luach fad-téarmach.
- Éiceachórais atá díghrádaithe a athchóiriú sa dóigh is go mbeidh níos mó athléimneachta iontu.
- Beart sciobtha a dhéanamh chun an scaipeadh speicis choimhthíocha ionracha a rialú.

## 5 Cinntí stuama a dhéanamh bunaithe ar shonraí eolaíochta, suirbhéanna, anailís agus an cleachtas is fearr

Tá go leor fianaise ann a leiríonn an tábhacht a bhaineann le sonraí chun tacú le cinnteoireacht a bhaineann leis an mbithéagsúlacht. Le tuiscint ar threo agus méid na bhfreagairtí éiceolaíochta ar an athrú aeráide, bíonn pobail daoine in ann a bheith ag súil leis na hathruithe seo agus rudaí a chur in oiriúint de réir mar is gá.

## 6 Monatóireacht a dhéanamh ar bhearta oiriúnaithe don bhithéagsúlacht

- Ní mór dúinn oiriúnú maidir leis an athrú aeráide don bhithéagsúlacht a chur san áireamh sa phróiseas cinnteoireachta do phleananna agus beartais, do bhainisteoirí talún agus comhairleoirí bainisteoirí talún, chun carbón a leithlisiú agus a stóráil sa bhithsféar talún agus bainistíocht níos fearr á déanamh ar an talamh. Mar shampla, coillte dúchasacha agus coillte bruachánacha a bhunú agus athfhásrú a dhéanamh ar cheantair talún. Tá criosú straitéiseach d'úsáidí talún de dhíth leis seo.
- Tá sé tábhachtach chun Réitigh Nádúrbhunaithe a chur ar fáil nach mbíonn drochthionchar ar ghnáthóga agus speicis luachmhara. Mar shampla, níor chóir go mbeadh aon chailliúint bithéagsúlachta i gceist mar gheall ar fhorbairt slite rothair nua agus níor chóir go mbeadh na slite rothair lonnaithe i gconairí fiadhúlra, nó róghar dóibh; ba chóir 30m de chrios maolánach a bheith idir slite rothair agus conairí fiadhúlra i gcónaí.

## 7 Comhpháirtíochtaí a spreagadh agus tacú leo

- **comhpháirtíochtaí a chothú agus a neartú.** Ba chóir go mbeadh comhpháirtíochtaí idir na hearnálacha poiblí agus príobháideacha mar chuid bhunúsach ón tús den phróiseas straitéisí oiriúnaithe maidir leis an athrú aeráide don bhithéagsúlacht a fhorbairt.
- **feasacht a mhéadú sa tsochaí maidir le tairbhí na timpeallachta nádúrtha.** Má thuigtear go forleathan go rachaidh an t-oiriúnú don bhithéagsúlacht chun tairbhe do dhaoine aonair, pobail agus gnólachtaí, beidh éileamh ann agus tacaíocht don chur i bhfeidhm. Ba chóir dó seo tógáil ar chórais éiceachórais a aithint.[5]

## 8 Bearta oiriúnaithe agus maolaithe a chomhtháthú le bainistíocht, pleanáil agus cinnteoireacht.


Ní mór don pholasaí oiriúnaithe ar fud gach earnála a bheith bunaithe ar dhúshraith éiceachórais atá sláintiúil agus athléimneach. Bíonn dearcadh éagsúil ag earnálacha éagsúla sa tsochaí ar an mbithéagsúlacht, ag brath ar a gcuid riachtanas eacnamaíocha, cultúrtha agus sochaíocha féin. Tá an bhithéagsúlacht ríthábhachtach, don luach atá inti féin agus freisin mar gheall ar an ról lárnach atá aici chun na seirbhísí éiceachórais ar a bhfuilimid ar fad ag brath a sholáthar.

Tá gá le:

- **bearta oiriúnaithe agus maolaithe a chomhtháthú.**
  Féadann caomhnú na bithéagsúlachta cur le bainistíocht carbóin; mar shampla, trí thalamh portaigh a athchóiriú nó coillte dúchasacha a bhunú. Níor chóir don mhaolú dochar a dhéanamh don bhithéagsúlachta agus ba chóir go n-aithneofaí deiseanna don bhithéagsúlacht, agus ar an gcaoi sin, cur leis an oiriúnú.
- **polasaí agus cleachtas a chomhtháthú thar earnálacha eacnamaíocha ábhartha**
- Ba chóir go mbeadh nasc soiléir idir bearta oiriúnaithe agus na tairbhí níos forleithne a thagann leo.

[5] Mitchell, R.J., Morecroft, M.D., Acreman, M., Crick, H.Q.P., Frost, M., Harley, M., Maclean, I.M.D., Mountford, O., Piper, J., Pontier, H., Rehfisch, M.M., Ross, L.C., Smithers, R.J., Stott, A., Walmsley, C.A., Watts, O. agus Wilson, E. (2007). England biodiversity strategy – towards adaptation to climate change. Tuarascáil go Defra (CRO327).

# Cad is féidir le DLR a dhéanamh chun cabhrú le Bithéagsúlacht i bhfianaise Athrú Aeráide?




Faisnéis bhithéagsúlachta a mhapáil agus cinntí fónta a dhéanamh bunaithe ar shonraí agus ar anailís eolaíochta

Líonraí éiceolaíochtaí a bhunú trí ghnáthóga a chosaint, a athchóiriú agus a chruthú Agus cinntí fónta a dhéanamh bunaithe ar shonraí agus ar anailís eolaíochta



Tírdhreacha ilchineálacha agus athléimneacha ó thaobh na héiceolaíochta de a fhorbairt

Ag obair le pobail agus eagraíochtaí chun ár limistéir nádúrtha agus éicheachórais atá ann cheana a chosaint, a athchóiriú agus a fheabhsú.






## Foinsí dochair nach mbaineann leis an aeráid a laghdú

Foinsí dochair nach mbaineann leis an aeráid a laghdú Tá sé mar aidhm ag DLR aghaidh a thabhairt ar bhagairtí amhail suaitheadh ag gnáthóga íogaire éan nó leathadh speiceas ionrach.

dlr
Comhairle Contae County Council

## Comhpháirtíochtaí a chothú agus a neartú

Bímid ag obair i gcomhar le húdaráis áitiúla eile, ENRanna, Bithsféar Bhá Bhaile Átha Cliath agus eile chun gabháil do shuirbhéanna agus do thionscadail níos leithne.



## Monatóireacht

Measúnú a dhéanamh ar na bearta a ghlacaimid agus cibé acu is fearr a d'oirfeadh a aithint.

Roinnt samplaí:

- Suirbhéanna monatóireachta maidir le speicis plandaí neamhchoitianta,
- Measúnú fáil sceach agus suirbhéanna reachta
- agus suirbhéanna clibeála speiceas.

## An bhithéagsúlacht atá ann cheana a chaomhnú




Tá roinnt láithreán náisiúnta agus idirnáisiúnta ann do dhúlra a chaomhnú a chabhraíonn DLR lena gcosaint. Tá limistéir ainmnithe leasa áitiúla freisin ag DLR a thugtar 'Láithreáin Bhithéagsúlachta TábhachtaíÁitiúla' orthu.

## Bearta oiriúnaithe agus maolaithe a chomhtháthú le bainistíocht, pleanáil agus cleachtas

Tionscadal Caomhnaithe na Geabhróige Oileán Dheilginse DLR





Ní mór dúinn a chinntiú go ndéantar drochthionchair ar an mbithéagsúlacht a sheachaint le gach iarracht maolaithe agus oiriúnaithe, Réitigh Nádúrbhunaithe san áireamh.

## Má chabhraímid leis an mbithéagsúlacht, rachaidh sé chun tairbhe dúinne

Beidh buntáistí móra ann don tsochaí, maidir le seirbhísí éiceachórais agus oiriúniú an duine don athrú aeráide araon, má chabhraímid leis an mbithéagsúlacht a chur in oiriúint don athrú aeráide. Cuireann an bhithéagsúlacht agus éiceachórais go leor seirbhísí riachtanacha ar fáil don tsochaí , rudaí a bheidh níos tábhachtaí arís agus an aeráid ag athrú. Beidh tairbhí iarmhartacha don tsochaí ag go leor de na bearta chun an bhithéagsúlacht a chosaint, a athchóiriú agus a fheabhsú, amhail: tairbhí a bhaineann le cosaint ar thuilte, rialú aeráide, leithlisiú carbóin, turasóireacht agus fóillíocht. Mar gheall ar luas agus scála an athraithe aeráide, ní mór dúinn gníomhú anois.

Is féidir leis an mBithéagsúlacht, trí na héiceachórais lena dtacaíonn sí, cur go mór le drochthionchair an athraithe aeráide a laghdú (CBD Secretariat, 2016)6. Mar shampla, is féidir le gnáthóga amhail bogaigh ag Baile Mic Fheorais; coillte ag Baile Mhaoileachlainn; agus riasca ag Baile an Bhóthair cabhrú le héifeachtaí an athraithe aeráide a mhaolú ach dé-ocsaíd charbóin a bhaint den atmaisféar agus fánaí a chobhsú nó tuilte a mhoilliú i ndobharcheantar araon.

Is samplaí iad seo de Réitigh Nádúrbhunaithe – nuair a chuireann timpeallachtaí nádúrtha réimse leathan seirbhísí éiceachórais ar fáil (Millennium Ecosystem Assessment, 2005)[7], go leor acu siúd a dhéanann pobail a chosaint go héifeachtach ó dhrochthionchair an athraithe aeráide ar chostas íseal.

Agus tuiscint níos leithne ann ar na tairbhí seo, aithnítear Réitigh Nádúrbhunaithe níos mó mar réiteach éifeachtach ar chostas íseal ar chúiseanna agus iarmhairtí an athraithe aeráide araon.

### Réitigh Nádúrbhunaithe

Tá coincheap na Réiteach Nádúrbhunaithe bunaithe ar an eolas go soláthraíonn éiceachórais sláintiúla, nádúrtha atá bainistithe, réimse leathan seirbhísí ar a mbíonn folláine an duine ag brath, ó charbón a stóráil, tuilte a rialú agus cladaigh agus fánaí a chobhsú, go haer agus uisce glan a sholáthar chomh maith le bia, breosla agus cogais.

---

[6] CBD Secretariat (2016) Making use of the findings of the IPCC's Fifth Assessment Report. https://www.cbd.int/climate/doc/biodiversity-ar5-brochure-en.pdf

[7] Millennium Ecosystem Assessment 2005 Ecosystems and Human Wellbeing: Biodiversity Synthesis. Washington DC: World Resources Institute.

> Is féidir le hobair i gcomhar leis an dúlra, in áit ina éadan, an bealach a réiteach i dtreo geilleagair atá níos iomaíche, níos tíosaí le hacmhainní agus níos fearr don chomhshaol.
> (AE, 2020)

## Tá an bhithéagsúlacht i gcroílár na Réiteach Nádúrbhunaithe

Ní théann innealtóireacht de dhéantús an duine nó cuir chuige liatha do rioscaí amhail tuilte, i ngleic i gcónaí le bunchúis an riosca, agus is féidir leo leochaileacht pobal a mhéadú i ndeireadh na dála. Mar sin de, aithnítear go gcuirtear réitigh níos fearr ar fáil tríd an nádúr agus na héiceachórais go minic.

Tugann an AE sainmhíniú ar Réitigh Nádúrbhunaithe ar dhúshláin shochaíocha mar 'réitigh a spreagtar ag nádúr agus a thugann an nádúr tacaíocht dóibh, a bhfuil costas íseal orthu, agus a chuireann tairbhí timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíocha ar fáil, chomh maith le hathléimhneacht a thógáil. Mar gheall ar réitigh mar seo, bíonn níos mó ilchineálachta sa dúlra agus sna gnéithe agus próisis nádúrtha i gcathracha, tírdhreacha agus muirdhreacha, tri mheán idirghabhálacha córasacha atá oiriúnaithe go háitiúil agus tíosach ar acmhainní.'[8]

Is iad príomhspriocanna na Réiteach Nádúrbhunaithe ná an t-uirbiú inbhuanaithe a fheabhsú; éiceachórais atá ann cheana a chosaint; éiceachórais atá díghrádaithe a athchóiriú; oiriúnú agus maolú maidir leis an athrú aeráide a fhorbairt; agus bainistiú riosca agus athléimneacht a fheabhsú.

I measc samplaí de Réitigh Nádúrbhunaithe, tá: gnéithe nádúrtha atá ann cheana a athchóiriú, amhail gnáthóga bruachánacha, bogaigh, coillte nó gnáthóga úra a bhunú. Áirítear ann freisin gnéithe eile a bhunú, ar nós díonta glasa, ballaí beo agus gnéithe saorga eile a chuireann seirbhísí éiceachórais ar fáil.



[8] (EU,2020 https://ec.europa.eu/research/environment/index.cfm?pg=nbs)



Bánóg Uaine

# Téamaí, Cuspóirí agus Gníomhartha Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht DLR 2021-2025





> IIs é Fís na hÉireann maidir leis an mBithéagsúlacht ná 'go ndéanfar bithéagsúlacht agus éiceachórais na hÉireann a chaomhnú agus a athchóiriú, sa chaoi go gcuirfear tairbhí ar fáil atá riachtanach do gach earnáil sa tsochaí.'
>
> Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2017-2021 - Fís na hÉireann maidir leis an mBithéagsúlacht

Mar a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2017-2021[9], is é Fís na hÉireann maidir leis an mBithéagsúlacht "go ndéanfar bithéagsúlacht agus éiceachórais na hÉireann a chaomhnú agus a athchóiriú, sa chaoi go gcuirfear tairbhí ar fáil atá riachtanach do gach earnáil sa tsochaí agus go dtacóidh Éire le hiarrachtaí chun deireadh a chur le caillteanas bithéagsúlachta agus le díghrádú na n-éiceachóras san AE agus ar fud an domhain." Tá an chéad Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta eile um Bithéagsúlacht le teacht amach in 2022 agus táthar ag súil leis go nglacfaidh sé ceim níos faide ar aghaidh sinn maidir le sochar don bhithéagsúlacht. Déantar plé air seo inár bPlean Gníomhaíochta DLR um Bithéagsúlacht 2021-2025.

# Bithéagsúlacht DLR

## Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht DLR 2021-2025 a ullmhú

Tógann an dara Plean seo don chontae, an Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht DLR 2021-2025, ar spriocanna an chéad Phlean agus déanann sé sinn a bhogadh ar aghaidh go leanúnach i dtreo Fhís fhoriomlán AE agus Náisiúnta um Bithéagsúlacht. Is é polasaí an Rialtais go mbeidh Údaráis Áitiúla ag tabhairt ceannaireachta i bPleananna Gníomhaíochta Áitiúla um Bithéagsúlacht a dhéanamh. Léirítear sa phlean seo an tiomantas atá ag DLR chun ár ndualgais a chomhlíonadh agus ár mbithéagsúlacht a chosaint ar mhaithe leis na glúnta atá le teacht. Baintear seo amach trí shraith gníomhartha dírithe atá leagtha amach sa Phlean seo.

Déanann na nithe seo a leanas eolas d'ullmhúchán Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht DLR 2021-2025:

- Faisnéis atá ann cheana agus athbhreithniú ar an bhfaisnéis atá sa Phlean um Bithéagsúlacht 2009-2013 – Ár bhFiadhúlra a Chaomhnú agus a Chothú, an Plean a bhí ann roimhe seo
- Comhairliúchán lenár nGrúpa Stiúrtha um Bithéagsúlacht, an pobal i gcoitinne, Líonra Rannphháirtíochta Pobail agus grúpaí leasmhara, amhail Cairde Éanlaith Éireann, An Taisce, Faire Cósta na hÉireann agus daoine eile a imríonn tionchar ar chaomhnú na bithéagsúlachta in DLR
- Reachtaíocht, beartais agus straitéisí ag leibhéal áitiúil, náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta
- Cleachtais agus taithí is fearr go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta
- Plean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide 2019-2024
- Dréachtphlean Forbartha an Chontae DLR 2022-2028
- Plean Gníomhaíochta DLR le haghaidh Speicis Ionracha 2020
- Go sonrach, is iad na seacht sprioc straitéiseacha agus na cuspóirí a bhaineann leo atá sa tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2017-2021, Fís na hÉireann maidir leis an mBithéagsúlacht agus Straitéis Bithéagsúlachta an AE 2030 a dhéanann eolas don Phlean seo.

[9] https://www.npws.ie/sites/default/files/publications/pdf/National%20Biodiversity%20Action%20Plan%20English.pdf



Léiríodh san athbhreithniú deireanach a rinneadh ar an bPlean um Bithéagsúlacht de chuid DLR 2009-2013 – Ár bhFiadhúlra a Chothú (Treasuring Our Wildlife) go ndearnadh dul chun cinn suntasach le linn amscála an Phlean agus gur leanadh leis an gcur i bhfeidhm go dtí seo. Ó cuireadh an Plean i bhfeidhm, áfach, bhí a lán athruithe ann maidir le pleananna, beartais, reachtaíocht, bainistíocht úsáide talún agus tionscnaimh bhithéagsúlachta.

Tá ceantair ann fós ina bhfuil iarrachtaí níos fearr de dhíth chun spriocanna agus cuspóirí an Phlean roimhe seo a bhaint amach, a fhad agus atáimid ag amharc chun tosaigh agus ag cur gníomhartha nua i bhfeidhm. Coinníodh sa dara Plean seo an chuid is mó de na gníomhartha ar aithníodh go raibh siad ag dul ar aghaidh fós nó go raibh a thuilleadh gníomh de dhíth orthu. Agus sinn i mbéal Géarchéime Athraithe Aeráide agus Bithéagsúlachta, rinneadh cinnte de go seasfaidh gníomhartha an Phlean seo an aimsir maidir leis an aeráid.

## Ag cinntiú go seasfaidh ár bPlean an aimsir maidir leis an aeráid

Is próiseas é an cinntiú go seasfaidh pleananna an aimsir maidir leis an aeráid a dhéanann cinnte go bhfuil athléimneacht i dtionscadail, straitéisí, beartais agus bearta maidir leis an athrú aeráide, lena n-áirítear athraitheacht aeráide. Chun é seo a dhéanamh, d'aithin DLR gach gníomh bithéagsúlachta, riosca (tionchar) an athraithe aeráide ar an mbithéagsúlacht agus an dóigh a gcabhraíonn an gníomh le dul i ngleic leis an tionchar, e.g. an athléimneacht a mhéadú sa bhithéagsúlacht maidir leis an athrú aeráide trí limistéir thábhachtacha chaomhantais a chosaint.



Rón Glas, Oileán Dheilginse

## Comhairliúcháin

Bunaíodh Grúpa Stiúrtha um Bithéagsúlacht mar chuid de Phlean um Bithéagsúlacht DLR roimhe seo, agus ionadaithe ó eagraíochtaí neamhrialtasacha, amhail Cairde Éanlaith Éireann, agus comhlachtaí rialtais, amhail an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus grúpaí eile. Lean comhpháirtíocht an ghrúpa seo ar aghaidh ag dréachtú an chéad Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht 2021-2025 DLR eile. Tá roinnt ball den ghrúpa imithe ar scor nó bogtha ar aghaidh ó shin, agus cuireadh baill nua isteach chun ionadaíocht a dhéanamh ar a gcuid leasanna. Tugadh faoi chomhairliúchán poiblí le réimse d'eagraíochtaí neamhrialtais agus grúpaí leasmhara, amhail Faire Cósta na hÉireann, An Taisce, Cumann Reiptíleolaíochta na hÉireann, Líonra Comhpháirtíochta Pobail, ár gComhairleoirí agus an pobal i gcoitinne. Gabh chuig www.dlrcoco.ie chun doiciméid chomhairliúcháin a fháil.

## Ár bPlean a chur i bhfeidhm agus Monatóireacht a dhéanamh air

Gach bliain, cuirfidh Oifigeach Bithéagsúlachta DLR plean bliantúil oibre le chéile de thionscadail a bheidh le déanamh an bhliain sin. Cuirfear plean mionsonraithe cur chun feidhme le chéile ansin do gach tionscadal. Déanfar gach tionscadal a chostáil agus amscála curtha leis don chur i gcrích.

Déanfaidh an tOifigeach Bithéagsúlachta maoirseacht ar mhonatóireacht a dhéanfar ar chur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht chontae DLR. Tá ról an Fhóraim Bhithéagsúlachta ríthábhachtach maidir leis an bplean. Tabharfaidh a gcuid saineolais treoir leanúnach don phlean chun tosaíochtaí a aontú agus torthaí a mheas.

## An Plean a Ullmhú: Amscála agus Comhairliúcháin

| Amscála | An Plean a Ullmhú |
|---|---|
| 2018 | Athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht 2009-2013 deireanach |
| 2018 | Athbhreithniú ar thacair sonraí bithéagsúlachta, amhail suirbhéanna gnáthóige agus speiceas, chun tuiscint a fháil ar cén eolas atá ag CCDLR ar ár n-acmhainn bhithéagsúlachta |
| 2019 - 2021 | Suirbhéanna curtha i gcrích chun tuiscint a fháil ar staid reatha ár n-acmhainne bithéagsúlachta, chun amharc ar na gníomhartha is féidir linn a chur i bhfeidhm amach anseo agus cén reachtaíocht, pleananna agus beartais ar chóir a mheas le bheith mar chuid den phlean úr seo |
| | **Comhoibrigh – Páirtíocht a chur chun chinn – Comhairliúchán a dhéanamh – Eolas a dhéanamh** |
| 2019 - 2021 | Cruinnithe leis an nGrúpa Stiúrtha um Bithéagsúlacht chun an próiseas pleanála a stiúradh |
| 2019 - 2021 | Plé agus comhoibriú le hÚdaráis Áitiúla eile agus le Bithsféar Bhá Bhaile Átha Cliath chun cuspóirí a roinneann na pleananna um bithéagsúlacht |
| 28/04/2021 | Cur i láthair inmheánach dár bhFoireann Shinsearach in DLR chun an fhoireann a chur ar an eolas faoin bplean agus chun ionchur a fháil uathu |
| 05/05/2021 | Ceardlann ar líne chun aischothú a fháil ó ghrúpaí leasmhara, amhail An Taisce, Cairde Éanlaith Éireann, Cumann Reiptíleolaíochta na hÉireann, Faire Cósta na hÉireann agus Tearmann Rónta na hÉireann |
| 07/05/2021 | Plé le hollscoileanna le fiosrú cá háit a mbeadh féidearthachtaí ann le comhobair a dhéanamh agus cá háit ar féidir taighde a chur isteach sa phlean |
| 27/05/2021 | Cur i láthair agus ceist agus freagra ar líne leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail chun comhairliúchan a dhéanamh agsu eolas a thabhairt ar fhorbairt an phlean |
| 01/06/21 | Téamaí, Cuspóirí agus Gníomhartha an phlean a dhréachtú |
| 10/06/2021 | Cur i láthair inmheánach do na Comhairleoirí |
| 17/06/ 2021 | Cur i láthair inmheánach don Choiste um Beartais Straitéiseacha don Chomhshaol agus an tAthrú Aeráide |
| 21/06/2021 | Cur i láthair do sheaimpíní bithéagsúlachta Bhainistíocht Eastát DLR |
| 19/07/2021 – 20/08/21 | Cuireadh oscailte don phobal chun iad a chur ar an eolas faoin bplean agus chun aischothú a fháil trí leathanach gréasáin DLR 'Cad é do Thuairim?' (Have Your Say) |
| 15/12/2021 | Dréacht deiridh formheasta ag an gCoiste um Beartais Straitéiseacha do Chultúr agus Folláine |
| 2021 - 2022 | Scagadh le haghaidh Measúnachta Straitéiseach Comhshaoil agus Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí |
| 14/02/2022 | Plean Gníomhaíochta deiridh Chontae DLR um Bithéagsúlacht curtha faoi bráid Chruinniú Comhairle Contae DLR |



# Téamaí, Cuspóirí agus Gníomhartha Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht DLR 2021-2025

## 1 TÉAMA 1: Tuiscint níos doimhne a fháil ar bhithéagsúlacht ár gcontae

Tá gníomhartha i dTéama 1 a bhfuil sé mar chuspóir acu sonraí a bhailiú faoi bhithéagsúlacht ár gcontae. Áirítear leis seo suirbhéanna ar ghnáthóga agus speicis, ceantair thábhachtacha bithéagsúlachta a shainaithint agus na ceantair is leochailí i gcomhthéacs an athraithe aeráide a aithint freisin.

**Cuspóir 1 An bunachar faisnéise a neartú maidir le caomhnú, bainistiú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta.**

## 2 TÉAMA 2: Cinntí maithe a dhéanamh ar son na bithéagsúlachta

Áirítear le Téama 2 gníomhartha a bhaineann leis an mbithéagsúlacht a chur san áireamh inár gcuid próiseas cinnteoireachta agus bainistíochta. I measc na ngníomhartha tá treoir agus uirlisí a fhorbairt dár bhfoireann agus lucht cinnteoireachta, chomh maith le hionchur a bheith ann ar phleananna eile, amhail an Plean Forbartha Contae, an Plean Gníomhaíochta maidir leis an Athrú Aeráide agus roinnt pleananna eile.

**Cuspóir 2 An bhithéagsúlacht a chur i bpríomhshrutha na cinnteoireachta agus bainistiú na hacmhainne luachmhaire seo a fheabhsú.**

## 3 TÉAMA 3: Gníomhaíochtaí cumhachtacha a dhéanfaidh an bhithéagsúlacht a chosaint agus sinn féin

I dTéama 3 tá gníomhartha ann chun ár dtuiscint ar chaipiteal nádúrtha agus seirbhísí éiceachórais a neartú, chun obair a dhéanamh le pobail le deiseanna a aithint inar féidir éiceachórais a athchóiriú agus a fheabhsú, lena n-áirítear éiceachórais talún, abhann, chósta agus mhara, chun tionscadail chuí in DLR le speicis san fhiántas a athbhunú a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus ár mbithéagsúlacht áitiúil a mhéadú agus chun ár Líonra Éiceolaíoch Contae agus Infreastruchtúr Glas DLR a chosaint, a athchóiriú agus a mhéadú.

**Cuspóir 3 An bhithéagsúlacht agus éiceachórais a chaomhnú agus a athchóiriú agus tacú le seirbhísí éiceachórais in DLR, lena n-áirítear éiceachórais chósta agus mhara.**



## 4 TÉAMA 4:
**Ceangal a chothú idir daoine agus dúlra agus todhchaí dearfach a spreagadh**

Tá gníomhartha i dTéama 4 chun feasacht a mhéadú maidir leis an mbithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais; chun oideachas agus oiliúint a chur ar fáil don phobal i gcoitinne, do phobail áitiúla agus dár bhfoireann; chun imeachtaí agus gníomhartha a eagrú leis an mbithéagsúlacht a chur chun cinn; agus chun obair a dhéanamh lenár bpobail áitiúla ar thionscadail bhithéagsúlachta.

**Cuspóir 4** Feasacht, oiliúint agus tuiscint ar an mbithéagsúlacht, éiceachórais agus seirbhísí éiceachórais a mhéadú.

## 5 TÉAMA 5:
**Ní neart go cur le chéile**

Tá gníomhartha i dTéama 5 chun rannpháirtíocht a dhéanamh le pobail áitiúla agus lucht gnó chun tionscadail áitiúla bithéagsúlachta a fhorbairt, chun obair a dhéanamh lenár bpáirtithe Bithsféir, ollscoileanna, ranna rialtais, údaráis áitiúla agus eagraíochtaí eile ar thionscadail bhithéagsúlachta agus chun acmhainní a roinnt.

**Cuspóir 5** Éifeachtacht an chomhoibrithe a neartú idir gach páirtí leasmhar maidir leis an mbithéagsúlacht a chaomhnú, lena n-áirítear Oifigigh Bhithéagsúlachta an Údaráis Áitiúil, Clár Uiscí an Údaráis Áitiúil, an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, Cairde Éanlaith Éireann, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus Comhlachtaí Stáit eile.

**Tá a thuilleadh sonraí ar gach gníomh, lena n-áirítear Gníomhairí agus Páirtithe, Spriocanna, agus ag Cinntiú go Seasfaidh gníomhartha an Aimsir maidir leis an Athrú Aeráide i dTáblaí Gnímh sna hAguisíní.**



Broigheall

# TÉAMA 1: Tuiscint níos doimhne a fháil ar bhithéagsúlacht ár gcontae

| **Cuspóir 1** | An bunachar faisnéise a neartú maidir le caomhnú, bainistiú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta. |
|---|---|
| **Gníomh 1.1** | Faisnéis a bhailiú agus ár mbithéagsúlacht laistigh de DLR a mhapáil |
| **Gníomh 1.2** | Gach Suíomh Bithéagsúlachta atá Tábhachtach go hÁitiúil laistigh de DLR a mhapáil agus deiseanna a shainaithint chun líon na láithreán a mhéadú |
| **Gníomh 1.3** | Gach speiceas tábhachtach laistigh de DLR a shainaithint agus a mhapáil |
| **Gníomh 1.4** | Pleananna Gníomhaíochta um Ghnáthóga agus Speicis DLR a fhorbairt |
| **Gníomh 1.5** | Ár bhfálta sceach tábhachtacha a mhapáil agus a chosaint agus feabhsú agus cur na bhfálta dúchasacha a chur chun cinn |
| **Gníomh 1.6** | Léarscáil Líonraí Éiceolaíochta ár gContae a nuashonrú chun Infreastruchtúr Glas DLR a chosaint agus a fheabhsú |
| **Gníomh 1.7** | Na ceantair thábhachtacha bithéagsúlachta is leochailí i gcomhthéacs an athraithe aeráide a shainaithint, lena n-áirítear ceantair talún, sruthchúrsaí, chósta agus mhara, agus bearta agus tionscadail a bhunú a chabhróidh le ceantair leochaileacha a chosaint |
| **Gníomh 1.8** | Áit lárnach a chur ar fáil do na sonraí bithéagsúlachta ar fad don lucht cinnteoireachta in DLR |
| **Gníomh 1.9** | Brabhsálaí léarscáile a chur ar fáil ar scála cuí chun faisnéis a bhaineann leis an mbithéagsúlacht a chur ar fáil don phobal |
| **Gníomh 1.10** | Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do líonra na n-oibrithe deonacha agus do na pobail áitiúla chun tionscadail taifeadta bhitheolaíochta agus tionscadail eolaíochta saoránaigh a chuireann leis an bhfaisnéis atá againn ar an mbithéagsúlacht agus ar chosaint na bithéagsúlachta a chur i gcrích |
| **Gníomh 1.11** | Staid fhoriomlán na hacmhainne bithéagsúlachta atá againn sa chontae a mheas |

Téama 1 > Gníomh > Tionscadal



## Iniúchadh a dhéanamh ar an gContae

Tá sé iontach tábhachtach eolas a bheith againn ar na gnáthóga agus na speicis atá againn agus cá háit a bhfuil siad inár gceantar. Mura bhfuil a fhios againn cad é atá againn, ní bheimid in ann é a chosaint ná a fheabhsú. Tá léarscáil éiceolaíoch don chontae ar fad déanta ag DLR chun an fhaisnéis atá againn ar an áit a bhfuil ár limistéir bhithéagsúlachta a léiriú, ó cheantair atá tábhachtach ar bhonn áitiúil go ceantair atá tábhachtach go hidirnáisiúnta.

> Tá deis ann freisin don rannpháirtíocht le pobail agus le muintir na háite chun daoine a spreagadh le páirt a ghlacadh inár líonra éiceolaíoch trí thionscnaimh bhithéagsúlachta a dhéanamh ar féidir an líonra a athchóiriú agus a fheabhsú.

Bíonn an bhithéagsúlacht, ó nádúr, ag athrú go minic agus ag freagairt dá bhfuil thart uirthi – don chur isteach, don chaillteanas agus do ghnéithe níos dearfaí a bhaineann le hathchoíriú agus feabhsú. Is rud í a bhíonn ag 'síorathrú' i dtaca le hobair iniúchta de. Is é seo an fáth a bhfuil sé ina ghníomh tábhachtach de chuid Théama 1 don phlean seo. Tá roinnt suirbhéanna a rinneadh roimhe seo as dáta anois, go háirithe i gcontae uirbeach ina mbíonn athruithe a bhaineann le forbairt agus le húsáid talún ag tarlú go minic. Tá roinnt mhaith de na suirbhéanna a rinneadh idir 2008 agus 2012 as dáta anois. Mar sin de, cuireadh tús le suirbheanna uasdátaithe ó 2017 ar aghaidh ar theacht isteach an Oifigigh nua um Bithéagsúlacht. Glacann roinnt suirbhéanna níos faide ná roinnt eile agus bíonn níos mó acmhainní i gceist leo, bíonn suirbhéanna eile ag brath ar an séasúr nó bíonn speisialtóirí de dhíth leis an obair a dhéanamh. Tá gach ceann de na suirbhéanna seo tábhachtach le heolas a dhéanamh don dóigh a ndéanaimid an bhithéagsúlacht a láimhseáil agus chun bunús a chur ar fáil dár Líonra Éiceolaíoch ar fud an Chontae.


## Roinnt suirbhéanna agus stáidéir a rinneadh ó bhí 2017 ann don chontae:

1. Suirbhé Contae ar Éin Bhruachánacha 2018
2. Suirbhéanna ar Láithreáin Intíre Éan Geimhrithe 2018
3. Suirbhé ar Ghnáthóga Oileán Dheilginse 2018
4. Suirbhé ar Phlandaí Neamhchoitianta Oileán Dheilginse 2018
5. Suirbhéanna Brífíte 2018
6. Tionscadal Clibeála na gCadhan 2018 – 2021 faoi stiúir Chomhairle Contae Fhine Gall (FCC) i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus DLR
7. Suirbhé Contae ar Dhobharcúnna 2018-2020
8. Scóráil Gnáthóga maidir le Seirbhísí Éiceachórais 2019
9. Suirbhéanna ar Éin Gheimhrithe (Cósta & Intíre) 2019
10. Ár Líonra Éiceolaíoch a mhapáil 2019-2020
11. Suíomhanna Bithéagsúlachta Tábhachtacha go hÁitiúil a mhapáil, Céim I 2020
12. Athbhreithniú ar na Suirbhéanna Contae ar Ghnáthóga 2020
13. Athbhreithniú ar na Suirbhéanna Contae ar Fhálta 2020
14. Suirbhéanna (agus cóireáil) ar Speicis Choimhthíocha Ionracha (IAS) 2019 agus 2020
15. Léarscáil Contae de Speicis Choimhthíocha Ionracha a dhéanamh
16. Suirbhéanna Theorainn an Chontae ar Fhálta 2021
17. Suirbhéanna Tábhachtacha ar Éin 2021
18. Stáidéar Broc 2021
19. Stáidéar ar Éiceachórais le hAthchóiriú 2021/2022
20. Stáidéar Idirthaoideach Suirbhéanna ar Éiceachórais Mhuirí 2021
21. Tionscadal an Iora Rua – monatóireacht bhliantúil

# Téama 2: Cinntí maithe a dhéanamh ar son na bithéagsúlachta

| **Cuspóir 2** | **An bhithéagsúlacht a chur i bpríomhshrutha na cinnteoireachta agus bainistiú na hacmhainne luachmhaire seo a fheabhsú** |
|---|---|
| **Gníomh 2.1** | Treoir maidir le dea-bhainistíocht a fhorbairt do ghnáthóga agus speicis thábhachtacha laistigh de DLR, agus iad seo a chur in iúl don phobal, an lucht cinnteoireachta, úinéirí talún, bainisteoirí agus úsáideoirí talún eile |
| **Gníomh 2.2** | Ionchur i bPlean Forbartha an Chontae, Pleananna Ceantair Áitiúil, Orduithe um Limistéir Thaitneamhachta Speisialta, Straitéis an Chontae maidir le Crainn, agus Measúnacht ar nádúr an Tírdhreacha Stairiúil, gach ceann acu a bhfuil féideartheacht leo chun dul i ngleic leis an mbithéagsúlacht ag leibhéal áitiúil |
| **Gníomh 2.3** | Iniúchadh a dhéanamh ar bheartais na comhairle agus pleananna atá ann faoi láthair chun an bhithéagsúlacht a dhéanamh níos lárnaí |
| **Gníomh 2.4** | Plean Gníomhaíochta maidir le Speicis Choimhthíocha Ionracha a dhéanamh agus an cur i bhfeidhm agus monatóireacht ar na gníomhartha a chinntiú |
| **Gníomh 2.5** | Pleananna bainistithe bithéagsúlachta do spásanna oscailte ar le DLR iad a fhorbairt agus pleananna atá ann cheana a uasdátú |
| **Gníomh 2.6** | Ár Léarscáileanna Líonra Éiceolaíoch a fhorbairt le heolas a dhéanamh don phleanáil agus don chinnteoireacht |
| **Gníomh 2.7** | Treoir a dhéanamh ar ghnóthachain ghlana don bhithéagsúlacht[10], lena n-áirítear treoir do straitéisí, phleanáil, bearta maolaithe agus infhéistíocht i mbonneagar glas |
| **Gníomh 2.8** | Treoir a fhorbairt a bhaineann leis an mBithéagsúlacht, Seirbhísí agus Pleanáil Éiceachórais, chun cabhrú leo siúd a bhfuil baint acu le Pleanáil a chinntiú go mbíonn cosaint agus feabhsú ann dár mbithéagsúlacht luachmhar le forbairt laistigh den Chontae |
| **Gníomh 2.9** | Treoir maidir leis an dea-chleachtas don Bhithéagsúlacht agus Forbairtí Féarbhealaí chun tionchair na féarbhealaí ar bhithéagsúlacht atá ann cheana a laghdú agus chun an bhithéagsúlacht atá ann cheana a chosaint agus a fheabhsú agus ar mhaithe le tairbhí bithéagsúlachta. |
| **Gníomh 2.10** | An Treoir ó Iascaigh Intíre Éireann a chur san áireamh: Pleanáil do shruthchúrsaí sa Timpeallacht Uirbeach a bheith inár gcuid bpleananna agus beartas. |
| **Gníomh 2.11** | Treoir a fhorbairt chun an próiseas atá le leanúint a leagan amach maidir le háit a bhfuil féideartheacht ann go rachadh soilsiú saorga i bhfeidhm ar fhiadhúlra agus an treoir seo a chur i bhfeidhm ar fhorbairt pleanála, tionscadail nua, uasghráduithe soilsithe (aisfheistiú) agus áit ar bith a bhfuil fianaise ann go bhfuil soilsiú saorga ann cheana atá ag dul i bhfeidhm ar an bhfiadhúlra. Is é sprioc na treorach ná go ndéanfar soilsiú saorga a bhainistiú sa dóigh is nach mbeidh aon chur isteach ar an bhfiadhúlra, ná nach mbeidh an fiadhúlra ruaigthe ó ghnáthóga tábhachtacha; agus go mbeidh an fiadhúlra in ann tabhairt faoi iompraíocht ríthábhachtach, amhail sealgaireacht, atáirgeadh agus scaipeadh. |
| **Gníomh 2.12** | Oiliúint agus treoir a fhorbairt do bhainisteoirí talún agus foireann údaráis áitiúil maidir le fálta a bhainistiú |

[10] Is cur chuige don fhorbairt é Ghnóthachan Glan Bithéagsúlachta ina mbíonn an bhithéagsúlacht níos fearr ina diaidh. Déantar forbróirí a spreagadh chun méadú i ngnéithe éiceolaíocha a sholáthar atá níos mó ná na gnéithe ar a rachaidh an fhorbairt i bhfeidhm. Ar an dóigh seo, táthar ag súil leis go maolófar ar an gcaillteanas bithéagsúlachta atá ann faoi láthair agus go ndéanfar líonraí éiceachórais a athchóiriú. Déanfaidh DLR iarracht cur chuige gnóthachan don bhithéagsúlacht a chur chun cinn trí threoir agus foghlaim a chur ar fáil ó cheachtanna chur chuige an RA.


COSNAÍONN OBAIR IN ÉADAN SPEICIS IONRACHA AN BHITHÉAGSÚLACHT
MAOLAÍONN AN BHITHÉAGSÚLACHT TIONCHAIR AN ATHRAITHE AERÁIDE
CUIREANN MAOLÚ AN ATHRAITHE AERÁIDE COSC AR SPEICIS IONRACHA

Téama 2 | Gníomh | Tionscadal



Magairlín na mBeach





Mar choinníoll a bhain le cead pleanála, rinneadh trasghluaiseacht ar limistéar beag de thalamh féaraigh ar mhórán magairlíní go láithreán úr sábháilte, agus cuireadh sconsa thart air lena chosaint.

## Trasghluaiseacht a dhéanamh ar thalamh féaraigh ar mhórán magairlíní

Mar chuid de chead forbartha, d'iarr DLR go ndéanfaí trasghluaiseacht ar limistéar beag ar mhórán magairlíní in áit é a chailliúint ón gceantar, agus an sprioc ag DLR ár gcuid ithreacha, síolta agus flóra a choinneáil don bhithéagsúlacht. Cuireadh sconsa thart ar an limistéar chun é a chosaint agus gníomhartha tógála ag dul ar aghaidh, agus rinne éiceolaí monatóireacht air. Ansin nuair a tháinig an t-am lena bhogadh, rinneadh an trasghluaiseacht in 2020 trí na fóid a bhogadh go cúramach go ceantar eile a bhí cóngarach, agus a mbeidh mar chuid de pháirc úr.

Bhí rath ar an trasghluaiseacht agus cuireadh sconsa thart ar an limistéar lena chosaint, agus tháinig magairlíní amach air an bhliain dar gcionn, in 2021, chomh maith le speicis eile. I measc na magairlíní bhí Magairlín na Stuaice, Magairlín na mBeach agus an Nuacht Bhallach. In 2021, lomadh an talamh féaraigh uair amháin i mí Mhéan Fómhair/ mí Dheireadh Fómhair chun cosc a chur ar na féara na magairlíní agus na bláthanna eile a phlúchadh. Déanfar monatóireacht ar an limistéar agus lomfar go bliantúil é agus táimid ag súil leis na magairlíní a fheiceáil ag scaipeadh na síolta go forleathan sa cheantar máguaird.

Tá 30 speiceas dúchasach magairlíní in Éirinn agus léiríonn siad cuid iontach dár mbithéagsúlacht agus dár n-oidhreacht. Má fheiceann tú magairlíní ar do chuid siúlóidí, ná bain iad mar go bhfuil sé in éadan an dlí in Éirinn magairlíní fiáine a bhaint. Bíonn magairlíní na hÉireann ag bláthú de réir a chéile ó luath i mí na Bealtaine go dtí mall i mí Iúil, ag brath ar an speiceas agus faoi dheireadh an tsamhraidh beidh na faighneoga tar éis aibiú agus oscailt, agus bíonn an ghaoth in ann na síolta, a bhí mar a bheadh deannach iontu, a scaipeadh thar limistéar mór.



Nuacht Bhallach

## Ár Líonra Éiceolaíoch Uile-Tíre

Tá léarscáil a léiríonn an Líonra Éiceolaíoch Uile-Tíre, ag síneadh ó na sléibhte go dtí an fharraige, mar an bhunchloch bhunúsach dár mBonneagar Glas agus Bithéagsúlacht DLR. Rinneadh í a ullmhú trí úsáid a bhaint as sonraí ó na staidéir bhithéagsúlachta éagsúla a rinneadh agus nuashonrófar iad le suirbhéanna san am atá le teacht. Aithníonn DLR an tábhacht a bhaineann lenár Líonra Éiceolaíoch ar fud na tíre a chosaint agus a athchóiriú agus áirítear í freisin i bPlean Forbartha Contae DLR dár gcuid. Síneann an líonra seo freisin thar teorainn an chontae isteach go contaetha comharsanachta. Is é an aidhm atá ann ná cabhrú le cinnteoireacht maidir le pleanáil agus forbairt agus chun bithéagsúlacht a cheangal le go mbeidh ceantair ann nach mbeidh buailte go trom mar thoradh ar ghníomhaíocht an duine.

**Cuimsíonn Bonneagar Glas an AE (GI) na nithe seo a leanas:**

- an líonra Natura 2000 mar chnámh droma
- spásanna nádúrtha agus leathnádúrtha lasmuigh de Natura 2000
- páirceanna, garraithe príobháideacha, fálta, stiallacha maoláin fásmhara feadh aibhneacha, nó tírdhreacha talmhaíochta saibhir i struchtúir a bhfuil gnéithe agus cleachtais áirithe acu maidir leis an mbithéagsúlacht
- gnéithe saorga, amhail díonta glasa, ballaí glasa, nó éiceadhroichid agus dréimirí éisc


Níor cheart go mbeadh aon mhearbhall idir [*Bonneagar Glas* agus glasbhealaí (focal a úsáidtear le cur síos ar rotharbhealaí nó conairí in Éirinn) ar bonneagar liath iad. Cé gur rud dearfach é forbairt ghlasbhealaí ó thaobh aidhmeanna ár lorg carbóin a laghdú, ní mór dúinn a bheith cúramach nach mbeidh tionchar diúltach acu ar bhithéagsúlacht ó thaobh suíomh, soilsiú, agus suaitheadh.]

Léirítear ar an léarscáil na limistéir bhithéagsúlachta thábhachtacha ar fud na tíre atá sa líonra éiceolaíoch. Is féidir go dtiocfaidh limistéir eile chun cinn i rith suirbhéanna agus comhthiomsú sonraí sna blianta amach romhainn. Tá trasnáil áirithe ag cuid de na limistéir seo i ngeall ar an tábhacht a bhaineann leo ag leibhéil éagsúla idirnáisiúnta, náisiúnta, contae agus áitiúla.

Áirítear iontu sin na nithe seo a leanas:

1. Láithreacha cosanta EU Natura 2000, a bhfuil Limistéir Chaomhantais Speisialta (SACs) agus Limistéir Chosanta Speisialta(SPAs) iontu
2. Láithreáin chaomhantais dúlra cosanta go náisiúnta ar a dtugtar 'Limistéar Oidhreachta Nádúrtha beartaithe' (pNHAs)
3. Iarscríbhinn I AE Gnáthóga e.g. gnáthóg tosaíochta AE 'Petrifying Springs with Tufa Formation, (*Cratoneurion*) 7220
4. Speicis Iarscríbhinn I an AE – e.g. Dobharchú
5. Conairí Fiadhúlra – Sruthchúrsaí, gnáthóga bruachánacha, fálta agus gnáthóga gaolmhara eile
6. Suíomhanna Bithéagsúlachta atá Tábhachtach go hÁitiúil

Is é atá sa líonra seo ná Bonneagar Glas DLR dár gcuid agus aithníonn DLR an tábhacht a bhaineann lenár Líonra Éiceolaíoch ar fud na tíre a chosaint agus a athchóiriú. Síneann an líonra seo freisin thar teorainn an chontae isteach go contaetha comharsanachta.



- Pointí Iarscríbhinne
- Pointí Iarscríbhinne a d'fhéadfadh a bheith ann
- Gnáthóga Iarscríbhinne
- Gnáthóga Iarscríbhinne a d'fhéadfadh a bheith ann
- Suíomhanna Bithéagsúlachta Tábhachtacha go hÁitiúil (LIBS)
- Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA)
- Limistéir Oidhreachta Náisiúnta faoi chosaint (pNHA)
- Limistéar Chaomhantais Speisialta (SAC)
- Teorainn Chontae DLR
- Páirceanna DLR
- Conairí Fiadhúlra Fálta
- Talamh a bhfuil Tógáil uirthi
- Comhcheangailteacht leis an Tírdhreach níos Leithne

**Conairí Fiadhúlra Abhann/Cósta**

- Conaire Ghleann Bhríde
- Conaire Ghleann na Dothra
- Conaire Chnoc na Ráithní go Baile an Bhóthair
- Cnoc na Ráithní go Gleann Bhríde
- Conaire Shliabh an Ghleanna Dhuibh go Seangánach
- Conaire cósta Chill Aighne agus Deilginis
- Conaire Bhaile na Lobhar go Gleann Bhríde
- Conaire Bhaile na Lobhar go dtí an N11
- Conaire Eoin Dé go Cill Aighne
- Conaire Thigh an Chnoic go dtí an Dothra
- Conaire COBÁC go dtí an Charraig Dhubh



Sionnach

Bíonn go leor deiseanna ag Comhairle Contae DLR, gnólachtaí, bainisteoirí talún, pobail agus grúpaí áitiúla ionchur a bheith acu inár Líonra Éiceolaíoch trí bhithéagsúlacht a chur lena gceantar féin, amhail limistéir ghlasa arna bhainistiú ar ár bhfeachtas 'Slow to Mow', díonta beaga bithéagsúlachta a chruthú, crainn a chur, bogaigh nó locháin a chruthú, laithreáin a athchóiriú don bhithéagsúlacht agus go leor eile.

Maidir le pleanáil agus forbairt, is gnáthóga tábhachtacha iad roinnt ceantar inár gconairí fiadhúlra nó tá speicis thábhachtacha iontu, agus tá níos lú luach éiceolaíoch ag ceantair eile, ach déanfar measúnacht ar gach ceantar agus forbairt a mheas. Tá roinnt ceantar laistigh de na conairí fiadhúlra táscach agus déanfar suirbhé eile orthu siúd. Sainaithníodh roinnt de na ceantair seo mar thailte ar a mbeidh forbairt sa todhchaí i bPlean Forbartha an Chontae 2022-2028. Ní choisceann ainmniú mar chonaire fiadhúlra forbairt ar na tailte ar a mbeidh forbraíocht sa todhchaí a aithníodh i bPlean Forbartha an Chontae 2022-2028 faoi réir measúnú faoin bpróiseas pleanála agus faoi réir oibleagáidí dlíthiúla eile. Mar sin de, déanfar Measúnacht Tionchair Éiceolaíochta agus Scagach le haghaidh Measúnachta Cuí ar aon togra forbartha ar a laghad. Ba chóir go mbeadh cruthú nasc leis an gconaire fiadhúlra, áfach, mar chuid d'aon fhorbairt sa todhchaí, amhail fálta a chur nó limistéir fiadhúlra eile a chruthú agus é a bheith de réir an dea-chleachtais.

> Tá deis ann d'aon fhorbairt an bhithéagsúlacht a athchóiriú agus a fheabhsú i ndearadh agus leagan amach na scéime, agus freisin, chun dul i ngleic leis an athrú aeráide.





Dalkey Island

## Suíomhanna EU Natura 2000 (Suíomhanna Eorpacha)

Tá suíomhanna EU Natura 2000 cosanta go hidirnáisiúnta agus bhí siad ainmnithe go sonrach chun limistéir thábhachtacha a chosaint ar mhaithe le fothacar speiceas nó cineálacha gnáthóige liostaithe sna Treoracha um Ghnáthóga agus um Éin. Meastar go bhfuil tábhacht Eorpach ag baint leo toisc go bhfuil siad i mbaol, leochaileach, neamhchoitianta, dúchasach nó gur samplaí thar barr iad de ghnéithe tipiciúla ó cheann nó níos mó na ceann de na naoi réigiún bhithgheografacha na hEorpa. San iomlán, tá thart ar 2000 speiceas agus 230 cineál gnáthóige, agus gá ann le croíláithreáin a ainmniú mar láithreáin Natura 2000. Mar shampla, i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin, tá láithreáin Natura 2,000 againn, amhail SAC Cuan Bhaile Átha Cliath Theas, a bhfuil cineálacha gnáthóige ann mar réileáin láibe agus réileáin ghainnimh atá faoi chosaint.

## Limistéir Oidhreachta Nádúrtha Beartaithe

Is iad ainmniúcháin náisiúnta na hÉireann le haghaidh an fhiadhúlra ná Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHA) agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha beartaithe (pNHA). Meastar go bhfuil na limistéir seo tábhachtach do na gnáthóga atá ann nó a bhfuil speicis thábhachtacha plandaí agus ainmhithe ann a bhfuil cosaint ar a ngnáthóg de dhíth. Mar shampla, i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin, Cuimsíonn sé sin Limistéir Oidhreachta Nádúrtha beartaithe, amhail an Limistéar Oidhreachta Nádúrtha beartaithe Choill Bhaile Uí Lachnáin, a bhfuil coillearnach dhúchasach ann.

## Gnáthóga Iarscríbhinn I an AE

Is é atá i nGnáthóga Iarscríbhinn I an AE ná gnáthóga atá liostaithe in Iarscríbhinn I den Treoir maidir le Gnáthóga ar de leas an Chomhphobail iad. Leis an treoir sainmhínítear gnáthóga ar de leas an Chomhphobail iad mar iad siúd atá (i) i mbaol dul ó amharc ina raon nádúrtha; nó (ii) a bhfuil raon nádúrtha beag acu i ndiaidh dóibh dul siar nó i ngeall ar limistéar teoranta ó nádúr; nó (iii) gur samplaí thar barr iad de ghnéithe tipiciúla ó cheann amháin nó níos mó de na seacht réigiún bhithgheografacha.  Féadfaidh na nithe seo tarlú laistigh de láithreán Natura 2000 mar a míníodh thuas nó féadfaidh siad tarlú lasmuigh de láithreán Natura 2000 mar limistéir aonair gnáthóige Iarscríbhinn I. Mar shampla, i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin, tá fuaráin túfa a tharlaíonn laistigh de láithreán Natura 2000 Limistéar Chaomhantais Speisialta (SAC) Gleann Bhaile Maine, ach tá siad ann freisin in áiteanna eile sa chontae, mar Aillte Sheangánaí nó Coill na Silíní.



Bíonn ár bhfálta dúchasacha mar chonairí bithéagsúlachta tríd an tírdhreach, chomh maith le gnáthóg neadithe a chur ar fáil d'éin agus foinsí bia dár n-éin, mamaigh agus pailneoirí

## Conairí Fiadhúlra

I gcontae atá ag éirí níos uirbithe de réir a chéile, tá conairí fiadhúlra ríthábhachtach chun go mairfidh speicis iomadúla, amhail broic, gráinneoga, ialtóga agus éin. Líonann siad an bhearna idir gnáthóga, a bheadh ar dhóigh eile beag agus iargúlta, agus nascann siad iad le chéile. Trí chroíghnáthóga fiadhúlra a nascadh, cabhraítear leis an mbithéagsúlacht a athchóiriú agus a chaomhnú, rud a éascaíonn gluaiseacht idir gnáthóga tábhachtacha chun éagsúlacht ghéiniteach a choinneáil san fhiadhúlra. Gan seo, is féidir le díothú áitiúil tarlú. Cuireann siad dídean ar fáil agus ceantair shealgaireachta; déanann siad carbón a stóráil agus ár gcuid sreafaí uisce agus caighdeán an uisce a rialú; ár gcuid aeir a ghlanadh; agus cuireann siad leis an athléimneacht maidir leis an athrú aeráide. Tá ár gcuid sruthchúrsaí, gnáthóga bruachánacha, fálta, crannteorainneacha agus gnáthóga eile a bhaineann leo, amhail talamh féaraigh fliuch, grágán agus coillte san áireamh lenár gconairí fiadhúlra.

## Suíomhanna bithéagsúlachta atá tábhachtach go háitiúil

Is limistéir iad na Suíomhanna Bithéagsúlachta atá Tábhachtach go hÁitiúil atá taobh amuigh de na limistéir faoi chosaint, ach atá mar dhlúthchuid den líonra éiceolaíoch ar fud na tíre agus go meastar go bhfuil siad tábhachtach ag leibhéal áitiúil, agus a chuireann réimse sheirbhísí éiceachórais ar fáil do phobail. Níl ainmniú foirmeálta acu ach is suíomhanna iad ar fiú a chosaint agus a fheabhsú. Cuireann na suíomhanna seo tacaíocht agus tairbhí sa bhreis ar fáil do limistéir faoi chosaint. Ní bhíonn siad san áireamh leis na limistéir faoi chosaint ná ní bhíonn siad ag forluí ar a chéile, ach féadann sé go mbeidh siad in aice leo. Tá ceantair inár gcuid páirceanna, ar ár gconairí fiadhúlra, limistéir de bhogaigh, féarthailte, fraochmhá, eanach agus gnáthóga eile, chomh maith le gnáthóga a bhfuil speicis neamhchoitianta de fhlóra nó fána iontu san áireamh leis seo.

## Spásanna Oscailte

Tá limistéir atá tábhachtach don bhithéagsúlacht i roinnt mhaith dár spásanna oscailte agus léirítear an dóigh a bhfuil roinnt dár bpáirceanna san áireamh lenár Suíomhanna Bithéagsúlachta atá Tábhachtach go hÁitiúil. Tá cluainte, fálta, crainn dhúchasacha agus bogaigh laistigh de pháirceanna ar fud na tíre, agus maireann fána, amhail broic, ialtóga, dobharchúnna, gráinneoga, éin, i measc speicis eile i roinnt dár bpáirceanna agus spásanna cónaitheacha glasa, áiteanna ina mbíonn an fána seo ag sealgaireacht. Go minic, téann ár gconairí fiadhúlra, a nascann áiteanna agus a ligeann do speicis bogadh agus a bheith ag sealgaireacht ar fud an chontae, go minic téann siad trínár spásanna glasa mar abhainn, sruthán, crannteorainn nó fál, agus is gné an-tábhachtach seo den líonra éiceolaíochta níos leithne.

# TÉAMA 3: Gníomhaíochtaí cumhachtacha a dhéanfaidh an bhithéagsúlacht a chosaint agus sinn féin

| **Cuspóir 3** | **An bhithéagsúlacht agus éiceachórais a chaomhnú agus a athchóiriú agus tacú le seirbhísí éiceachórais in DLR, lena n-áirítear éiceachórais chósta agus mhara.** |
|---|---|
| **Gníomh 3.1** | Gnáthóga, speicis agus gnéithe tacaíochta a chuireann seirbhísí éiceachórais ar fáil a shainaithint agus a mhapáil |
| **Gníomh 3.2** | Obair a dhéanamh i gcomhar leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus eagraíochtaí eile chun seirbhísí éiceachórais do ghnáthóga a scóráil ag leibhéal áitiúil in DLR |
| **Gníomh 3.3** | Ár dtuiscint ar chaipiteal nádúrtha agus seirbhísí éiceachórais a neartú agus seo a chur isteach i mbeartais agus cinnteoireacht DLR |
| **Gníomh 3.4** | Deiseanna a aithint inar féidir éiceachórais a athchóiriú agus a fheabhsú lena n-áirítear éiceachórais talún, abhann, chósta agus mhara |
| **Gníomh 3.5** | Tionscadail chuí in DLR le speicis san fhiántas a athbhunú, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus ár mbithéagsúlacht áitiúil a mhéadú laistigh de DLR |
| **Gníomh 3.6** | Líonra Éiceolaíoch an Chontae agus Bonneagar Glas DLR a chosaint, a athchóiriú agus a mhéadú. Athshlánú agus Athchóiriú Nádúir a sholáthar mar chuid dár Líonra Éiceolaíoch agus úsáid na Réiteach Nádúrbhunaithe a chur chun cinn más féidir ár Líonra Éiceolaíoch a sholáthar agus a mhéadú leis na réitigh seo |
| **Gníomh 3.7** | Suirbhéanna agus measúnachtaí éiceolaíocha a dhéanamh ar ár ngnáthóga, lena n-áirítear fálta, aibhneacha agus srutháin, chun faisnéis a chur ar fáil maidir le limistéir a bhfuil athchóiriú de dhíth orthu chun Athshlánú agus Athchóiriú Nádúir a sholáthar agus ár Líonra Éiceolaíoch a mhéadú |
| **Gníomh 3.8** | Leanúint leis na gníomhartha bithéagsúlachta i bPlean Oidhreachta Oileán Dheilginse a chur i bhfeidhm |
| **Gníomh 3.9** | Na gníomhartha do chomhairlí a leagadh amach i bPleananna Uile-Éireann um Phailneoirí 2015-2020 agus 2021-2025, agus limistéir a chruthú don fhiadhúlra agus do phailneoirí |
| **Gníomh 3.10** | Láithreáin neadaithe an ghabhláin ghaoithe a chosaint nuair is féidir; Láithreáin úra a bhunú i réadmhaoin phoiblí agus phríobháideach; agus boscaí neadaithe saorga don ghabhlán gaoithe a iarraidh mar chuid d'fhorbairt úr in DLR |

*ar lean*



| | |
|---|---|
| **Gníomh 3.11** | Leanúint le Tionscadal an Iora Rua agus an tionscadal a leathnú amach go Cnoc na Raithní |
| **Gníomh 3.12** | Leanúint leis an mBogach Cailcreach agus Flóra a chosaint ag Baile an Rí, Cill Tiarnáin |
| **Gníomh 3.13** | Riasc Bhaile an Bhóthair a chosaint agus a fheabhsú, limistéar cósta ar leith laistigh de DLR atá tábhachtach agus atá ina láithreán Eorpach Natura 2000 |
| **Gníomh 3.14** | Coilíneachtaí an ghabhláin ghainimh feadh an chósta, atá in aill an chósta |
| **Gníomh 3.15** | Plean Bainistíochta Gnáthóige a fhorbairt do Chósta agus Aillte Sheangánaí |
| **Gníomh 3.16** | Cruthú na Réiteach Nádúrbhunaithe a chur chun cinn, amhail díonta bithéagsúlachta (díonta donna), ceantair phailnithe, fálta dúchasacha a chur, bogaigh agus Réitigh Nádúrbhunaithe eile chun an bhithéagsúlacht a chur chun cinn mar chuid de Réitigh Nádúrbhunaithe d'fhorbairtí úra agus tionscadail eile |
| **Gníomh 3.17** | Síolta áitiúla a bhailiú ag gairmithe cáilithe a chur chun cinn, lena n-áirítear d'fhorbairtí úra, chun ár gcuid foinsí síolta a bheith áitiúil |
| **Gníomh 3.18** | Leanúint le tacaíocht a thabhairt don innilt chaomhnaithe ag Páirc agus Gairdíní Chnoc na Raithní agus chun tailte poiblí eile a fhorbairt don innilt chaomhnaithe |
| **Gníomh 3.19** | Gnáthóga do reiptílí agus amfaibiaigh, a chuireann gnáthóga ar fáil do speicis eile freisin, a fhorbairt |



Téama 3 | Gníomh | Tionscadal

## Tionscadal na nIthreacha beo agus síolta dúchasacha a bhailiú

Is bunacmhainn theoranta í ithir. Comhlíonann sí roinnt feidhmeanna agus seirbhísí dúinn (seirbhísí éiceachórais). Is minic a bhíonn go leor síolta agus orgánaigh bheo inti. Tacaíonn sí lenár ngnáthóga, speicis agus limistéir phailnithe. Stóráiltear carbón inti agus coinnítear uisce inti. Is féidir le suas le cúig thonna d'orgánaigh bheo a bheith in aon heicteár amháin d'ithir agus, cionn is gur féidir leis breis agus 500 bliain a ghlacadh chun tiús 2cm d'ithir a chruthú, tá sí, le bheith praiticiúil faoi, neamh-inathnuaite. Is acmhainn bheo luachmhar í.

Mar gheall ar bhainc síolta ithreach, tugtar an deis do phlandaí scaipeadh thar am trí bheith ag fanacht suanach san ithir. Is féidir le bainc síolta ithreach 'cuimhní cinn ar phobail a bhí ann roimhe' a léiriú (pobail phlandaí). Bíonn siad le feiceáil de ghnáth os cionn talún mar fhreagairt ar chur isteach nó athruithe sa timpeallacht.

Féadann bainc síolta ithreach cosaint a thabhairt do líon na bplandaí tar éis cailliúint nó díghrádú gnáthóige, agus is féidir go mbíonn ról tábhachtach acu i líon na bplandaí a chosaint i rith an athraithe aeráide. Bíonn na bainc síolta ithreach tábhachtach freisin maidir lenár mbithéagsúlacht agus ár bpailneoirí mar go mbíonn siad ina 'stóir bhithéagsúlachta'.

leis an bhfeachtas 'Slow to Mow' atá againn agus an fhorbairt atá déanta againn ar cheantair na bpailneoirí (go háirithe ó ithreacha a bhí ann cheana), ba mhaith le DLR na síolta atá ina luí suanach san ithir a spreagadh le péacadh agus le fás. Léiríomar gur féidir leis seo tarlú agus tá go leor tuairiscí ann faoi mhagairlíní dúchasacha a bhí ina luí suanach san ithir atá le feiceáil anois ar chiumhaiseanna ár mbóithre.

Bíonn an deis againn na síolta a bhailiú, nuair is féidir, mar shampla, i gcluainte ár bPáirceanna. Tá cluainte i roinnt dár bPáirceanna réidh leis na síolta a bhailiú, agus beidh cúpla bliain ann sula féidir síolta a bhailiú i roinnt ceantair phailneoirí a bunaíodh ar na mallaibh. Is féidir linn freisin ár gcuid pobal a spreagadh chun síolta áitiúla a bhailiú nuair atá na ceantair seo níos forbartha. Laghdóidh sé seo ár gcuid spleáchais ar shíolta tráchtála nó síolta nach as DLR iad.

D'iarr DLR ar fhorbróirí freisin an planda neamhchoitianta, Líon Beag, a bhailiú, a bhíonn i gcuid de láithreáin forbartha Choill na Silíní. Tá an síol seo stóráilte anois do DLR ag Cumann Lucht Sábhála Shíolta na hÉireann agus cuireadh ar fáil é do Gharraithe Náisiúnta na Lus. Cuirfear na síolta freisin in áiteanna cuí i gCoill na Silíní, in áiteanna ina bhfuil na hithreacha agus an bainistiú fóirsteanach.

## Síolta dúchasacha a bhailiú ó Pháirc agus Gairdíní Chnoc na Raithní

Tá líon beag d'eallach ag innilt ar na cluainte i gCnoc na Raithní agus tá na cluainte saor ó cheimiceáin le beagnach céad bliain anois, agus léirítear seo san ilchineálacht iontach plandaí agus bláthanna atá sna cluainte. Anois agus Cnoc na Raithní ina páirc phoiblí, tá sprioc ann chun líon beag de Dhroimeanna, pór eallaigh atá neamhchoitianta a choinneáil ag innilt ar na cluainte i rith an gheimhridh, agus an stádas saor ó cheimiceáin a choinneáil ag dul, le cinntiú go mbíonn na cluainte seo lán de phlandaí iontacha fós agus chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú, ár gcuid pailneoirí san áireamh.

In 2021, chuireamar tús lenár dtionscadal chun síolta dúchasacha a bhailiú sna cluainte, nuair a bhí na ba imithe don samhradh. Bhí an-obair déanta ag foireann Chnoc na Raithní chun buachalán buí a bhaint den chluain de láimh. Bíonn an chuid is mó de na plandaí ag síolú i mí Lúnasa agus tugtar deis dúinn ansin roinnt de na síolta a bhailiú. An sprioc atá ann ná roinnt síolta a fhágáil le titim chun talún le cinntiú go mbíonn rath leanúnach ar an gcluain.

Bhí rath ar an mbailiú, agus bhíomar in ann réimse síolta a bhailiú, a thriomú agus a shórtáil agus stórálfar na síolta le húsáid in áiteanna agus cineálacha ithreach cuí.







Téama 3 | Gníomh | Tionscadal


Bhí DLR ar an gcéad údarás áitiúil chun Scóráil na Seirbhíse Náisiúnta Éiceachórais a úsáid ar ár ngnáthóga. Rinne Parker et al (2016) an Scór Seirbhísí Éiceachórais a fhorbairt. i rith an tionscadail phíolóta mapála a rinneadh don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra – Éiceachórais agus Seirbhísí Éiceachórais Náisiúnta (NEES)[11]. Rinneamar an Scóráil Seirbhísí Éiceachórais a thriail ar ár gconairí fiadhúlra agus gnáthóga sa dóigh is go mbeidh tuiscint níos fearr ar an dóigh a gcuireann siad leis an mbonneagar glas inár dtír. Mar gheall ar an obair seo bhíomar in ann luach nó scór a chur ar ár ngnáthóga a chuirfidh bonn ceart do na seirbhísí éiceachórais ar fad, mar gan na gnáthóga agus an bhithéagsúlacht, ní bheadh na seirbhísí sin ann.

I measc na seirbhísí éiceachórais a tugadh scór dóibh chun Scór Iomlán Seirbhísí Éiceachórais a fháil, bhí:

- Rialú cháilíocht an uisce
- rialú shruth an uisce
- rialú gáis cheaptha teasa ó ithreacha agus fásra
- soláthar bia
- tacaíochtaí foriomlána bithéagsúlachta do chórais agus seirbhísí nádúrtha agus athléimneacht

Léirítear sa ghraf an luach ó Scór Seirbhísí Éiceachórais do na conairí fiadhúlra ina bhfuil limistéir mhaithe de gnáthóga leathnádúrtha bainteacha (e.g. fásra bruach abhann, crainn, bogaigh) agus is iad na conairí a bhfuil scór ard acu na cinn atá ag soláthar seirbhísí éiceachórais. Os a choinne sin bíonn scór i bhfad níos ísle ag na srutháin agus na conairí fiadhúlra atá níos scoilte sa chuid uirbeach den chontae. Léirítear sna torthaí freisin an tábhacht a bhaineann le gnáthóga leathnádúrtha i gceantar Thigh an Chnoic, gnáthóga atá suntasach agus baineann cuid mhór de na conairí a bhfuil scór ard acu leis an gceantar sin.

**Scóráil Iomlán Seirbhísí Éiceachórais ar ChonairÍ Fiadhúlra Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin**




[11] https://www.npws.ie/research-projects/ecosystems-services-mapping-and-assessment



Frog Coiteann

# TÉAMA 4: Ceangal a chothú idir daoine agus dúlra agus todhchaí dearfach a spreagadh

| **Cuspóir 4** | Feasacht, oiliúint agus tuiscint ar an mbithéagsúlacht, éiceachórais agus seirbhísí éiceachórais a mhéadú |
|---|---|
| **Gníomh 4.1** | Oideachas a chur ar fáil agus feasacht a ardú ar an mbithéagsúlacht, ar éiceachórais agus ar sheirbhísí éiceachórais sa phobal i gcoitinne, sa lucht cinnteoireachta agus in oidí |
| **Gníomh 4.2** | Eolas a chur ar fáil ar an mbithéagsúlacht agus ar sheirbhísí bithéagsúlachta ar shuíomh gréasáin DLR agus i bhfoilseacháin |
| **Gníomh 4.3** | Gníomhaíochtaí agus imeachtaí a eagrú chun an bhithéagsúlacht, éiceachórais agus seirbhísí éiceachórais a chur chun cinn |
| **Gníomh 4.4** | Cláir oiliúna agus oideachais a bhunú chun tuiscint ar bhithéagsúlacht, éiceachórais agus seirbhísí éiceachórais a chur chun cinn |
| **Gníomh 4.5** | Samplaí dearfacha de thionscadail chomhoibríocha i bpobail áitiúla nó samhlacha taispeána a bhunú agus a chur chun cinn |
| **Gníomh 4.6** | Oideachas a chur ar fáil agus feasacht a ardú ar thionchair an athraithe aeráide ar an mbithéagsúlacht |
| **Gníomh 4.7** | Feasacht a ardú ar na tairbhí fisiciúla agus meabhairshláinte a bhaineann leis an mbithéagsúlacht |
| **Gníomh 4.8** | Oiliúint a chur ar fáil don phobal maidir le suirbhéanna reiptílí agus amfaibiach i gcomhair le Cumann Reiptíleolaíochta na hÉireann |





Imeacht um breathnú ar gheabhróga



Éanbhreathnú le hOifigeach Bithéagsúlachta DLR ag Riasc Bhaile an Bhóthair



Ceardlann ar Bhumbóga a aithint



Ceardlann ar locháin charraige a fhiosrú ag Dumhach Thrá

Téama 4 | Gníomh | Tionscadal

## Muintir na hÁite ag cabhrú leis an mBithéagsúlacht – Tionscadal Deonach DLR um Gharraíodóireacht ar son na Bithéagsúlachta

Bhí lúcháir ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin comhpháirtíocht a bhunú le hlonad d'Oibrithe Deonacha DLR agus chun maoiniú a chur ar fáil do thionscadal DLR um Gharraíodóireacht ar son na Bithéagsúlachta. Cuireadh tús leis an tionscadal seo in 2020 agus bhí sé mar sprioc ann pobal d'oibrithe deonacha a bhunú a dhéanfadh rudaí beaga chun an bhithéagsúlacht a chosaint agus a spreagadh ina ngairdíní, paitiónna, clóis agus balcóiní féin. D'iarramar ar shaoránaigh Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a bheith páirteach.

Chuireamar ceist ar mhuintir na háite gníomh beag amháin a dhéanamh chun an bhithéagsúlacht a mhéadú. Bíodh taithí maith acu sa gharraíodóireacht nó ná bíodh, thugamar cuireadh dóibh bheith i gcomhpháirtíocht linn, dá mbeadh garraí acu nó balcóin. Bhí grúpa againn freisin de dhíograiseoirí cabhracha bithéagsúlachta réidh le cabhrú lenár n-oibrithe deonacha agus iad ag foghlaim, agus cuireadh nasc ar fáil d'áiseanna agus eolas. Bhailíomar a gcuid scéalta agus íomhanna chun leabhar scéalta a dhéanamh leis an ngníomhaíocht phobail seo a léiriú!


Gráinneog


Bánóg Uaine

*Déanann Mark George, duine de na rannpháirtithe i dTionscadal 'Garraíodóireacht ar son na Bithéagsúlachta' DLR, cuid de na gníomhartha a ghlac sé ina gharraí féin a mhíniú.*

## Scéal Mark

Bhí an t-ádh dearg orainn garraí lánfhásta a fháil ó na daoine ar leo ár dteach roimhe seo, agus bhí réimse de thoir ann chun fálta a dhéanamh thart ar imeall an gharraí agus go leor plandaí éagsúla ann. Chuireamar beathadáin amach do na héin i gcónaí agus chuireamar plandaí úra isteach ina mbeadh dúil ag pailneoirí, de réir mar a bhí spás ar fáil, agus anuraidh chuireamar tús le píosaí den fhéar a fhágáil agus gan iad a lomadh. Le cúpla mí anuas, áfach, d'fhoghlaimíomar faoi bhealaí úra leis an mbithéagsúlacht a chothú inár ngarraí.

D'fhreastalaíomar ar chaint bunaithe ar ghráinneoga a d'óstáil Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus d'fhoghlaimíomar go raibh bearnaí de dhíth ar ghráinneoga i gclaíocha nó ballaí imlíneacha sa dóigh is gur féidir leo bogadh ó gharraí go garraí. Bhí seans ann go raibh bacainn againn do na gráinneoga mar gheall ar thaobh-bhalla atá againn idir an garraí tosaigh agus an garraí cúil, mar sin de rinne mé bearna beag ag bun an bhalla le go dtiocfadh leis na gráinneoga dul tríd. Thóg mé teach gráinneoige freisin as lomáin bheaga agus gearrthóga crainn agus chuir mé seo as radharc san fhál. Níl cuairteoirí ar bith ann go fóill ach tá súil agam go dtiocfaidh siad! Bunaithe ar na hábhair ar leathanach gréasáin an tionscadail



'Garraíodóireacht ar son na Bithéagsúlachta', rinne mé spás a thochailt agus thóg mé cruach adhmaid, agus thóg mé lochán (obair a bhí beagán níos déine, ach b'fhiú é!). Arís, tá sé luath fós don lochan agus níl ainmhithe uisce ann fós, ach is breá leis na héin é mar áit le hól agus mar fholcadán éan – de ghnáth thart ar 5pm, mar a bheidís á nglanadh féin tar éis dóibh lá mór oibre ag ithe a chur isteach!


Mar bhuntáiste sa bhreis, baineann na héin úsáid as na cairn chré, a bhí fágtha tar éis dom an cruach adhmaid a thochailt, mar a bheadh folcadán dusta ann, agus de réir cosúlachta, tá seans ann go mbainfeadh roinnt speiceas de bheacha úsáid as chun pluaisneog a thógáil.

Is onóir mhór é bheith in ann an fiadhúlra a fheiceáil ag baint sult as an ngarraí, agus mar gheall ar na céimeanna beaga sin sa bhreis tá i bhfad níos mó deiseanna ann an bhithéagsúlacht a mhéadú sa gharraí.



# TÉAMA 5: Ní neart go cur le chéile

| **Cuspóir 5** | Éifeachtacht an chomhoibrithe a neartú idir gach páirtí leasmhar maidir leis an mbithéagsúlacht a chaomhnú, lena n-áirítear le Pobail Áitiúla, Oifigigh Bhithéagsúlachta an Údaráis Áitiúil, Clár Uiscí an Údaráis Áitiúil, an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, Cairde Éanlaith Éireann, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus Comhlachtaí Stáit eile. |
|---|---|
| **Gníomh 5.1** | Rannpháirtíocht a dhéanamh le pobail áitiúla agus lucht gnó chun tionscadail áitiúla bithéagsúlachta a fhorbairt |
| **Gníomh 5.2** | Obair a dhéanamh lenár gcomhpháirtithe ag Bithsféar Bhá Bhaile Átha Cliath chun úsáid inbhuanaithe d'acmhainn bhithéagsúlachta DLR sa Bhithsféar a chur chun cinn |
| **Gníomh 5.3** | Tacú le Straitéis um Dhúlra a Chaomhnú agus le Straitéis Oideachais agus Feasachta Bhithsféar Bhá Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm |
| **Gníomh 5.4** | Stáidéar a dhéanamh ar éiceachórais mhuirí agus tionscadail athchóirithe maidir le héiceachórais mhuirí a fhorbairt lenár gcomhpháirtithe Bithsféir |
| **Gníomh 5.5** | Obair a dhéanamh le ranna an rialtais agus leis an bpobal i gcoitinne maidir le Limistéir Mhuirí faoi Chosaint a ainmniú |
| **Gníomh 5.6** | Obair a dhéanamh le hÚdaráis Áitiúla eile chun ár bhfaisnéis ar ghnáthóga agus speicis thábhachtacha a threisiú |
| **Gníomh 5.7** | Obair a dhéanamh le hÚdaráis Áitiúla eile chun maoiniú a chur ar fáil do stáidéir rianaithe satailíte d'éin gheimhridh atá liostaithe mar speicis cháilithe ar shuíomhanna Eorpacha agus speicis thábachtacha eile |
| **Gníomh 5.8** | Tacaíochtaí a chur ar fáil do Chairde Éanlaith na hÉireann do Thionscadal Gheabhróga Oileán Dheilginse, caomhnú na nGabhlán Gaoithe agus tionscadail thábhachtacha éan eile |
| **Gníomh 5.9** | Obair a dhéanamh le Clár Uiscí an Údaráis Áitiúil chun bealaí a fhorbairt lenár gconairí fiadhúlra abhainneacha agus éiceachórais uiscebhealaigh a chosaint agus a fheabhsú |
| **Gníomh 5.10** | Obair a dhéanamh lenár gComhpháirtithe in Oifigí Réigiúnacha de Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO), an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus eagraíochtaí eile chun an bhithéagsúlacht a chosaint in aghaidh an Athraithe Aeráide |
| **Gníomh 5.11** | Is comhpháirtí í Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i gComhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath. Rachaidh an tOifigeach Bithéagsúlachta i mbun plé leis an bhfóram seo chun cosaint agus caomhnú na bithéagsúlachta a chur chun cinn |
| **Gníomh 5.12** | Obair a dhéanamh le Coillte Nature chun an bhithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú, an tIora Rua san áireamh |
| **Gníomh 5.13** | Obair a dhéanamh lenár gcomhghleacaithe ar fud na heagraíochta seo againn féin i gComhairle Contae DLR agus comhobair a dhéanamh ar thionscadail bhithéagsúlachta, lena n-áirítear tionscadail ar Réitigh Nádúrbhunaithe. |
| **Gníomh 5.14** | Obair a dhéanamh leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus le grúpaí pobail chun pleananna bainistíochta coillte a dhéanamh ar mhaithe le Coillte Bhaile Uí Lachnáin agus Coillte Mhic Shíomóin agus iad ar fad cosanta mar Limistéir Oidhreachta Náisiúnta (pNHA) a chosaint |
| **Gníomh 5.15** | Rannpháirtíocht a dhéanamh le hinstitiúidí tríú leibhéal chun tacú le taighde bithéagsúlachta in DLR agus é a fhorbairt |



Téama 4 | Gníomh | Tionscadal

## Oileáin Dheilginse – ag obair i gcomhpháirtíocht le Cairde Éanlaith na hÉireann

Tá Oileáin Dheilginse suntasach mar gheall ar an éiceolaíocht, stair, ailtireacht agus seandálaíocht a bhaineann leo, chomh maith leis an luach sóisialta, cultúrtha agus stairiúil atá iontu. Is cuid thábhachtach de thírdhreach an chósta iad, agus is féidir iad a fheiceáil ón gcuid is mó de Bhá Bhaile Átha Cliath agus chomh fada ó dheas go Cill Mhantáin. Ainmníodh na hoileáin mar láithreán Natura Eorpach 2000 ar a dtugtar Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA) um speicis na Geabhróige (an Gheabhróg, an Gheabhróg Artach agus an Gheabhróg Rósach) agus tá sé tábhachtach go gcuirimid spás ar fáil do na Geabhróga chun neadú agus pórú. Is féidir le Geabhróga a bheith ann idir mí na Bealtaine agus mí Dheireadh Fómhair.

D'oibríomar le Cairde Éanlaith na hÉireann chun na Geabhróga a chosaint agus chun feasacht a mhéadú maidir leis na héin iontacha seo agus an turas fada a thugann siad fúthu le teacht go hÉirinn.








Forachain Dhubha

# Aguisíní





Broc

# Aguisín 1: Táblaí Gnímh

## TÉAMA 1: Tuiscint níos doimhne a fháil ar bhithéagsúlacht ár gcontae

**Cuspóir 1** An bunachar faisnéise a neartú maidir le caomhnú, bainistiú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta

| Gníomhartha Bithéagsúlachta | Gníomhaireachtaí & Comhpháirtithe | Táscairí | Sprioc | Tionchair an Athraithe Aeráide | Seiceáil ó thaobh na hAeráide de |
|---|---|---|---|---|---|
| **1.1**<br>Faisnéis a bhailiú agus ár mbithéagsúlacht laistigh de DLR a mhapáil<br>**(2021-2025)** | an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS), Comhpháirtithe Bithsféir, an Tríú Leibhéal, Ollscoileanna, Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta (NBDC), An Pobal i gCoitinne – Eolaíocht Saoránach | Líon na ngnáthóg agus na speiceas ar a bhfuil sonraí maithe<br>Líon suirbhéanna ar ghnáthóga a dhéantar go bliantúil<br>Léarscáileanna GIS a rinneadh agus a nuashonraíodh | Comhthiomsú faisnéise maidir lenár bhfoinse bithéagsúlachta chun í a bhainistiú, a chosaint agus a fheabhsú ar bhealach cuí | Tionchair dhiúltacha fhéideartha ar ár n-acmhainn bhithéagsúlachta mar gheall ar an athrú aeráide | Tá faisnéis maidir lenár bhfoinse bithéagsúlachta ríthábhachtach chun cabhrú lenár bhfoinsí nádúrtha a bhainistiú d'fhonn seirbhísí éiceachórais agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a sholáthar |
| **1.2**<br>Gach Suíomh Bithéagsúlachta atá Tábhachtach go hÁitiúil laistigh de DLR a mhapáil agus deiseanna a shainaithint chun líon na láithreán a mhéadú<br>**(2021-2025)** | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Cairde Éanlaith Éireann, An Taisce, Cumann Reiptíleolaíochta na hÉireann, Caomhnú Ialtóg Éireann, Cumann Luibheolaíochta na Breataine agus na hÉireann | Méid (Ha/Km) na Suíomhanna Bithéagsúlachta atá Tábhachtach go hÁitiúil ar a bhfuil sonraí maithe<br>Méid na Suíomhanna Bithéagsúlachta atá Tábhachtach go hÁitiúil a sainaithníodh agus a mapáladh<br>Líon na Suíomhanna Bithéagsúlachta atá Tábhachtach go hÁitiúil ar fud na tíre<br>Léarscáileanna GIS a rinneadh agus a nuashonraíodh | Faisnéis a shainaithint agus a chur i dtoll a chéile maidir le limistéir bhithéagsúlachta atá tábhachtach go háitiúil agus sa chontae, ar mhaithe leis na limistéir seo a chosaint agus a fheabhsú - agus a gcuid seirbhísí éiceachórais | Tionchair dhiúltacha fhéideartha ar ár n-acmhainn bhithéagsúlachta mar gheall ar an athrú aeráide | Tá faisnéis maidir lenár bhfoinse bithéagsúlachta ríthábhachtach chun cabhrú lenár bhfoinsí nádúrtha a bhainistiú d'fhonn seirbhísí éiceachórais agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a sholáthar |
| **1.3**<br>Gach speiceas tábhachtach laistigh de DLR a shainaithint agus a mhapáil<br>**(2023)** | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Cairde Éanlaith Éireann, An Taisce, Cumann Reiptíleolaíochta na hÉireann, Caomhnú Ialtóg Éireann, Cumann Luibheolaíochta na Breataine agus na hÉireann | Líon na speiceas tábhachtach a sainaithníodh<br>Líon na suirbhéanna speiceas a críochnaíodh<br>Líon na bPleananna Gníomhaíochta um Speicis thar cheithre Údarás Áitiúil Bhaile Átha Cliath<br>Léarscáileanna GIS a rinneadh agus a nuashonraíodh | Faisnéis a thiomsú, gach speiceas tábhachtach laistigh de DLR a shainaithint agus a mhapáil chun na limistéir seo a chosaint agus a fheabhsú - agus a gcuid seirbhísí éiceachórais | Tionchair dhiúltacha fhéideartha ar ár n-acmhainn bhithéagsúlachta mar gheall ar an athrú aeráide | Tá faisnéis maidir lenár bhfoinse bithéagsúlachta ríthábhachtach chun cabhrú lenár bhfoinsí nádúrtha a bhainistiú d'fhonn seirbhísí éiceachórais agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a sholáthar |

*ar lean*

| Gníomhartha Bithéagsúlachta | Gníomhaireachtaí & Comhpháirtithe | Táscairí | Sprioc | Tionchair an Athraithe Aeráide | Seiceáil ó thaobh na hAeráide de |
|---|---|---|---|---|---|
| **1.4**<br>Pleananna Gníomhaíochta DLR um Ghnáthóga agus Speicis a fhorbairt dár limistéir talún, cósta agus mhuirí<br>**(2024)** | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Comhairle Contae Fhine Gall, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | Méid (Ha) na nGnáthóg ar iarscríbhinn an AE agus líon na speiceas ar iarscríbhinn an AE ar a bhfuil sonraí maithe<br>Méid (Ha) na nGnáthóg ar iarscríbhinn an AE agus líon pobail na speiceas ar a ndearna suirbhé agus mapáil<br>Líon na bPleananna Gníomhaíochta um Ghnáthóga thar cheithre Údarás Áitiúil Bhaile Átha Cliath<br>Léarscáileanna GIS a rinneadh agus a nuashonraíodh | Faisnéis a chur i dtoll a chéile ar ghnáthóga agus speicis ar Iarscríbhinn an AE, chun na limistéir seo a chosaint agus a fheabhsú - chomh maith lena seirbhísí éiceachórais | Tionchair dhiúltacha fhéideartha ar ár n-acmhainn bhithéagsúlachta mar gheall ar an athrú aeráide | Is é an t-aidhm atá ann ná ceantair faoi chosaint agus a speicis tábhachtacha a chaomhnú. Tá gnéithe ag na ceantair seo a bheidh go fóill fabhrach do leibhéil arda bithéagsúlachta. Cuireann na ceantair seo leis an athléimneacht maidir leis an athrú aeráide |
| **1.5**<br>Ár bhfálta sceach tábhachtacha a mhapáil agus a chosaint agus feabhsú agus cur na bhfálta dúchasacha a chur chun cinn<br>**(2023)** | Pleanáil DLR, Páirceanna DLR, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Cairde Éanlaith Éireann, Úinéirí Talún | Suirbhé nua ar fhálta an chontae a chur i gcrích<br>Moltaí a chur chun feidhme<br>An suirbhé a chur isteach inár Léarscáil Líonra Éiceolaíoch an Chontae | Faisnéis a chur i dtoll a chéile ar bhfálta tábhachtacha, chun na ceantair seo a chosaint agus a fheabhsú - chomh maith lena seirbhísí éiceachórais | Tionchair dhiúltacha fhéideartha ar ár n-acmhainn bhithéagsúlachta mar gheall ar an athrú aeráide | Conairí fiadhúlra tábhachtacha is ea iad fálta agus tá gnéithe acu a bheidh fós fabhrach do leibhéil arda bithéagsúlachta. Soláthraíonn siad seirbhísí éiceachórais agus athléimneacht maidir leis an athrú aeráide. |
| **1.6**<br>Léarscáil Líonraí Éiceolaíochta ár gContae a nuashonrú chun Infreastruchtúr Glas DLR a chosaint agus a fheabhsú<br>**(2021-2025)** | Pleanáil DLR, Páirceanna DLR, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Cairde Éanlaith Éireann, An Taisce, Cumann Reiptíleolaíochta na hÉireann, Caomhnú fir Ialtóg Éireann, Clár Uiscí an Údaráis Áitiúil (LAWPRO) | Léarscáil Líonraí Éiceolaíocha ár gContae reatha a chur i gcrích<br>Ionchuimsiú i bPlean Forbartha Contae DLR<br>Ceantair phailneoirí a chuimsiú ar an líonra | Faisnéis agus sonraí a chur ar fáil ar ár Líonra Éiceolaíoch Contae a mbeidh teacht air go héasca agus a bheidh furasta le húsáid chun an lucht cinnteoireachta agus daoine nach iad a chur ar an eolas | Beidh caillteanais i seirbhísí éiceachórais mura bhfuil smaointeoireacht chomhleanúnach ann maidir le hathrú aeráide agus cailliúint bithéagsúlachta i ngeall ar an tionchar a bheadh ag an dá rud | Cinnteoireacht chomhtháite i dtaca leis an athrú aeráide agus bithéagsúlacht a sholáthar |
| **1.7**<br>Na ceantair thábhachtacha bithéagsúlachta is leochailí i gcomhthéacs an athraithe aeráide a shainaithint, lena n-áirítear ceantair talún, sruthchúrsaí, chósta agus mhara, agus bearta agus tionscadail a bhunú a chabhróidh le ceantair leochaileacha a chosaint<br>**(2025)** | an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Roinn na Mara | Tuarascáil a chríochnú maidir leis na ceantair thábhachtacha ábhartha atá leochaileach i dtaobh an athraithe aeráide<br>Fairsinge (Ha) a mapáladh<br>Bearta cosanta a sainaithníodh agus a cuireadh i bhfeidhm | Ceantair thábhachtacha a d'fhéadfadh dianchosaint a éileamh sa todhchaí a shainaithint<br>Na bearta cosanta is gá a shainaithint | D'fhéadfadh ilroinnt gnáthóige, caillteanas gnáthóige agus caillteanas speiceas gaolmhar teacht as brúnna a bhaineann le hathrú aeráide | Athléimneacht maidir leis an athrú aeráide a neartú trí cheantair thábhachtacha maidir le bithéagsúlacht a chosaint in éadan thionchar an athraithe aeráide |

*ar lean*

| Gníomhartha Bithéagsúlachta | Gníomhaireachtaí & Comhpháirtithe | Táscairí | Sprioc | Tionchair an Athraithe Aeráide | Seiceáil ó thaobh na hAeráide de |
|---|---|---|---|---|---|
| **1.8** Áit lárnach a chur ar fáil do na sonraí bithéagsúlachta ar fad don lucht cinnteoireachta in DLR **(2023)** | Córas Faisnéise Geografaí (GIS) Teicniúil DLR, Pleanáil Chun Cinn DLR | Brabhsálaí GIS le haghaidh Léarscáileanna Bithéagsúlachta a chur i gcrích faoi 2023<br>Mapáil Plean Conairí Fiadhúlra le haghaidh Pleanálaithe agus an Lucht Cinnteoireachta a chur i gcrích in 2021<br>Léarscáil Líonra Éiceolaíoch reatha dár gcuid a chur i gcrích | Faisnéis agus sonraí a chur ar fáil a mbeidh teacht orthu go héasca agus a bheidh furasta le húsáid chun an lucht cinnteoireachta agus daoine nach iad a chur ar an eolas | Beidh caillteanais i seirbhísí éiceachórais mura bhfuil smaointeoireacht chomhleanúnach ann maidir leis an athrú aeráide agus cailliúint bithéagsúlachta i ngeall ar an tionchar a bheadh ag an dá rud | Foinse faisnéise i dtaca leis an athrú aeráide agus an bhithéagsúlacht níos comhtháite a sholáthar don lucht cinnteoireachta |
| **1.9** Brabhsálaí léarscáile a chur ar fáil ar scála cuí chun faisnéis maidir leis an mbithéagsúlacht a chur ar fáil don phobal **(2024)** | an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, Oifig Líníochta DLR agus GIS | Brabhsálaí léarscáile poiblí ar fáil ar shuíomh gréasáin DLR | Faisnéis a chur ar fáil don phobal a mbeidh teacht uirthi go héasca agus a bheidh furasta le húsáid agus feasacht faoi luach agus tábhacht na bithéagsúlachta a ardú | Is iad tionchair dhaonna, brúnna úsáide talún, athrú aeráide agus speicis ionracha na rudaí is mó a chuireann leis an gcaillteanas bithéagsúlachta. | Faisnéis maidir le bithéagsúlacht a sholáthar, feasacht a ardú agus cabhair a thabhairt chun caillteanas bithéagsúlachta a laghdú ionas gur féidir le bithéagsúlacht seirbhísí éiceachórais agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a sholáthar |
| **1.10** Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do líonra na n-oibrithe deonacha agus do na pobail áitiúla chun tionscadail taifeadta bhitheolaíochta agus tionscadail eolaíochta saoránaigh a chuireann leis an bhfaisnéis atá againn ar an mbithéagsúlacht agus ar chosaint na bithéagsúlachta a chur i gcrích **(2021-2025)** | NBDC, BWI, NPWS, Grúpaí áitiúla, Oibrithe Deonacha DLR | Líon na dtaifead a cuireadh isteach chuig NBDC<br>Líon na rannpháirtithe in eagraíochtaí deonacha<br>Líon na dtionscadal ina mbailíonn eolaithe saoránacha sonraí | Tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí pobail agus d'Oibrithe Deonacha DLR, etc. | Is iad tionchair dhaonna, brúnna úsáide talún, athrú aeráide agus speicis ionracha na rudaí is mó a chuireann leis an gcaillteanas bithéagsúlachta. | Tacaíocht a thabhairt d'oibrithe deonacha agus do phobail chun cabhrú le caillteanas bithéagsúlachta a laghdú, ionas gur féidir le bithéagsúlacht seirbhísí éiceachórais agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a sholáthar |
| **1.11** Staid fhoriomlán na hacmhainne bithéagsúlachta atá againn sa chontae a mheas **(2024)** | NBDC, BWI, NPWS, Ollscoileanna, Éiceolaithe | Cuireadh tuarascáil mheasúnaithe agus anailíse i gcrích<br>Cuireadh bearta chun dul i ngleic le haon saincheisteanna a aibhsíodh i bhfeidhm | Comhthiomsú faisnéise maidir lenár bhfoinse bithéagsúlachta chun í a bhainistiú, a chosaint agus a fheabhsú ar bhealach cuí | Tionchair dhiúltacha fhéideartha ar ár n-acmhainn bhithéagsúlachta mar gheall ar an athrú aeráide | Tá faisnéis maidir lenár bhfoinse bithéagsúlachta ríthábhachtach chun cabhrú lenár bhfoinsí nádúrtha a bhainistiú d'fhonn seirbhísí éiceachórais agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a sholáthar |

# TÉAMA 2: Cinntí maithe a dhéanamh ar son na bithéagsúlachta

**Cuspóir 2** An bhithéagsúlacht a chur i bpríomhshrutha na cinnteoireachta agus bainistiú na hacmhainne luachmhaire seo a fheabhsú

| Gníomhartha Bithéagsúlachta | Gníomhaireachtaí & Comhpháirtithe | Táscairí | Sprioc | Tionchair an Athraithe Aeráide | Seiceáil ó thaobh na hAeráide de |
|---|---|---|---|---|---|
| **2.1** Treoir maidir le dea-bhainistíocht a fhorbairt do ghnáthóga agus speicis thábhachtacha laistigh de DLR, agus iad seo a chur in iúl don phobal, an lucht cinnteoireachta, úinéirí talún, bainisteoirí agus úsáideoirí talún eile **(2023)** | Rannóg Pleanála DLR,<br>Forbróirí, Úinéirí Talún, ceithre Údarás Áitiúil Bhaile Átha Cliath, NPWS | Líon na dtreoirlínte a táirgeadh lena n-áirítear:<br>• Treoir maidir le cúrsaí uisce a bhainistiú le haghaidh Dobharcú<br>• Treoir Éiceolaíoch um Ghlasbhealaí a Dhearadh<br>• Pleananna Gníomhaíochta um Ghnáthóga thar an gceithre Údarás Áitiúil Bhaile Átha Cliath<br>• Bainistíocht Ionsrutha um Bithéagsúlacht – Treoir agus Gearrchomhráite Roimh Obair – oibreacha Uisce agus Draenála (Oiliúint Bhithéagsúlachta)<br>• Treoir Dea-Chleachtais maidir le Speicis Ionracha le haghaidh Forbróirí agus Údaráis Áitiúla | Comhairle agus treoir a sholáthar faoi ghnáthóga agus speicis thábhachtacha | Is iad na tionchair a bhíonn ag daoine, brúnna úsáide talún, athrú aeráide agus speicis ionracha is mó a chuireann leis an gcaillteanas bithéagsúlachta | Treoir a sholáthar, caillteanas bithéagsúlachta a laghdú, ionas gur féidir le bithéagsúlacht seirbhísí éiceachórais agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a sholáthar |
| **2.2** Ionchur i bPlean Forbartha an Chontae, Pleananna Ceantair Áitiúil, Orduithe um Limistéir Taitneamhachta Speisialta, Straitéis an Chontae maidir le Crainn, agus Measúnacht ar nádúr an Tírdhreacha Stairiúil, gach ceann acu a d'fhéadfadh dul i ngleic leis an mbithéagsúlacht ag leibhéal áitiúil **(2021-2025)** | Pleanáil Chun Cinn DLR<br>Forbairt Pleanála DLR | Rinneadh na Cuspóirí agus na Gníomhartha a sainaithníodh ó Phlean Gníomhaíochta an Chontae um Bithéagsúlacht a chomhtháthú i ngach Plean DLR<br>Líon na mBeartas agus na bPleananna ag léiriú chomhtháthú na Bithéagsúlachta<br>Úsáid na Léarscáileanna Líonra Éiceolaíoch le heolas a chur ar fáil do bheartais agus pleananna | Cuspóirí Bithéagsúlachta ó Phlean Gníomhaíochta an Chontae um Bithéagsúlacht a chomhtháthú i ngach Beartas agus Pleanáil DLR | Beidh caillteanais i seirbhísí éiceachórais mura bhfuil smaointeoireacht chomhleanúnach ann maidir leis an athrú aeráide agus cailliúint bithéagsúlachta i ngeall ar an tionchar a bheadh ag an dá rud | Cur chuige cinnteoireachta níos comhtháite i dtaca leis an athrú aeráide agus bithéagsúlacht a sholáthar |

*ar lean*

| Gníomhartha Bithéagsúlachta | Gníomhaireachtaí & Comhpháirtithe | Táscairí | Sprioc | Tionchair an Athraithe Aeráide | Seiceáil ó thaobh na hAeráide de |
|---|---|---|---|---|---|
| **2.3** Iniúchadh a dhéanamh ar bheartais na comhairle agus pleananna atá ann faoi láthair chun an bhithéagsúlacht a dhéanamh níos lárnaí **(2024)** | Na Rannóga DLR uile | • Beartais, treoirlínte agus sásraí riaracháin a sainaithníodh trí Iniúchadh Bithéagsúlachta<br>• Beartais, Pleananna agus Tionscadail ag léiriú chomhtháthú na Bithéagsúlachta<br>• Líon na ngníomhartha a cuireadh i gcrích ón bPlean Gníomhaíochta maidir leis an Athrú Aeráide 2019-2024 de chuid DLR a bhaineann leis an mbithéagsúlacht<br>• Líon na ngníomhartha a cuireadh i gcrích ó Phlean Gníomhartha IAS (an tSeirbhís Iniúchóireachta Inmheánach) DLR a bhaineann le bithéagsúlacht<br>• Tionscadail a léiríonn athchóiriú agus caomhnú i dtaca le héiceachórais<br>• Treoir a cuireadh i gcrích maidir le Cosaint ar Thuilte Dúlra-Bhunaithe a chur i bhfeidhm<br>• Prionsabail agus Ceardlann<br>• Úsáid Léarscáil Líonra Éiceolaíoch an Chontae le heolas a dhéanamh do bheartais agus pleananna | Bearnaí a shainaithint agus a chinntiú go bhfuil bithéagsúlacht curtha isteach i ngach beartas agus plean DLR | Beidh caillteanais i seirbhísí éiceachórais mura bhfuil smaointeoireacht chomhleanúnach ann maidir leis an athrú aeráide agus cailliúint bithéagsúlachta i ngeall ar an tionchar a bheadh ag an dá rud | Cur chuige cinnteoireachta níos comhtháite i dtaca leis an athrú aeráide agus bithéagsúlacht a sholáthar |
| **2.4** Plean Gníomhaíochta maidir le Speicis Choimhthíocha Ionracha a dhéanamh agus an cur i bhfeidhm agus monatóireacht ar na gníomhartha a chinntiú **(Plean 2021 curtha le chéile, 2022-2025 Monatóireacht)** | Na Rannóga DLR uile,<br>NBDC,<br>NPWS,<br>Pobail Áitiúla | • Plean Gníomhartha IAS DLR curtha i gcrích<br>• Tionscadal Iora Glas– leanúnach i gcomhairle le NPWS<br>• Léarscáil IAS de chuid DLR a chríochnú<br>• Ceannasaithe Rannóga DLR a bhunú le haghaidh gníomhartha IAS<br>• Líon na ngníomhartha curtha i gcrích ag Ceannasaithe Rannóga éagsúla faoi 2025 | Déantar speicis ionracha a shainaithint, speicis tosaíochta a rialú nó a dhíothú, agus conairí a bhainistiú d'fhonn tionchar speicis ionraigh ar bhithéagsúlacht a chosc | Is iad tionchair dhaonna, brúnna úsáide talún, athrú aeráide agus speicis ionracha na rudaí is mó a chuireann leis an gcaillteanas bithéagsúlachta | Cur chuige cinnteoireachta níos comhtháite i dtaca leis an athrú aeráide agus bithéagsúlacht a sholáthar |
| **2.5** Pleananna bainistithe bithéagsúlachta do spásanna oscailte ar le DLR iad a fhorbairt agus pleananna atá ann cheana a uasdátú **(2024)** | Páirceanna DLR, Uisce agus Draenáil DLR | Suirbhéanna éiceolaíochta agus pleananna bainistíochta páirceanna | Bithéagsúlacht inár bpáirceanna a bhainistiú | Beidh caillteanais i seirbhísí éiceachórais mura bhfuil smaointeoireacht chomhleanúnach ann maidir leis an athrú aeráide agus cailliúint bithéagsúlachta i ngeall ar an tionchar a bheadh ag an dá rud | Cur chuige cinnteoireachta níos comhtháite i dtaca leis an athrú aeráide agus bithéagsúlacht a sholáthar |
| **2.6** Ár léarscáileanna Líonra Éiceolaíoch a fhorbairt le heolas a dhéanamh don phleanáil agus don chinnteoireacht **(2021-2025)** | Rannóga DLR, NPWS, NBDC | Ionchur ar an Straitéis um Bonneagar Glas (GI) nua i gcomhréir leis an Straitéis GI an AE agus ról bunúsach bithéagsúlachta, a chosaint agus a feabhsú san áireamh | Ár Líonra Éiceolaíochta a chosaint<br>Athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a mhéadú | Féadann ilroinnt agus damáiste dár Líonra Éiceolaíoch teacht ón athrú aeráide | Cabhróidh cosaint ár Líonra Éiceolaíoch (atá ina chrann taca dár Bhonneagar Glas) lenár n-athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, bagairtí amhail tuilte san áireamh |

*ar lean*

| Gníomhartha Bithéagsúlachta | Gníomhaireachtaí & Comhpháirtithe | Táscairí | Sprioc | Tionchair an Athraithe Aeráide | Seiceáil ó thaobh na hAeráide de |
|---|---|---|---|---|---|
| **2.7** Treoir a dhéanamh ar ghnóthachan glan don bhithéagsúlacht, lena n-áirítear treoir do straitéisí, pleanáil, bearta maolaithe agus infhéistíocht i mbonneagar glas **(2023)** | Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Pleanáil DLR, Éiceolaithe Comhairleacha, Forbróirí | Treoir ar ghnóthachan glan don Bhithéagsúlacht curtha i gcrích | Is cur chuige é Ghnóthachan Glan Bithéagsúlachta a bhfuil sé mar aidhm aige an timpeallacht nádúrtha a fhágáil agus í níos fearr ná mar a bhí sí roimhe | D'fhéadfadh sé go mbeidh caillteanas bithéagsúlachta ann mar thoradh ar thionchair an athraithe aeráide i dteannta le brúnna eile, amhail forbraíocht | Treoir a chur ar fáil ar ghnóthachan glan bithéagsúlachta agus ár gcuid athléimneachta i gcoinne an athraithe aeráide a mhéadú |
| **2.8** Treoir a fhorbairt a bhaineann leis an mBithéagsúlacht, Seirbhísí Éiceachórais agus Pleanáil, chun cabhrú leo siúd a bhfuil baint acu le Pleanáil cinntiú go mbíonn cosaint agus fheabhsú ann dár mbithéagsúlacht luachmhar le forbairt laistigh den Chontae **(2021-2025)** | Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Pleanáil DLR, Éiceolaithe Comhairleacha agus speisialtóirí Comhshaoil, Forbróirí | • Treoir ar an mBithéagsúlacht, Seirbhísí Éiceachórais agus Pleanáil<br>• Mapáil GIS comhtháite le huirlisí Pleanála GIS | Treoir a chur ar fáil do Phleanálaithe chun cabhrú le cinnteoireacht a bhaineann leis an mbithéagsúlacht | D'fhéadfadh sé go mbeidh caillteanas bithéagsúlachta ann mar thoradh ar thionchair an athraithe aeráide i dteannta le brúnna eile, amhail forbraíocht | Treoir agus uirlisí a chur ar fáil do Phleanálaithe chun á gcuid athléimneachta i gcoinne an athraithe aeráide a fheabhsú |
| **2.9** Treoir ar an dea-chleachtas don Bhithéagsúlacht agus Forbairtí Féarbhealaí chun tionchair na nglasbhealaí ar bhithéagsúlacht atá ann cheana a laghdú agus chun an bhithéagsúlacht atá ann cheana a fheabhsú agus le tairbhí bithéagsúlachta **(2022)** | Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Roinn an Bhonneagair agus an Athraithe Aeráide, Iompar DLR, Bóithre DLR, Páirceanna DLR, Éiceolaithe Comhairleacha agus speisialtóirí Comhshaoil, Innealtóirí Comhairleacha, Forbróirí | Treoir ar Ghlasbhealaí agus ar an mBithéagsúlacht | Treoir a chur ar fáil do na ranna Iompair agus Bóithre chun cabhrú leo le cinnteoireacht a bhaineann leis an mBithéagsúlacht | D'fhéadfadh sé go mbeidh caillteanas bithéagsúlachta ann mar thoradh ar thionchair an athraithe aeráide i dteannta le brúnna eile, amhail forbraíocht | Treoir a chur ar fáil ar mhaithe le cinnteoireacht níos fearr chun ár gcuid athléimneachta i gcoinne an athraithe aeráide a fheabhsú |
| **2.10** An Treoir ó Iascaigh Intíre Éireann a chur san áireamh: Pleanáil do shruthchúrsaí sa Timpeallacht Uirbeach a bheith inár gcuid bpleananna agus beartas **(2021-2025)** | Pleanáil DLR, Clár Uiscí an Údaráis Áitiúil, Iascaigh Intíre na hÉireann | Dea-chleachtas a chur i bhfeidhm inár gcuid bpleananna agus beartas | Treoir a chur ar fáil chun cabhrú le cinnteoireacht a bhaineann leis an mBithéagsúlacht. | D'fhéadfadh sé go mbeidh caillteanas bithéagsúlachta ann mar thoradh ar thionchair an athraithe aeráide i dteannta le brúnna eile, amhail forbraíocht | Treoir a chur ar fáil ar mhaithe le cinnteoireacht níos fearr chun ár gcuid athléimneachta i gcoinne an athraithe aeráide a fheabhsú, go háirithe tionchair tuilte agus chaighdeán an uisce |

*ar lean*

| Gníomhartha Bithéagsúlachta | Gníomhaireachtaí & Comhpháirtithe | Táscairí | Sprioc | Tionchair an Athraithe Aeráide | Seiceáil ó thaobh na hAeráide de |
|---|---|---|---|---|---|
| **2.11** Treoir a fhorbairt chun an próiseas atá le leanúint a leagan amach maidir le háit a bhfuil féidearthacht ann go rachadh soilsiú saorga i bhfeidhm ar fhiadhúlra agus an treoir seo a chur i bhfeidhm ar fhorbairt pleanála, tionscadail nua, uasghráduithe soilsithe (aisfheistiú) agus áit ar bith a bhfuil fianaise ann go bhfuil soilsiú saorga atá ann cheana ag dul i bhfeidhm ar an bhfiadhúlra **(2022)** | Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Roinn an Bhonneagair agus an Athraithe Aeráide, Iompar DLR, Bóithre DLR, Páirceanna DLR, Éiceolaithe Comhairleacha, Innealtóirí Comhairleacha, Forbróirí | Treoir curtha ar fáil chun a chinntiú go ndéanfar soilsiú saorga a bhainistiú sa dóigh is nach gcuirfear isteach ar fhiadhúlra laistigh de ghnáthóga tábhachtacha ná nach n-easáitítear an fiadhúlra ón ngnáthóg; agus go mbeidh an fiadhúlra in ann tabhairt faoi iompraíocht ríthábhachtach, amhail sealgaireacht, atáirgeadh agus scaipeadh | Treoir a chur ar fáil chun cabhrú le cinnteoireacht a bhaineann le soilsiú saorga | D'fhéadfadh sé go mbeidh caillteanas bithéagsúlachta ann mar thoradh ar thionchair an athraithe aeráide i dteannta le brúnna eile, amhail soilsiú saorga | Treoir a chur ar fáil maidir le cinnteoireacht níos fearr chun tionchair ar an mbithéagsúlacht in aghaidh an athraithe aeráide a laghdú |
| **2.12** Oiliúint agus treoir a fhorbairt do bhainisteoirí talún agus foireann údaráis áitiúil maidir le fálta a bhainistiú **(2022-2023)** | Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Roinn an Bhonneagair agus an Athraithe Aeráide, Iompar DLR, Bóithre DLR, Páirceanna DLR, Éiceolaithe Comhairleacha agus speisialtóirí Comhshaoil, Innealtóirí Comhairleacha, Forbróirí, Bainisteoirí talún agus uinéirí talún | Treoir curtha ar fáil chun a chinntiú go ndéantar ár bhfálta a bhainistiú ar bhealach cuí agus ar bhealach nach mbeidh aon chur isteach ar fhiadhúlra laistigh de na fálta ná nach n-easáitítear an fiadhúlra ó na fálta; agus go mbeidh an fiadhúlra in ann tabhairt faoi iompraíocht ríthábhachtach, amhail sealgaireacht, atáirgeadh agus scaipeadh | Oiliúint agus treoir a chur ar fáil chun cabhrú le húinéirí talún, bainisteoirí talún agus le foireann údaráis áitiúil ina ról agus iad i mbun fálta a bhainistiú | D'fhéadfadh sé go mbeidh caillteanas bithéagsúlachta ann mar thoradh ar thionchair an athraithe aeráide i dteannta le brúnna eile, amhail droch-bhainistíocht dár gcuid fálta | Oiliúint agus treoir a chur ar fáil chun bainistiú ár bhfálta a fheabhsú chun tionchair ar an mbithéagsúlacht in aghaidh an athraithe aeráide a laghdú |

# TÉAMA 3: Gníomhaíochtaí cumhachtacha a dhéanfaidh an bhithéagsúlacht a chosaint agus sinn féin

**Cuspóir 3** An bhithéagsúlacht agus éiceachórais a chaomhnú agus a athchóiriú agus tacú le seirbhísí éiceachórais in DLR, lena n-áirítear éiceachórais chósta agus mhara

| Gníomhartha Bithéagsúlachta | Gníomhaireachtaí & Comhpháirtithe | Táscairí | Sprioc | Tionchair an Athraithe Aeráide | Seiceáil ó thaobh na hAeráide de |
|---|---|---|---|---|---|
| **3.1** Gnáthóga, speicis agus gnéithe tacaíochta a chuireann seirbhísí éiceachórais ar fáil a shainaithint agus a mhapáil **(2022)** | DLR, NPWS, EPA, Tionscadal INCASE, Comhpháirtithe Bithsféir agus eagraíochtaí eile | • Léarscáil seirbhísí éiceachórais maidir le bithéagsúlacht in DLR a chur i gcrích<br>• Líon na ngnáthóg agus speiceas a ndearnadh measúnú orthu maidir le fairsinge agus riocht.<br>• Cuntasaíocht an Chaipitil Nádúrtha DLR a chur i gcrích, ag úsáid faisnéis bhonnlíne maidir le fairsinge agus riocht | Faisnéis bhonnlíne maidir le scóráil seirbhísí éiceachórais agus cuntasaíocht an chaipitil nádúrtha | Tá an t-athrú aeráide ina bhagairt ar bhithéagsúlacht agus is é is cúis le hathruithe suntasacha maidir le soláthar seirbhísí éiceachórais atá ríthábhachtach d'fholláine an duine. | Tá eolas ar luach seirbhísí éiceachórais tábhachtach chun bithéagsúlacht a fheabhsú d'fhonn athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú |
| **3.2** Obair a dhéanamh i gcomhar leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus eagraíochtaí eile chun seirbhísí éiceachórais do ghnáthóga a scóráil ag leibhéal áitiúil in DLR **(2021-2022)** | NPWS | Léarscáil seirbhísí éiceachórais maidir le bithéagsúlacht in DLR a chur i gcrích<br>Gnáthóga le scór seirbhíse éiceachórais | Faisnéis bhonnlíne maidir le scóráil seirbhísí éiceachórais agus cuntasaíocht an chaipitil nádúrtha | Tá an t-athrú aeráide ina bhagairt ar bhithéagsúlacht agus is é is cúis le hathruithe suntasacha maidir le soláthar seirbhísí éiceachórais atá ríthábhachtach d'fholláine an duine. | Tá eolas ar luach seirbhísí éiceachórais tábhachtach chun bithéagsúlacht a fheabhsú d'fhonn athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú |
| **3.3** Ár dtuiscint ar chaipiteal nádúrtha agus seirbhísí éiceachórais a neartú agus seo a chur isteach i mbeartais agus cinnteoireacht DLR **(2021-2023)** | Na Rannóga DLR uile, NPWS | • Líon na gcur i láthair do lucht cinnteoireachta DLR, lena n-áirítear cur chun cinn agus úsáid na Seirbhísí Éiceachórais DLR – Tairbhí Beochana Bithéagsúlachta<br>• Líon na gcuspóirí a bhaineann le seirbhísí éiceachórais agus le caipiteal nádúrtha i bPlean Forbartha an Chontae DLR 2020-2025 (Bonneagar Glas san áireamh)<br>• Leanúint le Scóráil Seirbhísí Éiceachórais agus Cuntasaíocht an Chaipitil Nádúrtha a fhorbairt, a sholáthraíonn uirlisí do lucht cinnteoireachta | Seirbhísí éiceachórais a chomhtháthú i mbeartas, pleanáil agus cleachtas | Tá an t-athrú aeráide ina bhagairt ar bhithéagsúlacht agus is é is cúis le hathruithe suntasacha maidir le soláthar seirbhísí éiceachórais atá ríthábhachtach d'fholláine an duine. | An t-idirghaol idir bithéagsúlacht, seirbhísí éiceachórais agus athrú aeráide i gcinnteoireacht |

*ar lean*

| Gníomhartha Bithéagsúlachta | Gníomhaireachtaí & Comhpháirtithe | Táscairí | Sprioc | Tionchair an Athraithe Aeráide | Seiceáil ó thaobh na hAeráide de |
|---|---|---|---|---|---|
| **3.4** Deiseanna a aithint inar féidir éiceachórais a athchóiriú agus a fheabhsú lena n-áirítear éiceachórais talún, abhann, chósta agus mhara **(2022-2024)** | Na Rannóga DLR uile, NPWS, Iascach Intíre, LAWPRO, EPA, Roinn na Mara, úinéirí talún, pobail áitiúla | Athchóiriú agus feabhsú ar thionscadail éiceachórais glactha de láimh thar na rannóga DLR uile<br>Líon na dTionscadal Réitigh ar Thuilte Dúlra-bhunaithe a léirigh athchóiriú agus caomhnú éiceachóras | Infheistíocht i dtionscadail athchóirithe agus feabhsaithe éiceachórais chun caillteanas gnáthóga a mhaolú, bithéagsúlacht a chaomhnú, agus borradh a chur faoi sheirbhísí éiceachórais | Tá an t-athrú aeráide ina bhagairt ar bhithéagsúlacht agus is é is cúis le hathruithe suntasacha maidir le soláthar seirbhísí éiceachórais atá ríthábhachtach d'fholláine an duine | Bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a fheabhsú d'fhonn athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú |
| **3.5** Tionscadail chuí in DLR le speicis san fhiántas a athbhunú a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus ár mbithéagsúlacht áitiúil a mhéadú laistigh de DLR **(2022-2025)** | NPWS, Iascach Intíre, EPA, LAWPRO, Páirceanna DLR, Uisce agus Draenáil DLR, An Roinn um Bonneagar agus Athrú Aeráide, pobail áitiúla | Líon na dtionscadal cuí le speicis san fhiántas a athbhunú curtha i gcrích | Infheistíocht i dtionscadail athchóirithe agus feabhsaithe éiceachórais chun caillteanas gnáthóga a mhaolú, bithéagsúlacht a chaomhnú, agus borradh a chur faoi sheirbhísí éiceachórais | Tá an t-athrú aeráide ina bhagairt ar bhithéagsúlacht agus is é is cúis le hathruithe suntasacha maidir le soláthar seirbhísí éiceachórais atá ríthábhachtach d'fholláine an duine | Bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a fheabhsú d'fhonn athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú |
| **3.6** Líonra Éiceolaíoch an Chontae agus Bonneagar Glas DLR a chosaint, a athchóiriú agus a mhéadú. Athshlánú agus Athchóiriú Nádúir a sholáthar mar chuid dár Líonra Éiceolaíoch agus úsáid na Réiteach Nádúr-bhunaithe a chur chun cinn más féidir ár Líonra Éiceolaíoch a sholáthar agus a mhéadú leis na réitigh seo **(2021-2025)** | NPWS, Iascach Intíre, EPA, LAWPRO, Páirceanna DLR, Uisce agus Draenáil DLR, An Roinn um Bonneagar agus Athrú Aeráide agus Údaráis Áitiúla eile | Limistéar (HA) nó fad (KM) athshlánaithe | Infheistíocht i dtionscadail athchóirithe, tionscadail NBS agus líonra éiceolaíochta chun caillteanas gnáthóg a mhaolú, nascacht a mhéadú, bithéagsúlacht a chaomhnú, agus borradh a chur faoi sheirbhísí éiceachórais | Tá an t-athrú aeráide ina bhagairt ar bhithéagsúlacht agus is é is cúis le hathruithe suntasacha maidir le soláthar seirbhísí éiceachórais atá ríthábhachtach d'fholláine an duine | Bithéagsúlacht, nascacht agus seirbhísí éiceachórais a fheabhsú d'fhonn athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú |
| **3.7** Suirbhéanna agus measúnachtaí éiceolaíocha a dhéanamh ar ár ngnáthóga, lena n-áirítear fálta, aibhneacha agus sruthain, chun faisnéis a chur ar fáil maidir le limistéir a bhfuil athchóiriú de dhíth orthu chun athshlánú ár Líonra Éiceolaíoch a sholáthar **(2022-2025)** | NPWS, Ollscoileanna, Éiceolaithe | Líon na suirbhéanna a críochnaíodh agus limistéir a sainaithníodh d'athchóiriú | Ceantair bhonnlíne a bhfuil gá acu le hinfheistíocht agus athshlanu dár Líonra Éiceolaíoch a bhunú | Féadann ilroinnt agus damáiste dár Líonra Éiceolaíoch teacht ón athrú aeráide. | Beidh sé ina chabhair ár Líonra Éiceolaíochta (atá ina chrann taca dár mBonneagar Glas) a athchóiriú agus a chosaint lenár n-athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, bagairtí amhail tuilte san áireamh. |
| **3.8** Leanúint leis na gníomhartha bithéagsúlachta i bPlean Oidhreachta Oileán Dheilginse a chur i bhfeidhm **(2021-2025)** | Páirceanna DLR, Oidhreacht DLR, BWI, NPWS, Comhpháirtithe Bhithsféir | • Líon na speiceas geabhróige ag filleadh go bliantúil<br>• Líon na n-óg den speiceas geabhróige cleitithe go rathúil in aghaidh na bliana<br>• Líon na ngabhar cothabháilte ar oileán<br>• Limistéar gnáthóige gan athrú nó ag feabhsú (Ha)<br>• Láithreacht plandaí annamha | Bainistíocht Oileán Dheilginse, d'fhonn an t-oileán a chosaint agus a fheabhsú ar mhaithe le speiceas geabhróige, gnáthóga agus flóra, speiceas planda neamhchoitianta–chomh maith lena seirbhísí éiceachórais | Is iad na tionchair a bhíonn ag daoine, lena n-áirítear brúnna cuairteoirí ar limistéir nádúrtha, an t-athrú aeráide agus speicis ionracha, na rudaí is mó a chuireann le caillteanas bithéagsúlachta. | Bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a fheabhsú d'fhonn athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú |

*ar lean*

| Gníomhartha Bithéagsúlachta | Gníomhaireachtaí & Comhpháirtithe | Táscairí | Sprioc | Tionchair an Athraithe Aeráide | Seiceáil ó thaobh na hAeráide de |
|---|---|---|---|---|---|
| **3.9** Na gníomhartha do chomhairlí a leagadh amach i bPleananna Uile-Éireann um Phailneoirí 2015-2020 agus 2021- 2025, agus limistéir a chruthú don fhiadhúlra agus do phailneoirí **(2021-2025)** | Rannóga DLR, Pobail Áitiúla e.g.Bailte Slachtmhara, Cumainn Chónaitheoirí; NBDC | • Ceantair Phailneoirí cruthaithe agus méadaithe • Feabhsuithe Bithéagsúlachta Conairí Fiadhúlra agus Bonneagar Glas san áireamh • Gníomhartha na Comhairle fabhrach do phailneoirí atá curtha i gcrích • Scóráil Seirbhísí Éiceachórais ar Bhithéagsúlacht agus Conairí Fiadhúlra agus leibhéal na scórála méadaithe a baineadh amach trí athchóiriú gnáthóige, feabhsuithe agus tionscadail le speicis san fhiántas a athbhunú. | Limistéir atá fabhrach do phailneoirí ar fud an chontae a mhéadú | Féadann cailleteanas conairí fiadhúlra agus tearmann chomh maith le caillteanas pailneoirí teacht as brúnna an athraithe aeráide, le caillteanas seirbhísí éiceachórais mar thoradh air sin. | Bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a fheabhsú d'fhonn athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú |
| **3.10** Láithreáin neadaithe an ghabhláin ghaoithe a chosaint nuair is féidir; Láithreáin úra a bhunú i réadmhaoin phoiblí agus phríobháideach; agus boscaí neadaithe saorga don ghabhlán gaoithe a iarraidh mar chuid d'fhorbairt chuí úr in DLR **(2021-2025)** | Rannóga DLR, Scoileanna, Grúpa um Chaomhnú Gabhlán Gaoithe, BWI | Líon na mboscaí neadaithe don ghabhlán gaoithe rathúla agus monatóireacht orthu siúd Léarscáil curtha i gcrích maidir leis na háiteanna a bhfuil neadaithe don ghabhlán gaoithe reatha agus nuachruthaithe | Cabhrú le líonta gabhláin ghaoithe teacht slán ó na bagairtí a bhaineann leis an athrú aeráide agus dul i ngleic leis na bagairtí do gabhláin ghaoithe ón athchóiriú seanfhoirgneamh agus ón bhforbraíocht | Tá an méadú atá tagtha ar líon na stoirmeacha agus droch-aimsir ag imirt tionchar ar imirce gabhláin ghaoithe agus ag bagairt ar a líonta i ngeall ar an athrú aeráide, chomh maith le hathchóiriú seanfhoirgneamh a bhíonn ina gcúis le caillteanas láithreán neadaithe. | Bithéagsúlacht a fheabhsú d'fhonn athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú |
| **3.11** Leanúint le Tionscadal an Iora Rua agus an tionscadal a leathnú amach go Cnoc na Raithní **(2021-2025)** | Taighde NPWS, COBÁC, Páirceanna DLR | Ioraí rua óga go bliantúil i gCnoc Chill Iníon Léinín agus líon inmharthanach Ioraí rua i gCnoc na Raithní | Chun cabhrú le líon na nIoraí Rua a choinneáil beo i bPáirc Chnoc Chill Iníon Léinín agus monatóireacht ar a n-úsáid a dhéanamh i bPáirc Chnoc na Raithní | Imríonn ilroinnt gnáthóg agus caillteanas gnáthóg mar gheall ar an athrú aeráide tionchar ar líon na n-ioraí rua agus a marthanacht | An bhithéagsúlacht a chosaint d'fhonn athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú |
| **3.12** Leanúint leis an mBogach Cailcreach agus Flóra a chosaint ag Baile an Rí, Cill Tiarnáin **(2021-2025)** | NPWS, Uisce agus Draenáil DLR | Suirbhéanna monatóireachta déanta gach trí bliana | Gnáthóga Iarscríbhinne tábhachtacha an AE ag Baile an Rí a chosaint agus a gcaillteanas a chosc | Is iad brúnna úsáide talún, athrú aeráide agus speicis ionracha, na rudaí is mó a chuireann le caillteanas bithéagsúlachta | An bhithéagsúlacht a chosaint d'fhonn athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú |
| **3.13** Riasc Bhaile an Bhóthair a chosaint agus a fheabhsú, limistéar cósta ar leith laistigh de DLR atá tábhachtach agus atá ina láithreán Eorpach Natura 2000 **(2021-2025)** | NPWS, An Taisce, Páirceanna DLR, Uisce agus Draenáil DLR | Clár monatóireachta forbartha agus curtha i bhfeidhm go bliantúil | Gnáthóga Iarscríbhinne tábhachtacha an AE agus speicis ag Riasc Bhaile an Bhóthair a chosaint agus a meathlú agus a gcaillteanas a chosc | Is iad brúnna úsáide talún, athrú aeráide agus speicis ionracha na rudaí is mó a chuireann le caillteanas bithéagsúlachta | An bhithéagsúlacht a chosaint d'fhonn athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú |

*ar lean*

| Gníomhartha Bithéagsúlachta | Gníomhaireachtaí & Comhpháirtithe | Táscairí | Sprioc | Tionchar an Athraithe Aeráide | Seiceáil ó thaobh na hAeráide de |
|---|---|---|---|---|---|
| **3.14** Coilíneachtaí an ghabhláin ghainimh feadh an chósta, atá in aill an chósta **(2021-2025)** | NPWS, BWI, An Roinn um Bonneagar agus Athrú Aeráide DLR, an Roinn Uisce agus Draenála | Feachtas feasachta i leith na speiceas seo a bheith ann do bhaill foirne DLR agus don phobal, go háirithe maidir le tionscadail do chosaint an chósta | Coilíneachtaí an ghabhláin ghainimh a chosaint | D'fhéadfadh sé go n-imreodh tionscadail a bhaineann leis an athrú aeráide tionchar ar an mbithéagsúlacht | An bhithéagsúlacht a chosaint d'fhonn athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú |
| **3.15** Plean Bainistíochta Gnáthóige a fhorbairt do Chósta agus Aillte Sheangánaí **(2023)** | NPWS, BWI, An Roinn um Bonneagar agus Athrú Aeráide DLR, an Roinn Uisce agus Draenála | Plean Bainistíochta Gnáthóige curtha i gcrích | Tuiscint a chur ar fáil maidir le ról bithéagsúlachta na ngnáthóg cósta feadh chósta Sheangánaí agus lena mbainistíocht chuí | D'fhéadfadh sé go n-imreodh tionscadail a bhaineann leis an athrú aeráide agus an creimeadh cósta tionchar ar an mbithéagsúlacht | An bhithéagsúlacht a chosaint d'fhonn athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú |
| **3.16** Cruthú na Réiteach Nádúrbhunaithe a chur chun cinn, amhail díonta bithéagsúlachta (díonta donna), ceantair phailneoirí, fálta dúchasacha a chur, bogaigh agus Réitigh Nádúrbhunaithe eile chun an bhithéagsúlacht a chur chun cinn mar chuid de Réitigh Nádúrbhunaithe d'fhorbairtí úra agus tionscadail eile **(2021-2025)** | Uisce agus Draenáil DLR, forbróirí, An Roinn um Bonneagar agus Athrú Aeráide, an lucht cinnteoireachta | Líon na ndíonta bithéagsúlachta san fhorbraíocht nua | Bearta breise bithéagsúlachta a sholáthar i dtimpeallacht uirbeach | D'fhéadfadh sé go mbeidh caillteanas bithéagsúlachta ann mar thoradh ar thionchair an athraithe aeráide i dteannta le brúnna eile, amhail forbraíocht | Bearta breise bithéagsúlachta a sholáthar d'fhonn athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú |
| **3.17** Bailiú shíolta áitiúla ag gairmithe cáilithe a chur chun cinn, lena n-áirítear d'fhorbairtí úra, chun ár gcuid foinsí síolta a bheith áitiúil, agus pobail a spreagadh chun síolta áitiúla a bhailiú agus a roinnt **(2021-2025)** | NPWS, Garraithe na Lus, Páirceanna DLR, Údaráis Áitiúla eile; pobail áitiúla | Tionscadal píolóta um bailiúchán síolta ó thalaimh phoiblí DLR chun síolta a chaomhnú le húsáid amach anseo i dtionscadail phobail agus i dtionscadail chaipitil. | Foinsí síolta áitiúla a choinneáil lena n-athúsáid sa chontae. Foinse síolta ó speicis phlandaí neamhchoitianta a roinnt nuair is cuí | Féadann caillteanas dár gcuid foinsí síolta áitiúla teacht as tionchair an athraithe aeráide, caillteanas ithreach i dteannta le brúnna eile, forbraíocht san áireamh | Bearta breise bithéagsúlachta a sholáthar d'fhonn athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú |
| **3.18** Leanúint le tacaíocht a thabhairt don innilt chaomhnaithe ag Páirc agus Gairdíní Chnoc na Raithní agus chun tailte poiblí eile a fhorbairt don innilt chaomhnaithe **(2021-2025)** | Cumann Droimeann na hÉireann, Páirceanna DLR, Ollscoileanna | Cluainte Chnoc na Raithní bainistithe trí innilt | Éagsúlacht na seanchluainte a choinneáil trí innilt traidisiúnta ísealtionchair | Déanfaidh an t-athrú aeráide na brúnna atá ar ár bpailneoirí agus bithéagsúlacht cheana níos measa fós | Deiseanna a sholáthar le haghaidh gnáthóga éagsúla do phailneoirí chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú |
| **3.19** Gnáthóga do reiptílí agus amfaibiaigh, a chuireann gnáthóga ar fáil do speicis eile freisin, a fhorbairt **(2023)** | Cumann Reiptíleolaíochta na hÉireann (HSI), Páirceanna DLR, An Roinn um Bonneagar agus Athrú Aeráide, agus an Roinn Uisce agus Draenála | Gnáthóga a cruthaíodh do reiptílí agus amfaibiaigh | Gnáthóga a mhéadú do reiptílí agus amfaibiaigh | D'fhéadfadh sé go mbeidh caillteanas bithéagsúlachta ann mar thoradh ar thionchair an athraithe aeráide i dteannta le brúnna eile, amhail forbraíocht | Deiseanna a sholáthar do ghnáthóga éagsúla do reiptílí agus amfaibiaigh chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú |

# TÉAMA 4: Ceangal a chothú idir daoine agus dúlra agus todhchaí dearfach a spreagadh

## Cuspóir 4: Feasacht, oiliúint agus tuiscint ar an mbithéagsúlacht, éiceachórais agus seirbhísí éiceachórais a mhéadú

| Gníomhartha Bithéagsúlachta | Gníomhaireachtaí & Comhpháirtithe | Táscairí | Sprioc | Tionchair an Athraithe Aeráide | Seiceáil ó thaobh na hAeráide de |
|---|---|---|---|---|---|
| **4.1** Oideachas a chur ar fáil agus feasacht a ardú ar an mbithéagsúlacht, ar éiceachórais agus ar sheirbhísí éiceachórais sa phobal i gcoitinne, sa lucht cinnteoireachta agus in oidí **(2021-2025)** | Scoileanna, an Tríú Leibhéal, Rannóga DLR, Roinn na Mara, NPWS, EPA , BWI<br>Oifigigh WFD, LAWPRO, Iascach Intíre | • Líon na scoileanna atá ag glacadh páirt sa chlár Seirbhísí Éiceachórais<br>• Imeachtaí poiblí bithéagsúlachta gach bliain<br>• Cur chun cinn agus úsáid bheochan DLR Seirbhísí Éiceachórais – Tairbhí Bithéagsúlachta ag daoine eile in oideachas agus in oiliúint | Eolas a chur ar fáil agus feasacht a ardú maidir le seirbhísí éiceachórais | Féadann droch-chinnteoireacht agus caillteanas bithéagsúlachta nach raibh beartaithe a bheith ann mar gheall ar easpa feasachta ar thionchair an athraithe aeráide ar sheirbhísí éiceachórais | Feasacht a ardú ar an idirghaol idir an bhithéagsúlacht, seirbhísí éiceachórais agus an t-athrú aeráide |
| **4.2** Eolas a chur ar fáil ar an mbithéagsúlacht agus ar sheirbhísí bithéagsúlachta ar shuíomh gréasáin DLR agus i bhfoilseacháin **(2021-2025)** | Na Rannóga DLR uile, Cumarsáid DLR<br>Scoileanna, an Tríú Leibhéal, Comhpháirtithe Bithsféir | • Tuairiscí chun dáta ar an Rannán Bithéagsúlachta de shuíomh gréasán DLR<br>• Uasdátuithe maidir le Nuacht na Bithéagsúlachta ar na meáin shóisialta<br>• Foilseachán an Biodiversity Tour of DLR a chur i gcrích<br>• Foilseachán an Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht a chur i gcrích<br>• Brabhsálaí Léarscáil Bhithéagsúlachta DLR do Ghnáthóga agus Speicis a chur i gcrích<br>• Fógraí bithéagsúlachta i bpáirceanna agus spásanna glasa a chur i gcrích | Feasacht ar an mbithéagsúlacht a ardú | Féadann droch-chinnteoireacht agus caillteanas bithéagsúlachta nach raibh beartaithe a bheith ann mar gheall ar easpa feasachta maidir le tionchair an athraithe aeráide ar an mbithéagsúlacht | Feasacht a ardú ar an idirghaol idir an bhithéagsúlacht, seirbhísí éiceachórais agus an t-athrú aeráide |
| **4.3** Gníomhaíochtaí agus imeachtaí a eagrú chun an bhithéagsúlacht, éiceachórais agus seirbhísí éiceachórais a chur chun cinn **(2021-2025)** | Páirceanna,<br>Scoileanna,<br>Grúpaí Oideachasúla, Pobail Áitiúla, BWI, NPWS, an Chomhairle Oidhreachta | • Cur chun cinn agus úsáid bheochan DLR Seirbhísí Éiceachórais – Tairbhí Bithéagsúlachta<br>• Imeachtaí bithéagsúlachta míosúla<br>• Imeachtaí oiliúna bithéagsúlachta na foirne<br>• Imeachtaí agus tionscadail rannpháirtíochta do Phobail Áitiúla | Feasacht ar an mbithéagsúlacht a ardú | Féadann droch-chinnteoireacht agus caillteanas bithéagsúlachta nach raibh beartaithe a bheith ann mar gheall ar easpa feasachta maidir le tionchair an athraithe aeráide ar an mbithéagsúlacht | Feasacht a ardú ar an idirghaol idir an bhithéagsúlacht, seirbhísí éiceachórais agus an t-athrú aeráide |
| **4.4** Cláir oiliúna agus oideachais a bhunú chun tuiscint ar bhithéagsúlacht, éiceachórais agus seirbhísí éiceachórais a chur chun cinn **(2021-2022)** | Eagraíochtaí oideachasúla,<br>Scoileanna Glasa,<br>an Tríú Leibhéal, Pobail áitiúla, BWI, NPWS | • Líon na scoileanna atá ag glacadh páirt sa chlár Seirbhísí Éiceachórais<br>• Líon na gCeardlann Éan Scoileanna de chuid BWI<br>• Líon na gceardlann oiliúna poiblí agus ceardlanna oiliúna bithéagsúlachta na foirne<br>• Cúrsaí oiliúna madraí i bpáirceanna agus i spásanna poiblí, tránna san áireamh, chun feasacht a ardú ar thionchair madraí ar an mbithéagsúlacht | Oiliúint agus feasacht ar an mbithéagsúlacht a ardú | Féadann droch-chinnteoireacht agus caillteanas bithéagsúlachta nach raibh beartaithe a bheith ann mar gheall ar easpa feasachta maidir le tionchair an athraithe aeráide ar an mbithéagsúlacht | Feasacht a ardú ar an idirghaol idir an bhithéagsúlacht, seirbhísí éiceachórais agus an t-athrú aeráide |

*ar lean*

| Gníomhartha Bithéagsúlachta | Gníomhaireachtaí & Comhpháirtithe | Táscairí | Sprioc | Tionchair an Athraithe Aeráide | Seiceáil ó thaobh na hAeráide de |
|---|---|---|---|---|---|
| **4.5** Samplaí dearfacha de thionscadail chomhoibríocha i bpobail áitiúla nó samhlacha taispeána a bhunú agus a chur chun cinn **(2021-2025)** | Grúpaí pobail áitiúla, Bailte Slachtmhara, grúpaí cónaitheoirí, Oibrithe deonacha DLR | Líon na dtionscadal pobail áitiúil | Pobail áitiúla a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun páirt a ghlacadh i mbithéagsúlacht | Tá tionchair an athraithe aeráide ar phobail áitiúla ag méadú. Tá tábhacht ag baint le rannpháirtíocht agus cumhachtú pobail áitiúla chun an bhithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú | Mar thoradh ar an gcomhpháirtíocht le pobail agus rannpháirtíocht an phobail a spreagadh chun rannpháirtíocht ghníomhach i gcaomhnú na bithéagsúlachta, méadaítear athléimneacht maidir leis an athrú aeráide |
| **4.6** Oideachas a chur ar fáil agus feasacht a ardú ar thionchair an athraithe aeráide ar an mbithéagsúlacht **(2021-2023)** | Scoileanna, an Tríú Leibhéal, Rannóga DLR, Roinn na Mara, NPWS, EPA , BWI, Oifigigh WFD, LAWPRO, Iascach Intíre | Líon na scoileanna atá ag glacadh páirt sa chlár Seirbhísí Éiceachórais Imeachtaí poiblí um bithéagsúlacht agus athrú aeráide Postaer ar Bhithéagsúlacht agus Athrú Aeráide DLR a chur chun cinn agus a úsáid | Eolas a chur ar fáil agus feasacht a ardú maidir le seirbhísí éiceachórais | Féadann droch-chinnteoireacht agus caillteanas bithéagsúlachta nach raibh beartaithe a bheith ann mar gheall ar easpa feasachta maidir le tionchair an athraithe aeráide ar an mbithéagsúlacht | Feasacht a ardú ar an idirghaol idir an bhithéagsúlacht, seirbhísí éiceachórais agus an t-athrú aeráide |
| **4.7** Feasacht a ardú ar na tairbhí fisiciúla agus meabhairshláinte a bhaineann leis an mbithéagsúlacht **(2021-2023)** | Grúpaí pobail áitiúla, Bailte Slachtmhara, grúpaí cónaitheoirí, Oibrithe deonacha DLR | Líon na n-imeachtaí | Eolas a chur amach agus feasacht a ardú maidir le tairbhí bithéagsúlachta | Féadann droch-chinnteoireacht agus caillteanas bithéagsúlachta nach raibh beartaithe a bheith ann mar gheall ar easpa feasachta maidir le tionchair an athraithe aeráide ar an mbithéagsúlacht | Feasacht a ardú ar an idirghaol idir an bhithéagsúlacht, tairbhí sláinte agus meabhairshláinte (mar chuid de sheirbhísí éiceachórais) agus an t-athrú aeráide |
| **4.8** Oiliúint a chur ar fáil don phobal maidir le suirbhéanna reiptílí agus amfaibiach i gcomhair le Cumann Reiptíleolaíochta na hÉireann **(2023)** | Grúpaí pobail áitiúla, Bailte Slachtmhara, grúpaí cónaitheoirí, Oibrithe deonacha DLR | Líon na n-imeachtaí oiliúna | Oiliúint a sholáthar do phobail áitiúla chun suirbhéanna a dhéanamh ar reiptílí agus amfaibaigh agus páirt a ghlacadh in eolaíocht saoránach | Féadann droch-chinnteoireacht agus caillteanas bithéagsúlachta nach raibh beartaithe a bheith ann mar gheall ar easpa feasachta maidir le tionchair an athraithe aeráide ar an mbithéagsúlacht | Mar thoradh ar an gcomhpháirtíocht le pobail agus rannpháirtíocht an phobail a spreagadh chun rannpháirtíocht ghníomhach i gcaomhnú na bithéagsúlachta, méadaítear athléimneacht maidir le hathrú aeráide |

# TÉAMA 5: Ní neart go cur le chéile

**Cuspóir 5** Éifeachtacht an chomhoibrithe a neartú idir gach páirtí leasmhar maidir leis an mbithéagsúlacht a chaomhnú, lena n-áirítear le Pobail Áitiúla, Oifigigh Bhithéagsúlachta an Údaráis Áitiúil, Clár Uiscí an Údaráis Áitiúil, an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, Cairde Éanlaith Éireann, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus Comhlachtaí Stáit eile

| Gníomhartha Bithéagsúlachta | Gníomhaireachtaí & Comhpháirtithe | Táscairí | Sprioc | Tionchair an Athraithe Aeráide | Seiceáil ó thaobh na hAeráide de |
|---|---|---|---|---|---|
| **5.1** Rannpháirtíocht a dhéanamh le pobail áitiúla agus lucht gnó chun tionscadail áitiúla bithéagsúlachta a fhorbairt **(2021-2025)** | Scoileanna, Bailte Slachtmhara, Grúpaí Cónaitheacha, Pobail Chreidimh | Líon na dtionscadal bithéagsúlachta áitiúla | Comhpháirtíochtaí le pobail a chothú do chaomhnú na bithéagsúlachta agus páirt a thabhairt do dhaoine sa bhithéagsúlacht | Féadann droch-chinnteoireacht agus caillteanas bithéagsúlachta nach raibh beartaithe a bheith ann mar gheall ar easpa feasachta maidir le tionchair an athraithe aeráide ar an mbithéagsúlacht | Mar thoradh ar an gcomhpháirtíocht le pobail agus rannpháirtíocht an phobail a spreagadh chun rannpháirtíocht ghníomhach i gcaomhnú bithéagsúlachta, méadaítear athléimneacht maidir le hathrú aeráide |
| **5.2** Obair a dhéanamh lenár gcomhpháirtithe ag Bithsféar Bhá Bhaile Átha Cliath chun úsáid inbhuanaithe d'acmhainn bhithéagsúlachta DLR sa Bhithsféar a chur chun cinn **(2021-2025)** | Comhpháirtithe Bithsféir | Imeachtaí bithsféir ar bhonn bliantúil<br>Tionscadail bhithsféir a cuireadh i gcrích<br>Gníomhartha Caomhnaithe Bithsféir a cuireadh i gcrích do DLR | Tacaíocht a sholáthar don Bhithsféar agus an Bithsféar a chur chun cinn | Bheadh tionchair an athraithe aeráide níos measa fós trí úsáid neamh-inbhuanaithe an bhithsféir | Trí úsáid inbhuanaithe an bhithsféir a spreagadh lenár gcomhpháirtithe, d'fhéadfaimis an bhithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a fheabhsú chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú |
| **5.3** Tacú le Straitéis um Dhúlra a Chaomhnú agus le Straitéis Oideachais agus Feasachta Bhithsféar Bhá Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm **(2022)** | Comhpháirtithe Bithsféir | Straitéis um Dhúlra a Chaomhnú agus Straitéis Oideachais agus Feasachta Bhithsféar Bhá Bhaile Átha Cliath a chur i gcrích<br>Gníomhartha tosaíochta a chur i bhfeidhm in DLR | Straitéis um Dhúlra a Chaomhnú agus Straitéis Oideachais agus Feasachta Bhithsféar Bhá Bhaile Átha Cliath | Féadann droch-chinnteoireacht agus caillteanas bithéagsúlachta nach raibh beartaithe a bheith ann mar gheall ar easpa feasachta maidir le tionchair an athraithe aeráide ar bhithéagsúlacht | Cabhróidh ardú feasachta agus tuisceana ar an mBithsféar agus úsáid inbhuanaithe an Bhithsféir chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú |
| **5.4** Staidéar a dhéanamh ar éiceachórais mhuirí agus tionscadail athchóirithe maidir le héiceachórais mhuirí a fhorbairt lenár gcomhpháirtithe Bithsféir **(2023)** | Comhpháirtithe Bithsféir | Líon na dtionscadal athchóirithe maidir le héiceachórais mhuirí a cuireadh i bhfeidhm lenár gComhpháirtithe Bithsféir | Cuid de na Gníomhartha Caomhnaithe Bithsféir is coiteann do na comhpháirtithe uile | Beidh caillteanas sa bhithéagsúlacht agus i seirbhísí éiceachórais mura bhfuil smaointeoireacht chomhleanúnach ann maidir lenár dtimpeallacht mhara comhroinnte i ngeall ar thionchar an athraithe aeráide | Is é an aidhm atá againn, ag obair lenár gComhpháirtithe Bithsféir, ná ár bhfaisnéis bithéagsúlachta a neartú agus a chomhroinnt agus cur chuige comhoibríoch a sholáthar ag an leibhéal níos leithne Bhá Bhaile Átha Cliath maidir le héiceachórais mhuirí. Cabhróidh sé seo, dá réir, lenár n-athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú |

*ar lean*

| Gníomhartha Bithéagsúlachta | Gníomhaireachtaí & Comhpháirtithe | Táscairí | Sprioc | Tionchair an Athraithe Aeráide | Seiceáil ó thaobh na hAeráide de |
|---|---|---|---|---|---|
| **5.5** Obair a dhéanamh le ranna an rialtais agus leis an bpobal i gcoitinne maidir le Limistéir Mhuirí faoi Chosaint a ainmniú (MPAs) **(2021-2025)** | DAFM, NPWS, EPA, Faire Cósta na hÉireann, Ollscoileanna, pobail áitiúla | Dul chun cinn maidir le hainmniúchán MPAs (Limistéir Mhuirí faoi Chosaint) | Limistéir mhuirí dár gcuid a chosaint agus úsáid inbhuanaithe na limistéar seo a spreagadh | Is bagairt thromchúiseach é an t-athrú aeráide don timpeallacht mhara agus a hacmhainní. Is lú an dóchúlacht go mbeadh athléimneacht maidir leis an athrú aeráide ag éiceachórais mhuirí díghrádaithe ná a bheadh ag éiceachórais shláintiúla atá iomlán feidhmiúil | Tá d'acmhainn ag Limistéir Mhuirí faoi Chosaint ról tábhachtach a bheith acu maidir le hathléimneacht éiceachórais a choinneáil agus a athchóiriú, bithéagsúlacht a chosaint agus refugia a chruthú ó thionchair athraithe aeráide |
| **5.6** Obair a dhéanamh le hÚdaráis Áitiúla eile chun ár bhfaisnéis ar ghnáthóga agus speicis thábhachtacha a threisiú **(2021-2025)** | FCC, DCC, SDCC agus eile | Líon na dtionscadal a cuireadh i gcrích i gcomhar le húdaráis áitiúla eile | Bithéagsúlacht a théann thar teorainneacha geografacha údarás áitiúil a chosaint | Beidh caillteanas i mbithéagsúlacht agus i seirbhísí éiceachórais mura bhfuil smaointeoireacht chomhleanúnach ann maidir le bithéagsúlacht agus athrú aeráide i ngeall ar an tionchar a bheadh ag an dá rud | Is é an aidhm atá againn, ag obair le húdaráis áitiúla eile, ná ár bhfaisnéis bithéagsúlachta a neartú agus a chomhroinnt agus cur chuige comhoibríoch a sholáthar ag an leibhéal níos leithne tírdhreacha. Cabhróidh sé seo, dá réir, lenár n-athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú |
| **5.7** Obair a dhéanamh le hÚdaráis Áitiúla eile chun maoiniú a chur ar fáil do stáidéir rianaithe satailíte d'éin gheimhridh atá liostaithe mar speicis cháilithe ar shuíomhanna Eorpacha agus speicis thábachtacha eile **(2021-2025)** | FCC, DCC, SDCC agus eile | Tionscadail a cuireadh i gcrích i gcomhar le húdaráis áitiúla eile | Bithéagsúlacht a théann thar teorainneacha geografacha údarás áitiúil a chosaint | Beidh caillteanas i mbithéagsúlacht agus i seirbhísí éiceachórais mura bhfuil smaointeoireacht chomhleanúnach ann maidir le bithéagsúlacht agus athrú aeráide i ngeall ar an tionchar a bheadh ag an dá rud | Is é an aidhm atá againn, ag obair le húdaráis áitiúla eile, ná ár bhfaisnéis bithéagsúlachta a neartú agus a chomhroinnt agus cur chuige comhoibríoch a sholáthar ag an leibhéal níos leithne tírdhreacha. Cabhróidh sé seo, dá réir, lenár n-athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú |
| **5.8** Tacaíochtaí a chur ar fáil do Chairde Éanlaith na hÉireann do Thionscadal Gheabhróga Oileán Dheilginse, caomhnú na nGabhlán Gaoithe agus tionscadail thábhachtacha éan eile **(2021-2025)** | NPWS, DLR Parks, BWI, agus Údaráis Áitiúla eile | Tionscadail a bhaineann le cosaint speicis thábhachtacha éan DLR a cuireadh i gcrích | Ár speicis thábhachtacha éan a chosaint | Is féidir tionchair an athraithe aeráide a fheiceáil sna hathruithe patrún pórúcháin agus dáiliúcháin de speicis éan agus déantar é seo níos measa fós ag brúnna eile | Cabhróidh an obair le BWI ar thionscadail a bhaineann le héin tuiscint a fháil agus dul i ngleic, nuair is féidir, le brúnna athraithe aeráide ar speicis éan |
| **5.9** Obair a dhéanamh le Clár Uiscí an Údaráis Áitiúil chun bealaí a fhorbairt lenár gconairí fiadhúlra aibhneacha agus uiscebhealaí a chosaint agus a fheabhsú **(2022)** | Uisce agus Draenáil DLR, Páirceanna DLR, Pleanáil DLR, LAWPRO, IFI | Tionscadail a bhaineann lenár gconairí fiadhúlra curtha i gcrích | Ár gconairí fiadhúlra aibhneacha tábhachtacha a chosaint | D'fhéadfadh sé go n-imreodh tionchair an athraithe aeráide, amhail buaicshreafaí aibhneacha méadaithe, creimeadh bruach abhann, bearta um chosaint ar thuilte mar fhreagairt ar athrú aeráide tionchar ar bhithéagsúlacht | Ag comhoibriú le Clár Uiscí an Údaráis Áitiúil agus comhpháirtithe eile lenár gconairí fiadhúlra, aibhneacha agus uiscebhealaigh a chosaint agus a fheabhsú agus lenár n-athléimneacht maidir leis an athrú aeráide a fhorbairt |

*ar lean*

| Gníomhartha Bithéagsúlachta | Gníomhaireachtaí & Comhpháirtithe | Táscairí | Sprioc | Tionchair an Athraithe Aeráide | Seiceáil ó thaobh na hAeráide de |
|---|---|---|---|---|---|
| **5.10** Obair a dhéanamh lenár gComhpháirtithe in Oifigí Réigiúnacha de Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO), an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus eagraíochtaí eile chun an bhithéagsúlacht a chosaint in aghaidh an Athraithe Aeráide **(2021-2025)** | CARO, Oifigeach an Athraithe Aeráide DLR, An Roinn um Bonneagar agus Athrú Aeráide DLR Rannóga, NPWS | Bithéagsúlacht - tionscadail um Chomhoibriú an Athraithe Aeráide a cuireadh i gcrích. Feasacht a mhéadú ar thionchair an athraithe aeráide ar an mbithéagsúlacht | Bithéagsúlacht a chosaint in aghaidh an athraithe aeráide agus na tionchair a bhaineann leis. | Tionchair an athraithe aeráide, amhail ilroinnt gnáthóg, caillteanas i mbithéagsúlacht, athruithe i ndáiliúcháin speiceas, speicis nach bhfuil in ann oiriúnú, mí-oiriúnuithe feineolaíochta, speicis choimhthíocha ionracha, srl. | Comhoibriú le CARO agus comhpháirtithe eile, feasacht a ardú maidir le tionchar an athraithe aeráide ar bhithéagsúlacht agus comhoibriú ar thionscadail a thacaíonn agus a chabhraíonn le bithéagsúlacht chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fhorbairt |
| **5.11** Is comhpháirtí í Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i gComhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath. Rachaidh an tOifigeach Bithéagsúlachta i mbun plé leis an bhfóram seo chun cosaint agus caomhnú na bithéagsúlachta a chur chun cinn **(2021-2025)** | Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath (DMP), Coillte | Comhoibrithe le DMP | Bithéagsúlacht inár limistéir ardtailte a chosaint | Beidh caillteanas bithéagsúlachta agus i seirbhísí éiceachórais mura mbeidh smaointeoireacht chomhleanúnach ann maidir lenár dtimpeallacht ardtailte comhrointe i ngeall ar thionchair an athraithe aeráide | Is é an aidhm atá againn, ag obair i gcomhar le Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath, ná ár bhfaisnéis bithéagsúlachta a neartú agus a chomhroinnt agus cur chuige comhoibríoch a sholáthar sna limistéir ardtailte. Cabhróidh sé seo, dá réir, lenár n-athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú. |
| **5.12** Obair a dhéanamh le Coillte Nature chun an bhithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú, an Iora Rua san áireamh **(2021-2025)** | Coillte, NPWS | Comhoibrithe le Coillte | Bithéagsúlacht inár limistéir foraoise a chosaint | D'fhéadfadh sé go mbeadh caillteanas bithéagsúlachta agus caillteanas i seirbhísí éiceachórais i ngeall ar thionchair an athraithe aeráide, amhail méadú i líon na bhfalscaithe, lotnaidí agus galair, chomh maith le brúnna a bhaineann le méadú i líon na gcuairteoirí | Is é an aidhm atá againn, ag obair i gcomhar le Coillte, ná ár bhfaisnéis bithéagsúlachta a neartú agus a chomhroinnt agus cur chuige comhoibríoch a sholáthar chun bithéagsúlacht tailte Coillte a bhainistiú. Cabhróidh sé seo, dá réir, lenár n-athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú.. |
| **5.13** Obair a dhéanamh lenár gcomhghleacaithe ar fud na heagraíochta seo againn féin i gComhairle Contae DLR agus comhobair a dhéanamh ar thionscadail bhithéagsúlachta, lena n-áirítear tionscadail ar Réitigh Nádúrbhunaithe **(2021-2025)** | Rannóga DLR | Tionscadail Réitigh Nádúrbhunaithe Chomhairle Contae DLR | Comhoibrithe maidir le bithéagsúlacht a mhéadú ar fud Chomhairle Contae DLR | Beidh caillteanas i mbithéagsúlacht agus i seirbhísí éiceachórais mura bhfuil smaointeoireacht chomhleanúnach ann maidir le bithéagsúlacht agus athrú aeráide i ngeall ar an tionchar a bheadh ag an dá rud | Ag comhoibriú laistigh de Chomhairle Contae DLR, tá sé mar aidhm againn cur chuige comhoibríoch a neartú do bhainistiú agus cosaint bithéagsúlachta maidir le tionscadail na Comhairle Contae DLR. Cabhróidh sé seo, dá réir, lenár n-athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú. |

| Gníomhartha Bithéagsúlachta | Gníomhaireachtaí & Comhpháirtithe | Táscairí | Sprioc | Tionchair an Athraithe Aeráide | Seiceáil ó thaobh na hAeráide de |
|---|---|---|---|---|---|
| **5.14** Obair a dhéanamh leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus le grúpaí pobail chun pleananna bainistíochta coillte a dhéanamh ar mhaithe le Coillte Bhaile Uí Lachnáin agus Coillte Mhic Shíomóin agus iad ar fad cosanta mar Limistéir Oidhreachta Náisiúnta (pNHA) a chosaint **(2022-2024)** | NPWS, grúpaí pobail | Plean Bainistíochta Coillte le haghaidh pNHA Choillte Bhaile Uí Lachnáin agus an Plean Bainistíochta Coillte le haghaidh pNHA Choillte Mhic Shíomóin a chríochnú | Ár gcoillte dúchasacha a chosaint | D'fhéadfadh sé go mbeadh caillteanas bithéagsúlachta agus caillteanas i seirbhísí éiceachórais i ngeall ar thionchair an athraithe aeráide, amhail méadú i líon na bhfalscaithe, lotnaidí crainn agus galair, chomh maith le méadú ar líon na speiceas ionrach | Ag obair le pobail le cinntiú go mbeidh pleananna bainistíochta cuimsithí ag an dá choill dhúchasacha atá in DLR chun na limistéir thábhachtacha seo a chaomhnú chun go bhféadfaidh siad leanúint le carbón a shú. |
| **5.15** Rannpháirtíocht a dhéanamh le hinstitiúidí tríú leibhéal chun tacú le taighde ar an mbithéagsúlacht in DLR agus é a fhorbairt **(2021-2025)** | Institiúidí Tríú Leibhéal, Ollscoileanna | Tionscadail taighde mac léinn | Sonraí eolaíocha bithéagsúlachta a fhorbairt a bheadh mar chabhair d'údaráis áitiúla | Tionchair dhiúltacha fhéideartha ar ár n-acmhainn bhithéagsúlachta mar gheall ar an athrú aeráide | Tá faisnéis ar ár n-acmhainn bhithéagsúlachta ríthábhachtach le cabhrú lenár n-acmhainní nádúrtha a bhainistiú chun seirbhísí éiceachórais agus seasmhacht in éadan an athraithe aeráide a chur ar fáil |

## Ár bplean a chur i bhfeidhm agus rianú a dhéanamh air

| Gníomhartha Bithéagsúlachta | Gníomhaireachtaí & Comhpháirtithe | Táscairí | Sprioc | Tionchair an Athraithe Aeráide | Seiceáil ó thaobh na hAeráide de |
|---|---|---|---|---|---|
| Athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus rath na nGníomhartha a moladh sa Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht 2019-2024 agus ar phleananna a dhéanfar as seo amach **(2021-2025)** | Oifigeach Bithéagsúlachta DLR | • Líon na nGníomhartha Bithéagsúlachta curtha i bhfeidhm<br>• Rath an ghníomh a cuireadh i bhfeidhm a rianú<br>• Athbhreithniú bliantúil agus cur i láthair don Ghrúpa Stiúrtha<br>• Cruinniú bliantúil an Ghrúpa Stiúrtha<br>• An tuarascáil a fhoilsiú ar leathanaigh ghréasáin DLR | Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na nGníomhartha Bithéagsúlachta | Tionchair dhiúltacha fhéideartha ar ár n-acmhainn bhithéagsúlachta mar gheall ar an athrú aeráide | Tá sé tábhachtach monatóireacht a dhéanamh ar ár bplean chun athléimneacht i gcoinne an Athraithe Aeráide a chothú |

# Aguisín 2: Láithreáin Chaomhantais Dúlra

**Tábla 1: Láithreáin Chaomhantais Dúlra Idirnáisiúnta agus Náisiúnta in DLR atá faoi chosaint**

| Uimhir an láithreáin | Ainm an láithreáin | Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA) | Limistéir Oidhreachta Náisiúnta faoi chosaint (pNHA) | Limistéar Chaomhantais Speisialta (SAC) |
|---|---|---|---|---|
| **00210** | SAC Chuan Bhaile Átha Cliath Theas | | ✔ | ✔ |
| **004024** | SPA Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus Inbhear na Tulchann (Riasc Bhaile an Bhóthair san áireamh) | ✔ | | |
| **004172** | SPA Oileán Dheilginse | ✔ | ✔ | |
| **004040** | SPA Shléibhte Chill Mhantáin | ✔ | | |
| **001205** | Limistéir Oidhreachta Náisiúnta faoi chosaint (pNHA) Riasc Bhaile an Bhóthair | ✔ | ✔ | |
| **001206** | pNHA Chrios Chósta Dheilginse agus Chnoc Chill Iníon Léinín | | ✔ | |
| **001753** | pNHA Choill Mhic Shíomóin | | ✔ | |
| **001211** | pNHA Choillte Bhaile Uí Lachnáin | | ✔ | |
| **001207** | pNHA na Foithre | | ✔ | |
| **001202** | pNHA Phortach Bhaile Biataigh | | ✔ | |
| **000713** | SAC Ghleann Bhaile Maine | | ✔ | ✔ |
| **00725** | SAC Choill Chnoc Sinche (atá ina Anaclann Dúlra freisin) | | ✔ | ✔ |
| **002122** | SAC Shléibhte Chill Mhantáin | ✔ | | ✔ |
| **003000** | SAC Chloch Dábhiolla go hOileáin Dheilginse | | | ✔ |

*Nóta: SPA -Limistéar faoi Chosaint Speisialta (Éin), SAC - Limistéar Chaomhantais Speisialta, pNHA - Limistéir Oidhreachta Náisiúnta Beartaithe*

Le tuilleadh eolais a fháil ar ainmniú idirnáisiúnta agus náisiúnta, féach www.npws.ie.

**Tábla 2: Suíomhanna Bithéagsúlachta atá Tábhachtach go hÁitiúil (LIBS)2021**

| | |
|---|---|
| **LIBS01** | Páirc agus imeallbhord Sheanganaí |
| **LIBS02** | Cnoc Charraig Uallacháin agus Mianach Luaidhe Bhaile Mhic Fheorais |
| **LIBS03** | Foraois Bharr na Slinneán agus an Scailp |
| **LIBS04** | Abhainn agus Aill Sheangánaí |
| **LIBS05** | Páirc Chábán tSíle |
| **LIBS06** | Gleann an Draoi |
| **LIBS07** | Gleann an Draoi Thoir |
| **LIBS08** | Droichead Áth na Coirre |
| **LIBS09** | Bóthar Bhaile Mhic Fheorais/Tigh an Chnoic |
| **LIBS10** | Talamh Féaraigh Bhaile Mhic Fheorais/Bhaile an Rí |
| **LIBS11** | Baile Chuag |
| **LIBS12** | Sliabh an Ghleanna Dhuibh |
| **LIBS13** | Páirc na Carraige Duibhe |
| **LIBS14** | Fuaráin Ghleann na Tulaí Choill na Silíní |
| **LIBS15** | Baile Uí Chearnaigh |
| **LIBS16** | Gleann Ghleann Cuilinn |
| **LIBS17** | Binn Dá Charraig agus An Baile Breac |
| **LIBS18** | Cill Mochióg |
| **LIBS19** | Páirc Mharlaí |
| **LIBS20** | Páirc Chnoc na Raithní |
| **LIBS21** | Galfchúrsa DL - Baile Maine |

*Nóta: Is liosta tosaigh de na Suíomhanna Bithéagsúlachta atá Tábhachtach go hÁitiúil (LIBS) agus cuirfear leis de réir mar a chríochnófar suirbhéanna sna blianta amach romhainn.*

Chun faisnéis a fháil ar ár Suíomhanna Bithéagsúlachta atá Tábhachtach go hÁitiúil, téigh chuig ár leathanaigh ghréasáin ar Bhithéagsúlacht DLR ag www.dlrcoco.ie.

Is ceantair iad na Suíomhanna Bithéagsúlachta atá Tábhachtach go hÁitiúil (LIBS) atá ainmnithe ag Rannóg Bithéagsúlachta DLR agus atá taobh amuigh de láithreáin chaomhantais dúlra idirnáisiúnta agus náisiúnta, ach a chuireann líonra de sheirbhísí ar fáil (seirbhísí bithéagsúlachta san áireamh) ar fud an chontae. Níl ainmniú foirmeálta acu, ach is féidir leo aird a tharraingt ar láithreáin arbh fhiú iad a chosaint nó a fheabhsú agus a thugann tairbhí sa bhreis chomh maith le tacaíocht don líonra limistéar faoi chosaint. Ní bhíonn siad san áireamh leis na limistéir atá faoi chosaint ná ní bhíonn siad ag forluí ar a chéile, ach féadann sé go mbeidh siad in aice leo nó nasctha leo.

# Acrainmneacha



| | |
|---|---|
| BCI | Caomhnú Ialtóg Éireann |
| BSBI | Cumann Luibheolaíochta na Breataine agus na hÉireann |
| BWI | Cairde Éanlaith Éireann |
| CARO | Oifigí Réigiúnacha de Ghníomhú ar son na hAeráide |
| DCC | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath |
| DMP | Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath |
| DLR | Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin |
| GCC | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) |
| FCC | Comhairle Contae Fhine Gall |
| HSI | Cumann Reiptíleolaíochta na hÉireann |
| IFI | Iascaigh Intíre na hÉireann |
| LAWPRO | Clár Uiscí an Údaráis Áitiúil |
| NBDC | Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta |
| NPWS | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra |
| SDCC | Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas |

# Creidiúintí Grianghraf

©Shutterstock: Ich 2 Iora Rua; Ich 10 Dobharchú; Ich 18 Cadhan; Ich 42 Magairlíní na mbeach; Ich 43 Nuacht bhallach, Ich 46 Sionnach, Snáthaid mhór; Ich 55 Frog Coitianta; Ich 58 Gráinneog; Ich 64 Broc; Ich 82-83 Magairlín na stuaice.

©Nigel Motyer: Ich 32 Rón glas; Ich 48 Oileán Dheilginse

©Darren Blackmore ag DB Garden & Landscape Services: Ich 42 Láithreán Trasghluaiseachta Magairlíní

©Mark George: Ich 59 Gneithe gairdín.

Gach íomha eile ©DLR





Comhairle Contae County Council



dearadh le www.pwenhouse.ie